"Nuair a cheanglaítear ar an gComhairle gníomhú trí thromlach cáilithe de bhun na fomhíre roimhe seo, déanfar vótaí a comhaltaí a ualú i gcomhréir le hAirteagal 148(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus, chun go nglacfar iad, is gá do ghníomhartha na Comhairle cuid nach lú ná 64 vóta ina bhfabhar arna gcaitheamh ag 11 comhalta ar a laghad."

3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír d'Airteagal K.4(3) de Chonradh AE:

"Nuair a cheanglaítear ar an gComhairle gníomhú trí thromlach cáilithe, déanfar vótaí a comhaltaí a ualú i gcomhréir le hAirteagal 148(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus, chun go nglacfar iad, is gá do ghníomhartha na Comhairle cuid nach lú ná 64 vóta ina bhfabhar arna gcaitheamh ag 11 comhalta ar a laghad."

4. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte den dara fomhír de phointe 2 den Phrótacal maidir le beartas sóisialta atá i gceangal le Conradh CE:

"De mhaolú ar Airteagal 148(2) den Chonradh, measfar go bhfuil gníomhartha na Comhairle a dhéantar de bhun an Phrótacail seo agus nach mór a ghlacadh trí thromlach cáilithe glactha amhlaidh má chaitear 54 vóta ar a laghad ina bhfabhar."

CAIBIDIL 3

An Coimisiún

Airteagal 16

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 9(1) de Chonradh CEGC, na chéad fhomhíre d'Airteagal 157(1) de Chonradh CE agus na chéad fhomhíre d'Airteagal 126(1) de Chonradh CEFA:

"1. Beidh ar an gCoimisiún 21 comhalta, a roghnófar de bharr a n-inniúlachta i gcoitinne agus nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras."

CAIBIDIL 4

An Chúirt Bhreithiúnais

Airteagal 17

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre d'Airteagal 32 de Chonradh CEGC, na chéad mhíre d'Airteagal 165 de Chonradh CE agus na chéad mhíre d'Airteagal 137 de Chonradh CEFA:

"17 Breitheamh a bheidh ar an gCúirt Bhreithiúnais."

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre d'Airteagal 2 de Chinneadh ón gComhairle 88/591/CEGC, CEE, CEFA:

"16 Breitheamh a bheidh ar an gCúirt Chéadchéime."

Airteagal 18

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír d'Airteagal 32 de Chonradh CEGC, an dara mír d'Airteagal 165 de Chonradh CE, an dara mír d'Airteagal 137 de Chonradh CEFA agus na chéad mhíre d'Airteagal 18 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais CEGC:

"Suífidh an Chúirt Bhreithiúnais i seisiún iomlánach. Féadfaidh sí, áfach, eagar dlísheomraí a chur uirthi féin, a mbeidh triúr, cúigear nó seachtar Breithiúna i ngach dlísheomra díobh, chun réamhfhiosrúcháin áirithe a ghabháil ar láimh nó chun breith a thabhairt ar chásanna de chineálacha áirithe i gcomhréir le rialacha arna leagan síos chun na gcríoch sin."

Airteagal 19

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír d'Airteagal 18 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, Airteagal 15 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Chomhphobail Eorpaigh agus Airteagal 15 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

"Ní bheidh breitheanna na Cúirte bailí ach amháin nuair is uimhir chorr dá comhaltaí a bheidh ina suí le linn an phlé. Beidh breitheanna na Cúirte iomláine bailí má bhíonn naoi gcomhalta ina suí. Ní bheidh breitheanna na ndlísheomraí a bhfuil triúr nó cúigear iontu bailí ach amháin má tá triúr Breithiúna ina suí. Ní bheidh breitheanna na ndlísheomraí a bhfuil seachtar iontu bailí ach amháin má tá cúigear Breithiúna ina suí. Mura féidir do dhuine de na Breithiúna dlísheomra bheith i láthair, féadfar glaoch ar Bhreitheamh dlísheomra eile chun suí i gcomhréir le coinníollacha arna leagan síos sna rialacha nós imeachta."

Airteagal 20

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre d'Airteagal 32a de Chonradh CEGC, na chéad mhíre d'Airteagal 166 de Chonradh CE agus na chéad mhíre d'Airteagal 138 de Chonradh CEFA:

"Beidh ocht nAbhcóide Ginearálta de chúnamh ag an gCúirt Bhreithiúnais."

Airteagal 21

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír agus an tríú mír d'Airteagal 32b de Chonradh CEGC, an dara mír agus an tríú mír d'Airteagal 167 de Chonradh CE agus an dara mír agus an tríú mír d'Airteagal 139 de Chonradh CEFA:

"Athrófar cuid de na Breithiúna i gceann gach trí bliana. Athrófar naonúr agus ochtar díobh gach re seach.

Athrófar cuid de na hAbhcóidí Ginearálta i gceann gach trí bliana. Athrófar ceathrar díobh ar gach ócáid."

CAIBIDIL 5

An Chúirt Iniúchóirí

Airteagal 22

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 45b(1) de Chonradh CEGC, Airteagal 188b(1) de Chonradh CE agus Airteagal 160b(1) de Chonradh CEFA:

"1. 16 comhalta a bheidh ar an gCúirt Iniúchóirí."

CAIBIDIL 6

An Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta

Airteagal 23

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre d'Airteagal 194 de Chonradh CE agus na chéad mhíre d'Airteagal 166 de Chonradh CEFA:

"Is mar a leanas a bheidh líon chomhaltaí an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta:

An Bheilg	12
An Danmhairg	9
An Ghearmáin	24
An Ghréig	12
An Spáinn	21
An Fhrainc	24
Éire	9
An Iodáil	24
Lucsamburg	6
An Ísiltír	12
An Iorua	9
An Ostair	12
An Phortaingéil	12
An Fhionlainn	9
An tSualainn	12
An Ríocht Aontaithe	24".

CAIBIDIL 7

Coiste na Réigiún

Airteagal 24

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír d'Airteagal 198a de Chonradh CE:

"Is mar seo a leanas a bheidh líon chomhaltaí Choiste na Réigiún:

An Bheilg	12
An Danmhairg	9
An Ghearmáin	24

An Ghréig	12
An Spáinn	21
An Fhrainc	24
Éire	9
An Iodáil	24
Lucsamburg	6
An Ísiltír	12
An Iorua	9
An Ostair	12
An Phortaingéil	12
An Fhionlainn	9
An tSualainn	12
An Ríocht Aontaithe	24".

CAIBIDIL 8

Coiste Comhairleach CEGC

Airteagal 25

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre d'Airteagal 18 de Chonradh CEGC:

"Gabhfaidh Coiste Comhairleach leis an gCoimisiún. 87 comhalta ar a laghad agus 111 ar a mhéad a bheidh ar an gCoiste agus cuimseoidh sé comhlíon de tháirgeoirí, d'oibrithe agus de thomhaltóirí agus déileálaithe."

CAIBIDIL 9

An Coiste Eolaíoch agus Teicniúil

Airteagal 26

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 134(2) de Chonradh CEFA:

"2. 39 comhalta a bheidh ar an gCoiste agus is í an Chomhairle a cheapfaidh iad tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún."

TEIDEAL II

OIRIÚNUITHE EILE

Airteagal 27

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 227(1) de Chonradh CE:

"1. Beidh an Conradh seo infheidhme ar Ríocht na Beilge, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, an Poblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Éirinn, Poblacht na hIodáile, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na h-Ísiltíre, Ríocht na hIorua, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na Sualainne agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann."

Airteagal 28

Cuirtear an méid seo a leanas isteach in Airteagal 227(5) de Chonradh CE mar fhomhír (d), in Airteagal 79 de Chonradh CEGC mar fhomhír (d) agus in Airteagal 198 de Chonradh CEFA mar fhomhír (e):

"Ní bheidh an Conradh seo infheidhme ar Oileáin Åland. Ar a shon sin, féadfaidh Rialtas na Fionlainne fógra a thabhairt, tráth an Chonartha seo a dhaingniú, trí dhearbhú a thaisceadh le Rialtas Phoblacht na hIodáile go mbeidh an Conradh infheidhme ar Oileáin Åland i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach i bPrótacal Uimh. 2 a ghabhann leis an Ionstraim i dtaobh aontachas Ríocht na hIorua, Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne leis an Aontas Eorpach. Seolfaidh Rialtas Phoblacht na hIodáile cóip dheimhnithe d'aon dearbhú den sórt sin chuig na Ballstáit."

CUID A TRÍ

OIRIÚNUITHE GNÍOMHARTHA ARNA nGLACADH AG NA hINSTITIÚIDÍ

Airteagal 29

Déanfar na gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Ionstraim seo a oiriúnú mar atá sonraithe san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 30

Déanfar oiriúnuithe na ngníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Ionstraim seo agus is gá de thoradh an aontachais a tharraingt suas ar cothrom leis na treoirlínte atá leagtha amach san Iarscríbhinn sin agus i gcomhréir leis an nós imeachta agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 169.

CUID A CEATHAIR

BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA

TEIDEAL I

FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

Airteagal 31

1. Sa chéad dá bhliain tar éis an aontachais, déanfaidh gach ceann de na Ballstáit nua toghchán trí vótáil chomhchoiteann dhíreach a bpobal a chur ar siúl do Pharlaimint na hEorpa don líon ionadaithe atá socraithe in Airteagal 11 den Ionstraim seo, i gcomhréir le forálacha Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh ionadaithe do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach.

2. Amhail ón aontachas agus go ceann na tréimhse go dtí go gcuirfear ar siúl gach ceann de na toghcháin dá dtagraítear i mír 1, is iad Parlaimintí na mBallstát nua a cheapfaidh as a líon féin na hionadaithe do phobail na Stát sin i bParlaimint na hEorpa, i gcomhréir leis an nós imeachta arna leagan síos ag gach ceann de na Stáit sin.

3. Ar a shon sin, féadfaidh aon cheann de na Ballstáit nua a chinneann amhlaidh toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a chur ar siúl sa tréimhse idir síniú agus teacht i bhfeidhm na hIonstraime seo i gcomhréir le Prótacal Uimh. 8 atá i gceangal leis an Ionstraim seo.

4. Rachaidh téarma oifige na n-ionadaithe a thoghfar faoi théarmaí mhír 1 nó mhír 3 in éag i gcomhthráth le téarma oifige na n-ionadaithe arna dtoghadh sna Ballstáit láithreacha don téarma cúig bliana 1994-1999.

TEIDEAL II

BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA MAIDIR LEIS AN IORUA

CAIBIDIL 1

Saorghluaiseacht earraí

Roinn I

Caighdeáin agus comhshaol

Airteagal 32

1. Le linn tréimhse ceithre bliana ó dháta an aontachais, ní bheidh na forálacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn III infheidhme ar an Iorua, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn sin agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach inti.

2. Déanfar na forálacha dá dtagraítear i mír 1 a athbhreithniú sa tréimhse sin i gcomhréir le nósanna imeachta CE.

Gan dochar do thoradh an athbhreithnithe sin, ag deireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear i mír 1, beidh an *acquis* CE infheidhme ar na Ballstáit nua faoi na coinníollacha céanna agus atá sna Ballstáit láithreacha.

Roinn II

Ilghnéitheach

Airteagal 33

Le linn tréimhse trí bliana ó dháta an aontachais, féadfaidh Ríocht na hIorua leanúint dá córas náisiúnta láithreach chun adhmad neamhchóirithe a rangú a chur i bhfeidhm a mhéad nach sáraíonn a socruithe náisiúnta reachtaíochta agus riaracháin lena mbaineann reachtaíocht an Chomhphobail maidir leis an margadh inmheánach nó trádáil le tríú tíortha, agus go háirithe Airteagal 6 de Threoir 68/89/CEE maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hadhmad neamhchóirithe a rangú.

Le linn na tréimhse céanna, agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i gConradh CE, déanfar Treoir 68/89/CEE a athbhreithniú.

CAIBIDIL 2

Saorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus caipitil

Airteagal 34

D'ainneoin na n-oibleagáidí faoi na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, féadfaidh Ríocht na hIorua a reachtaíocht láithreach maidir le háiteanna cónaithe tánaisteacha a choimeád ar bun go ceann cúig bliana ó dháta an aontachais.

Airteagal 35

Go ceann trí bliana ó dháta an aontachais, féadfaidh Ríocht na hIorua leanúint de shrianta a chur i bhfeidhm ar úinéireacht bháid iascaigh Ioruacha ag neamhnáisiúnaigh.

CAIBIDIL 3

Iascach

Roinn I

Forálacha ginearálta

Airteagal 36

1. Mura bhforáiltear a mhalairt in aon fhoráil sa Chaibidil seo, beidh na rialacha atá leagtha síos san Ionstraim seo infheidhme ar earnáil an iascaigh.

2. Beidh Airteagail 148 agus 149 infheidhme ar tháirgí iascaigh.

Roinn II

Rochtain ar uiscí agus acmhainní

Airteagal 37

Mura bhforáiltear a mhalairt in aon fhoráil sa Chaibidil seo, beidh na socruithe don rochtain ar uiscí atá leagtha síos sa Roinn seo infheidhme le linn idirthréimhse a chríochnóidh ar an dáta a chuirfear an córas Comhphobail um cheadanna iascaireachta chun feidhme, agus ar chaoi ar bith ar dháta nach déanaí ná dáta éagtha na tréimhse atá leagtha síos in Airteagal 14(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92 ón gComhairle an 20 Nollaig 1992 ag bunú córas Comhphobail um iascach agus uisceshaothrú.

Foroinn I

Báid Ioruacha

Airteagal 38

D'fhonn iad a lánpháirtiú sa chóras Comhphobail um iascach agus uisceshaothrú arna chur ar bun i Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92 ón gComhairle, beidh rochtain ag báid faoi bhratach na hIorua atá taifeadta agus/nó cláraithe i gcalafort Ioruach, dá ngairtear "báid Ioruacha" anseo feasta, ar na huiscí a thig faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach faoi réir an chórais atá sainithe san Fhoroinn seo.

Amhail ó dháta an Aontachais, áiritheoidh an córas rochtana sin go gcoimeádfaidh an Iorua ar bun na háraigh iascaireachta mar atá leagtha amach in Airteagal 44.

Airteagal 39

1. Go dtí dáta na socruithe sonracha atá leagtha síos in Airteagail 156 go 165 agus 347 go 352 d'Ionstraim Aontachais na Spáinne agus na Portaingéile a lánpháirtiú i rialacha ginearálta an Chomhbheartais Iascaigh mar atá siad bunaithe i Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92, ní fhéadfar ach 441 bád Ioruach, atá sonraithe in Iarscríbhinn IV, dá ngairtear "an bunliosta" anseo feasta, a údarú chun bheith ag iascaireacht i Ranna CITM Vb, VI agus VII. Le linn na tréimhse ó dháta an aontachais go dtí an 31 Nollaig 1995, beidh an crios atá suite laisteas de dhomhanleithead 56°30'U, lastoir de dhomhanfhad 12°I agus lastuaidh de dhomhanleithead 50°30'U dúnta don iascaireacht seachas ag báid spléireachta.

2. Ní údarófar ach do 165 gnáthbhád le haghaidh iascaireacht do speicis ghrinnill, ar báid iad atá ar an mbunliosta, bheith ag iascaireacht an tráth céanna, ar chuntar go bhfuil siad ar liosta tréimhsiúil arna ghlacadh ag an gCoimisiún.

3. Ciallaíonn "gnáthbhád" bád ag a bhfuil 511 cileavata (kW) d'each-chumhacht choiscthe. Is iad seo a leanas na rátaí comhshó do bháid a bhfuil inneall-chumhacht dhifriúil acu:

— níos lú ná 219 kW: 0,57,

— 219 kW nó níos mó ach faoi bhun 292 kW: 0,76,

— 292 kW nó níos mó ach faoi bhun 365 kW: 0,85,

— 365 kW nó níos mó ach faoi bhun 438 kW: 0,90,

— 438 kW nó níos mó ach faoi bhun 511 kW: 0,96,

— 511 kW nó níos mó ach faoi bhun 584 kW: 1,00,

— 584 kW nó níos mó ach faoi bhun 730 kW: 1,07,

— 730 kW nó níos mó ach gan bheith thar 876 kW: 1,11,

— níos mó ná 876 kW: 2,25,

— báid spléireachta: 1,00,

— báid spléireachta a bhfuil trealamh orthu le spléir a bhaoiteáil go huathoibríoch nó a thógáil go meicniúil: 2,00.

4. Ní údarófar ach do 60 bád sa tréimhse ón 1 Nollaig go dtí an 31 Bealtaine agus do 30 bád sa

tréimhse ón 1 Meitheamh go dtí an 30 Samhain bheith ag iascaireacht do speicis pheiligeacha an tráth céanna.

5. Aon choigeartuithe is gá ar an mbunliosta toisc bád a bheith leagtha suas roimh an aontachas mar gheall ar *"force majeure"*, glacfar iad, faoin 1 Eanáir 1995 ar a dhéanaí, de réir nós imeachta Airteagal 18 de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92. Ní dhéanfaidh na coigeartuithe sin difear do líon na mbád ná dá gcionroinnt idir gach ceann de na hearnálacha ná ní thiocfaidh méadú dá thoradh ar thonnáiste foriomlán ná ar chumhacht iomlán gach earnála. Fairis sin, ní fhéadfar na báid Ioruacha a ainmneofar mar bháid ionadúcháin a roghnú ach amháin astu sin atá liostaithe in Iarscríbhinn V.

6. Féadfar líon na ngnáthbhád dá dtagraítear i mír 2 a mhéadú ar bhonn an fhoráis a bheidh tagtha ar na háraigh iascaireachta arna gcionroinnt ar an Iorua i leith stoc atá faoi réir teorainneacha ar ráta saothraithe de réir bhrí Airteagal 8 de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92 i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 8(4) den Rialachán sin.

7. De réir mar a dhéantar na báid dá dtagraítear sa bhunliosta a leagan suas nó a chur á mbriseadh, agus a scriosadh as an mbunliosta i ndiaidh an aontachais, féadfar báid den earnáil chéanna, a bhfuil inneall-chumhacht acu nach dtéann thar chumhacht na mbád a scriosadh amhlaidh, a chur ina n-ionad.

Ní chuirfear chun feidhme na coinníollacha ionadúcháin dá dtagraítear san fhomhír sin roimhe seo ach a mhéad nach ndéanfar cumas loingeas na mBallstát láithreach a mhéadú in uiscí Comhphobail an Atlantaigh.

8. Glacfar forálacha roimh an 1 Eanáir 1995, faoin nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 8(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92, arb é is aidhm dóibh a áirithiú go gcomhlíonfaidh na hoibreoirí na rialacha, lena n-áirítear na forálacha arb é is aidhm dóibh an chaoi gan a údarú don bhád i dtrácht iascaireacht ar feadh tréimhse áirithe.

Airteagal 40

1. I ndiaidh dháta na socruithe sonracha atá leagtha síos in Airteagail 156 go 165 agus 347 go 352 d'Ionstraim Aontachais na Spáinne agus na Portaingéile a lánpháirtiú i rialacha ginearálta an Chomhbheartais Iascaigh mar atá siad bunaithe i Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92 agus go dtí dáta an chórais Chomhphobail um cheadanna iascaireachta a chur i bhfeidhm, údarófar do bháid Ioruacha iascaireacht sna huiscí atá folaithe in Airteagal 39, faoi na coinníollacha arna nglacadh ag an gComhairle agus i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 8(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92.

2. Beidh an rochtain atá leagtha síos i mír 1 faoi rialú ar an dóigh chéanna leis an rochtain atá infheidhme ar bháid faoi bhratach Bhallstáit de chuid an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach, dá ngairtear "báid an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach" anseo feasta, in uiscí Comhphobail lastuaidh de 62°U.

Airteagal 41

Amhail ó dháta an aontachais agus go dtí dáta an chórais Chomhphobail um cheadanna iascaireachta a chur i bhfeidhm, údarófar do bháid Ioruacha iascaireacht in uiscí a thig faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse Bhallstáit an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach i Ranna CITM IIa, IIIa (Skaggerak) [1] agus IV, faoi choinníollacha is comhionann leo sin a bheidh infheidhme díreach roimh an gConradh Aontachais a theacht i bhfeidhm agus mar atá leagtha síos i bhforálacha ábhartha Rialachán (CE) Uimh. 3691/93 ón gComhairle.

Airteagal 42

Déanfar na modhanna teicniúla is gá chun a áirithiú go gcuirfear Airteagail 39, 40 agus 41 i bhfeidhm a ghlacadh roimh an 1 Eanáir 1995 de réir an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 18 de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92.

Airteagal 43

Amhail ó dháta an aontachais agus go dtí dáta chur i bhfeidhm an chórais Chomhphobail um cheadannna iascaireachta, údarófar do bháid Ioruacha iascaireacht in uiscí a thig faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse na Sualainne i Roinn CITM IIIa (Skaggerak), faoi choinníollacha is comhionann leo sin a bheidh infheidhme díreach roimh an gConradh Aontachais a theacht i bhfeidhm.

Déanfar rialacha mionsonraithe chur chun feidhme an Airteagail seo a ghlacadh roimh an 1 Eanáir 1995 faoin nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 18 de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92.

Airteagal 44

1. Déanfar scair d'áraigh iascaireachta an Chomhphobail, i gcás stoc atá faoi rialú ag teorainn ghabhála, atá le cionroinnt ar an Iorua a shocrú de réir speicis agus creasa mar a leanas:

[1] Sainítear an Skaggerak mar an limistéar arna theorannú thiar ag líne arna tarraingt ó theach solais Hanstholm go dtí teach solais Lindesnes agus ó dheas ag líne arna tarraingt ó theach solais Skagen go dtí teach solais Tistlarna agus ón bpointe sin go dtí an pointe is gaire ar chósta na Sualainne.

Speiceas	Roinn CITM (1) nó NAFO (2) Criosanna tagartha chun na GIIanna a shocrú	Scaireanna na hIorua (%)
Scadán	III a	13,375
Scadán (3)	II a (4), IV, VII d	29,520
Scadán	V b (5), VI a lastuaidh de 56°U, VI b	10,082
Sprot	III a	7,303
Caibeallán	NAFO 3NO	92,308
Trosc	I (6), II (6) (12)	(7)
Trosc	I (8), IIa (8)	100,000
Trosc	III a Skagerrak (9)	3,202
Trosc	III a (10)	100,000
Trosc	II a (4), IV	6,425
Trosc	NAFO 3M	15,663 (11)
Cadóg	I, II (6) (12)	94,838
Cadóg	II a (8)	100,000
Cadóg	III a, III b, c, d (5)	4,172
Cadóg	II a (4), IV	13,878
Glasán	I, II (12)	95,768
Glasán	II a (4), III (5), IV	45,895
Faoitín	III a	1,824
Faoitín	II a (4), IV	9,906
Colmóir	III (5)	5,642
Colmóir	II a (4), IV	14,896
Ronnach	II a (4), III (5), IV	65,395 (13)
Ronnach	II a (14)	88,543 (13) (19)
Ronnach	V b (5), VI, VII, VIII a, b, d, e, XII, XIV	3,911
Leathóg	III a Skagerrak	2,000
Leathóg	II a (4), IV	2,348
Sól	III (5)	2,001
Cloicheáin	III a	46,609
Cloicheáin	IV (14)	80,000
Gliomach Ioruach	III a (15), III b, c, d (5)	1,668
Gliomach Ioruach	III a (16)	100,000
Gliomach Ioruach	II a (4), IV (6)	0,765
Gliomach Ioruach	IV (8)	100,000
Caibeallán	I (14), II a (14), II b (14) (17)	100,000
Caibeallán	Jan Mayen (18)	100,000
Scadán	I, II, XIV	100,000 (20)
Scadán	Trondheim Fjord (10)	100,000

(1) Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara.

(2) Coinbhinsiún maidir le comhar iltaobhach sa todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh ("Coinbhinsiún NAFO").

(3) Amach ó scadán Ioruach a sceitheann san earrach.

(4) Uiscí an Chomhphobail ina chomhdhéanamh láithreach.

(5) Uiscí an Chomhphobail.

(6) Amach ó uiscí laistigh de 12 muirmhíle ó bhunlínte na hIorua.

(7) Go dtí an 31 Nollaig 1997 is é cuóta na hIorua an chainníocht a bheidh ar láimh an Aontais lúide 2,9 % den GII agus 11 000 t. Amhail ón 1 Eanáir 1998 is é scair na hIorua an chainníocht a bheidh ar láimh an Aontais lúide 4,470 % den GII. Nuair a thiocfaidh socrú an GII faoi fhreagracht an Aontais, socrófar scair na hIorua mar chéatadán den chuóta a bheidh ar fáil ag an Aontas, ar bhonn na bliana 1994.

(8) In uiscí laistigh de 12 muirmhíle ó bhunlínte na hIorua.

(9) Amach ó uiscí laistigh de bhunlínte na hIorua.

(10) Uiscí laistigh de bhunlínte na hIorua.

(11) Níl san áireamh sa chionroinnt seo an t-aistriú 1 000 t atá comhaontaithe ón Iorua chuig Ballstáit shonracha den Aontas ina chomhdhéanamh láithreach.

(12) Amach ó uiscí an Chomhphobail ina chomhdhéanamh láithreach.

(13) Go dtí dáta an chórais Chomhphobail um cheadanna iascaireachta a chur chun feidhme, féadfar go feadh trian den chuóta arna chionroinnt sa limistéar bainistíochta sin a ghabháil as ceachtar den dá limistéar bhainistíochta eile do ronnach mar atá sainithe sa tábla seo nó as an dá cheann. Féadfar, mar an gcéanna, go feadh trian de na cuótaí ronnaigh iartharaigh arna gcionroinnt ar an Aontas ina chomhdhéanamh láithreach a iascaireacht i gceachtar den dá limistéar bhainistíochta nó sa dá cheann. Ní dhéanann an socrú sin roimhe seo dochar don tsolúbthacht dá bhforáiltear faoi na socruithe atá ann idir an tAontas ina chomhdhéanamh láithreach agus an Iorua.

(14) In uiscí faoi fhlaitheas nó dlínse na hIorua.

(15) Amach ó uiscí laistigh de 4 muirmhíle ó bhunlínte na hIorua.

(16) In uiscí laistigh de 4 muirmhíle ó bhunlínte na hIorua.

(17) Amach ó chrios Jan Mayen.

(18) Uiscí timpeall Jan Mayen, faoi fhlaitheas nó dlínse na hIorua.

(19) Lena n-áirítear gabhálacha in uiscí idirnáisiúnta Roinn II CITM. Déanfar, mar an gcéanna, gabhálacha Bhallstáit an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach in uiscí idirnáisiúnta Roinn II CITM a áireamh in aghaidh na gcuótaí arna gcionroinnt do Ranna V b (uiscí an Chomhphobail), VI, VII, VIII a, b, d, e, XII, XIV.

(20) Níl an céatadán seo infheidhme ach amháin ar an gcuid den GII atá le hiascaireacht in uiscí faoi fhlaitheas nó dlínse na hIorua laistigh den limistéar tagartha. -irítear air freisin gabhálacha scadán Ioruach a sceitheann san earrach in uiscí Roinn IV a CITM laistigh de 12 muirmhíle ó bhunlínte na hIorua.

2. Déanfar na háraigh iascaireachta Comhphobail atá le cionroinnt ar an Iorua a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92, den chéad uair roimh an 1 Eanáir 1995.

3. Déanfar na cainníochtaí atá cionroinnte ar an Iorua de speicis nach bhfuil faoi réir teorainneacha ar rátaí saothraithe i bhfoirm teorainneacha gabhála ná faoi réir GIIanna, ach nach bhfuil cionroinnte i gcuótaí idir Ballstáit an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach, a shocrú ar bhonn cothromráta de réir speicis agus creasa mar a leanas:

Speiceas	Roinn CITM Criosanna tagartha	Scaireanna na hIorua (tonaí)
Spéirlint	IV (1)	34 000
Langa gorm	II a (1), IV (1), V b (2), VI (1), VII (1)	1 000
Langa	II a (1), IV (1), V b (2), VI (1), VII (1)	13 400
Torsca	II a (1), IV (1), V b (2), VI (1), VII (1)	6 600
Fíogach	IV (1), VI (1), VII (1)	2 660
Liamhán gréine (ae)	IV (1), VI (1), VII (1)	160
Craosaire	IV (1), VI (1), VII (1)	200
Cloicheán domhainuisce	IV (1)	100
Cuóta comh-cheangailte (3)	V b (2), VI (1), VII (1)	2 000
Speicis eile	II a (1), IV (1)	7 460
Haileabó na Graonlainne	II a (1), VI (1)	1 700
Sprot	II a (1), IV (1)	6 800
Troscán Lochlannach	II a (1), IV (1)	20 000
Bolmán	II a (1), IV (1)	5 000
Faoitín gorm	II (1), IV (1), V b (1), VI (1), VII (1)	186 700

(1) Uiscí an Chomhphobail ina chomhdhéanamh láithreach.
(2) Uiscí an Chomhphobail.
(3) Spléireacht do ghránadóirí, *Mora mora* agus colmóirí gabhlacha móra.

4. Go dtí dáta an chórais Chomhphobail um cheadanna iascaireachta a chur i bhfeidhm in uiscí an Chomhphobail ina chomhdhéanamh láithreach, ní rachaidh iarracht iascaireachta na mbád Ioruach i ndáil le speicis neamhrialaithe agus neamhchionroinnte thar na leibhéil arna sroicheadh díreach roimh an gConradh Aontachais a theacht i bhfeidhm.

Foroinn II

Báid an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach

Airteagal 45

Amhail ó dháta an aontachais agus go dtí dáta an chórais Chomhphobail um cheadanna iascaireachta a chur i bhfeidhm, beidh na forálacha uile maidir le hiascaireacht ag báid faoi bhratach Bhallstáit den Aontas ina chomhdhéanamh láithreach, dá ngairtear "báid an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach" anseo feasta, in uiscí a thig faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse na hIorua lastuaidh de 62°U, comhionann leo sin a bheidh infheidhme díreach roimh an gConradh Aontachais a theacht i bhfeidhm.

Déanfar rialacha chur chun feidhme an Airteagail seo a ghlacadh roimh an 1 Eanáir 1995 i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 18 de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92.

Airteagal 46

Amhail ó dháta an aontachais agus go dtí dáta an chórais Chomhphobail um cheadanna iascaireachta a chur i bhfeidhm, údarófar do bháid an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach iascaireacht in uiscí a thig faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse na hIorua, i Ranna CITM IIIa agus IV, faoi choinníollacha is comhionann leo sin a bheidh infheidhme díreach roimh an gConradh Aontachais a theacht i bhfeidhm.

Déanfar rialacha chur chun feidhme an Airteagail seo a ghlacadh roimh an 1 Eanáir 1995 i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 18 de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92.

Airteagal 47

1. Déanfar scair d'áraigh iascaireachta an Chomhphobail in uiscí a thig faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse na hIorua maidir le stoic seachas na stoic atá faoi láthair arna mbainisteoireacht go comhpháirteach ag an Aontas agus an Iorua, agus atá faoi réir teorainneacha gabhála, atá le cionroinnt ar an Aontas ina chomhdhéanamh láithreach a shocrú de réir speicis agus creasa mar a leanas:

Speiceas	Roinn CITM Criosanna tagartha chun na GIIanna a shocrú	Scaireanna an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach (%)
Trosc	I (2), II (2) (4)	4,470 (3) (7)
Ronnach	II a (1)	11,457
Cadóg	I (2), II (2) (4)	5,162 (7)
Glasán	I, II (4)	4,232 (7)
Deargán	I, II (4)	7,947 (5) (6) (7)
Haileabó na Graonlainne	I, II (4)	2,585 (5) (7)
Cloicheán domhainuisce	IV (1)	20,000

(1) Uiscí faoi fhlaitheas nó dlínse na hIorua.
(2) Amach ó uiscí laistigh de 12 muirmhíle ó bhunlínte na hIorua.
(3) Arna sonrú mar chéatadán den GII. Go dtí an 31 Nollaig 1997, is é an scair 2,9 % móide cuóta comhtháthaithe troisc 11 000 t. Amhail ón 1 Eanáir 1998, freagraíonn 1,57 % den GII don chuóta comhtháthaithe troisc. Beidh cuóta breise seachghabhála 10 % arna shonrú i gcoibhéis troisc infheidhme ar an gcuóta comhtháthaithe troisc. Nuair a thiocfaidh socrú an GII faoi fhreagracht an Aontais, socrófar scair an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach mar chéatadán den chuóta a bheidh ar fáil ag an Aontas, ar bhonn na bliana 1994.
(4) Amach ó uiscí an Chomhphobail ina chomhdhéanamh láithreach.
(5) Arna sonrú mar chéatadán den GII don stoc. Mura bhfuil GII socruithe, úsáidfear mar thagairt an GII arna moladh ag ACFM.
(6) Níl san áireamh sa chionroinnt seo an t-aistriú 1 500 t ón Iorua chuig an gComhphobal ina chomhdhéanamh laithreach, a leanann ó shocruithe 1992.
(7) Gan dochar do chearta agus ceangaltais an Chomhphobail i leith Stát eile agus faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta.

2. Déanfar na háraigh iascaireachta atá cionroinnte ar an Aontas ina chomhdhéanamh láithreach a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92, den chéad uair roimh an 1 Eanáir 1995.

3. Déanfar na cainníochtaí atá cionroinnte ar an Aontas ina chomhdhéanamh láithreach in uiscí a thig faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse na hIorua de speicis nach bhfuil faoi réir teorainneacha ar rátaí saothraithe i bhfoirm teorainneacha gabhála a shocrú ar bhonn cothromráta de réir speicis agus creasa mar a leanas:

Speiceas	Roinn CITM Criosanna tagartha	Scaireanna an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach (tona)
Troscán Loch-lannach	IV (1)	52 000
Spéirlint	IV (1)	159 000
Faoitín gorm	II (1)	1 000
Speicis eile	IV (1)	7 950 (2)
Speicis eile	I (1), II a, b (1)	520 (3)

(1) Uiscí a thig faoi fhlaitheas nó dlínse na hIorua.

(2) Féadfar an chainníocht sin a choigeartú i bhfianaise fhorás na n-iascach i dteannta le coigeartuithe ar áraigh iascaireachta na hIorua.

(3) Mar sheachghabhálacha.

4. Go dtí dáta an chórais Chomhphobail um cheadanna iascaireachta a chur i bhfeidhm in uiscí a thig faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse na hIorua, ní rachaidh leibhéil iascaireachta bháid an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach, do speicis neamhrialaithe agus neamhchionroinnte, thar na leibhéil arna sroicheadh díreach roimh an gConradh Aontachais a theacht i bhfeidhm.

Foroinn III

Forálacha eile

Airteagal 48

1. Mura bhforáiltear a mhalairt san Ionstraim seo, leanfaidh na coinníollacha, lena n-áirítear an creat geografach agus na gréasáin iascaigh thraidisiúnta, faoinar féidir na cionrannta atá déanta in Airteagail 44 agus 47 a iascaireacht ag an Iorua in uiscí an Chomhphobail ina chomhdhéanamh láithreach agus ag an Aontas ina chomhdhéanamh láithreach in uiscí na hIorua, de bheith comhionann leo sin a bheidh infheidhme díreach roimh an gConradh Aontachais a theacht i bhfeidhm.

2. Socrófar na coinníollacha sin den chéad uair roimh an 1 Eanáir 1995, i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92.

Airteagal 49

Go dtí an 30 Meitheamh 1998 údarófar don Iorua leibhéil na rátaí saothraithe a shocrú i bhfoirm teorainneacha gabhála d'acmhainní atá lonnaithe sna huiscí a thig faoina flaitheas nó faoina dlínse lastuaidh de 62°U, amach ó ronnach.

Bunófar lánpháirtíocht iomlán bhainistíocht na n-acmhainní sin sa Chomhbheartas Iascaigh i ndiaidh an dáta sin ar an gcóras bainistíochta láithreach mar atá le feiceáil sa Dearbhú Comhpháirteach maidir le bainistíocht acmhainní iascaigh in uiscí lastuaidh de 62°U.

Airteagal 50

1. Le linn tréimhse bliana ó dháta an aontachais sna huiscí a thig faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse na hIorua, déanfar na bearta teicniúla is infheidhme díreach roimh an gConradh Aontachais a theacht i bhfeidhm a choimeád ar bun i leith bháid uile an Aontais.

2. Le linn tréimhse trí bliana ó dháta an aontachais, in uiscí faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse na hIorua agus atá suite lastuaidh de 62°U, údarófar d'údaráis inniúla na hIorua bearta a ghlacadh ag toirmeasc go sealadach cineálacha áirithe iascaireachta i gcriosanna atá íogair go bitheolaíoch ar mhaithe le stoic a chaomhnú, agus beidh na bearta sin infheidhme ar gach bád i dtrácht.

3. Le linn tréimhse trí bliana, i gcás bháid an Aontais ag iascaireacht in uiscí faoi fhlaitheas nó dlínse na hIorua, coimeádfar na gabhálacha uile ar bord in uiscí na hIorua.

4. Le linn tréimhse trí bliana, i gcás bháid an Aontais ag iascaireacht in uiscí faoi fhlaitheas nó dlínse na hIorua, coimeádfar ar bord in uiscí na hIorua gabhálacha de speicis faoi réir teorainneacha gabhála a bhfuil an iascaireacht dúnta ina leith.

5. Roimh dheireadh na n-idirthréimhsí atá luaite i míreanna 1, 2, 3 agus 4, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 4(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92, glacfaidh an Chomhairle cinneadh maidir leis na bearta teicniúla is infheidhme sna huiscí a thig faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse na hIorua i leith bháid uile an Aontais d'fhonn na bearta atá ann a choimeád ar bun nó a fhorbairt.

Airteagal 51

Gan dochar d'fhorálacha Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 ón gComhairle, féadfaidh an Iorua na bearta náisiúnta rialaithe a bheidh ann díreach roimh an gConradh Aontachais a theacht i bhfeidhm a choimeád ar bun agus a chur i bhfeidhm ar bháid uile an Aontais:

— go ceann tréimhse trí bliana ó dháta an aontachais, sna huiscí a thig faoina flaitheas nó faoina dlínse atá suite lastuaidh de 62°U;

— go ceann tréimhse bliana ó dháta an aontachais, sna huiscí a thig faoina flaitheas nó faoina dlínse atá suite laisteas de 62°U.

Roimh dheireadh na n-idirthréimhsí sin, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 43 de Chonradh CE, glacfaidh an Chomhairle cinneadh maidir leis na bearta rialaithe a bheidh infheidhme sna huiscí a thig faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse na hIorua i leith bháid uile an Aontais d'fhonn na bearta atá ann a choimeád ar bun nó a fhorbairt.

Roinn III

Acmhainní eachtracha

Airteagal 52

1. Amhail ón aontachas, déanfaidh an Comhphobal na comhaontuithe iascaigh arna dtabhairt i gcrích ag Ríocht na hIorua le tríú tíortha a bhainisteoireacht.

Go dtí an 30 Meitheamh 1998, áfach, is é Ríocht na hIorua a dhéanfaidh Comhaontú an 15 Deireadh Fómhair 1976 leis an Rúis maidir le caidreamh frithpháirteach iascaigh a bhainisteoireacht i ndlúthchomhlachas leis an gCoimisiún.

2. Ní dhéanfar difear do na cearta ná oibleagáidí a leanann do Ríocht na hIorua ó na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 le linn na tréimhse a mbeidh forálacha na gcomhaontuithe sin á gcoimeád ar bun go sealadach.

3. A luaithe is féidir agus ar chaoi ar bith roimh na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 a dhul in éag, glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na cinntí iomchuí i ngach cás chun go leanfaidh áraigh iascaireachta, lena n-áirítear an chaoi chun comhaontuithe áirithe a fhadú go ceann tréimhsí nach rachaidh thar bliain amháin.

4. Nuair a chineann áraigh iascaireachta don Iorua roimh an aontachas de bhua comhaontuithe atá ann arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal le tríú tíortha, go háirithe leis an nGraonlainn, coimeádfar ar bun iad ar bhonn phrionsabail Chomhphobail, lena n-áirítear prionsabal na cobhsaíochta coibhneasta.

Roinn IV

Na socruithe is infheidhme ar an trádáil

Airteagal 53

1. Go ceann tréimhse ceithre bliana ó dháta an aontachais, beidh na táirgí iascaigh seo a leanas, eadhon bradán, scadán, ronnach, ribí róibéis, muiríní, gliomach Ioruach, deargán agus breac, ag teacht ón Iorua agus atá le coinsíniú chuig na Ballstáit eile, faoi réir sásra faireachán trádála.

2. Sonróidh an córas sin, a dhéanfaidh an Coimisiún a bhainisteoireacht, uasteorainneacha táscacha lena gceadófar trádáil gan bhac go feadh na n-uasteorainneacha. Bunófar an córas ar dhoiciméid seolta arna n-eisiúint ag an tír thionscnaimh. I gcás go rachfar thar na huasteorainneacha nó i gcás suaití tromchúiseacha ar an margadh, féadfaidh an Coimisiún na bearta iomchuí a ghlacadh i gcomhréir le cleachtas bunaithe Comhphobail. Ní fhéadfaidh na bearta sin bheith níos déine ar aon chúinse ná na cinn a chuirtear i bhfeidhm ar allmhairí ó thríú tíortha.

3. Glacfaidh an Chomhairle roimh an 1 Eanáir 1995, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, nós imeachta chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm.

CAIBIDIL 4

Caidreamh eachtrach lena n-áirítear an t-aontas custaim

Airteagal 54

Beidh na gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Ionstraim seo infheidhme ar an Iorua faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 55

Is é an bhundleacht arna húsáid do na gluaiseachtaí ionsar ailíniú ar an gComhtharaif Chustaim dá bhforáiltear in Airteagal 56, i gcás gach táirge, an dleacht arna cur i bhfeidhm iarbhír ag Ríocht na hIorua ar an 1 Eanáir 1994.

Airteagal 56

Féadfaidh Ríocht na hIorua, go ceann tréimhse trí bliana i ndiaidh an aontachais, a taraif chustaim is infheidhme ar thríú tíortha do na táirgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII a choimeád ar bun.

Le linn na tréimhse sin, laghdóidh Ríocht na hIorua an difríocht idir a bundleacht agus an dleacht sa Chomhtharaif Chustaim i gcomhréir leis an tráthchlár seo a leanas:

— ar an 1 Eanáir 1996, déanfar gach difríocht idir an bhundleacht agus dleacht CTC a laghdú go dtí 75 %;

— ar an 1 Eanáir 1997, déanfar gach difríocht idir an bhundleacht agus dleacht CTC a laghdú go dtí 40 %.

Cuirfidh Ríocht na hIorua an Chomhtharaif Chustaim i bhfeidhm go hiomlán amhail ón 1 Eanáir 1998.

Airteagal 57

1. Amhail ón 1 Eanáir 1995, cuirfidh Ríocht na hIorua i bhfeidhm:

(a) Comhshocraíocht an 20 Nollaig 1973 maidir le Trádáil Idirnáisiúnta Teicstílí mar atá arna leasú nó arna fadú le Prótacail an 31 Iúil 1986, an 31 Iúil 1991, an 9 Nollaig 1992 agus an 9 Nollaig 1993 nó an Comhaontú ar Theicstílí agus Éadach a leanann ó chaibidlíocht trádála Bhabhta Uragua CGTT, má tá an déanach i bhfeidhm ar dháta an aontachais;

(b) na comhaontuithe agus comhshocraíochtaí déthaobhacha teicstílí arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal le tríú tíortha.

2. Déanfaidh an Comhphobal prótacail a ghabhfaidh leis na comhaontuithe agus comhshocraíochtaí déthaobhacha dá dtagraítear i mír 1 a chaibidliú leis na tríú tíortha i dtrácht chun foráil do choigeartú iomchuí na srianta cainníochtúla ar onnmhairí táirgí teicstíle agus éadaigh chuig an gComhphobal.

3. Mura mbeidh na prótacail dá dtagraítear i mír 2 tugtha i gcrích faoin 1 Eanáir 1995, glacfaidh an Comhphobal bearta atá ceaptha chun déileáil leis an gcor sin agus a bhaineann leis na coigeartuithe idirthréimhseacha is gá chun a áirithiú go gcuirfidh an Comhphobal na comhaontuithe chun feidhme.

Airteagal 58

1. Féadfaidh Ríocht na hIorua taraifchúota bliantúil 21 000 tona saor ó dhleacht a oscailt le haghaidh stíréine (Cód AC 2902 50 00) go dtí an 31 Nollaig 1999, ar chuntar:

— go scaoiltear na hearraí i gceist le haghaidh saorchúrsaíochta ar chríoch na hIorua agus go dtomhlaítear ann iad nó go ndéantar próiseáil ann orthu a thugann tionscnamh Comhphobail dóibh ansin, agus

— go bhfanann siad faoi mhaoirseacht chustaim de bhun na bhforálacha Comhphobail ábhartha maidir le críochúsáid (Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 an 12 Deireadh Fómhair 1992 ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail, Airteagail 21 agus 82).

2. Ní bheidh forálacha mhír 1 infheidhme ach amháin má thíolactar, mar thacaíocht leis an dearbhú iontrála um scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta, ceadúnas arna eisiúint ag údaráis ábhartha na hIorua ag sonrú go dtagann na hearraí i gceist laistigh de raon feidhme na bhforálacha i mír 1.

3. Glacfaidh an Coimisiún agus údaráis inniúla na hIorua cibé bearta is gá chun a áirithiú gur ar chríoch na hIorua a dhéantar tomhaltas deiridh ar an táirge i gceist nó an phróiseáil trína bhfaigheann sé tionscnamh Comhphobail.

Airteagal 59

1. Amhail ón 1 Eanáir 1995, cuirfidh Ríocht na hIorua i bhfeidhm forálacha na gComhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 60.

2. Beidh aon oiriúnuithe ina n-ábhar do phrótacail arna dtabhairt i gcrích leis na tíortha comhchonarthacha agus arna gcur i gceangal leis na Comhaontuithe sin.

3. Mura mbeidh na prótacail dá dtagraítear i mír 2 tugtha i gcrích faoin 1 Eanáir 1995, glacfaidh an Comhphobal na bearta is gá chun déileáil leis an gcor sin tráth an aontachais.

Airteagal 60

Beidh Airteagal 59 infheidhme:

— ar na Comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le hAndóra, an Ailgéir, an Bhulgáir, an Iarphoblacht Chónaidhme Sheiceach agus Shlóvacach agus na stáit is comharbaí uirthi (an Phoblacht Sheiceach agus an Phoblacht Shlóvacach), an Chipir, an Éigipt, an Ungáir, an Íoslainn, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, Málta, Maracó, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin, an Eilvéis, an tSiria, an Túinéis agus an Tuirc agus ar Chomhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích le tríú tíortha agus a bhaineann go heisiach le trádáil sna táirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Conradh CE;

— ar an gceathrú Coinbhinsiún ACP/CEE, a síníodh ar an 15 Nollaig 1989;

— ar chomhaontuithe comhchosúla eile a thabharfaí i gcrích roimh an aontachas.

Airteagal 61

Le héifeacht ón 1 Eanáir 1995, tarraingeoidh Ríocht na hIorua siar, *inter alia*, ón gCoinbhinsiún ag bunú Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa a síníodh ar an 4 Eanáir 1960 agus ó na Comhaontuithe Saorthrádála a síníodh leis an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin i 1992.

Airteagal 62

Mura mbeidh comhaontuithe trádála nua atá le tabhairt i gcrích idir an Comhphobal agus an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin tagtha i bhfeidhm faoi cheann dháta an aontachais, glacfaidh an Comhphobal na bearta is gá chun go leanfar amhail ón aontachas leis an leibhéal rochtana ar mhargadh na hIorua atá ann do tháirgí de thionscnamh na Stát Baltach sin.

CAIBIDIL 5

Forálacha airgeadais agus buiséadacha

Airteagal 63

Aon tagairt don Chinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse na gComhphobal, is intuigthe gur tagairt í do Chinneadh ón gComhairle an 24 Meitheamh 1988 mar atá arna leasú ó am go ham nó d'aon Chinneadh ag gabháil a ionaid.

Airteagal 64

San ioncam dá ngairtear "dleachtanna na Comhtharaife Custaim agus dleachtanna eile", dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(b) den Chinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse na gComhphobal, nó san fhoráil chomhfhreagrach d'aon Chinneadh a ghabhann a ionad, áireofar na dleachtanna custaim arna ríomh ar bhonn na rátaí a thig ón gComhtharaif Chustaim agus ó aon lamháltas taraife a bhaineann léi a chuireann an Comhphobal i bhfeidhm i dtrádáil na hIorua le tríú tíortha.

Airteagal 65

Déanfar acmhainní dílse a fhabhraíonn ó CBL a ríomh agus a sheiceáil amhail is nach gcuirfí cáin infheistíochta i bhfeidhm. Chuige sin, déanfaidh Ríocht na hIorua, tráth an aontachais, na nósanna imeachta a chur chun feidhme is gá chun a áirithiú go ndéanfar ioncam bliantúil a chineann ó CBL agus ioncam bliantúil a chineann ó cháin infheistíochta a iontráil go beacht sna cuntais.

Airteagal 66

Ar an gcéad lá oibre de gach mí, íocfaidh an Comhphobal le Ríocht na hIorua an dóú cuid déag de na méideanna seo a leanas, mar mhír chaiteachais faoi bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach:

— ECU 201 milliún i 1995,

— ECU 128 milliún i 1996,

— ECU 52 milliún i 1997,

— ECU 26 milliún i 1998.

Airteagal 67

Is é buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach a iompróidh scair Ríocht na hIorua i maoiniú na n-íocaíochtaí a bheidh fós le déanamh tar éis a haontachais as ceangaltais arna ndéanamh faoi Airteagal 82 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Airteagal 68

Is é buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach a iompróidh scair Ríocht na hIorua i maoiniú an tsásra airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 116 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

TEIDEAL III

BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA MAIDIR LEIS AN OSTAIR

CAIBIDIL 1

Saorghluaiseacht earraí

Roinn aonair

Caighdeáin agus comhshaol

Airteagal 69

1. Le linn tréimhse ceithre bliana ó dháta an aontachais, ní bheidh na forálacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII infheidhme ar an Ostair, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn sin agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach inti.

2. Déanfar na forálacha dá dtagraítear i mír 1 a athbhreithniú sa tréimhse sin i gcomhréir le nósanna imeachta CE.

Gan dochar do thoradh an athbhreithnithe sin, ag deireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear i mír 1, beidh an *acquis* CE infheidhme ar na Ballstáit nua faoi na coinníollacha céanna agus sna Ballstáit láithreacha.

CAIBIDIL 2

Saorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus caipitil

Airteagal 70

D'ainneoin na n-oibleagáidí faoi na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, féadfaidh Poblacht na hOstaire a reachtaíocht láithreach maidir le háiteanna cónaithe tánaisteacha a choimeád ar bun go ceann cúig bliana ó dháta an aontachais.

CAIBIDIL 3

Beartas iomaíochta

Airteagal 71

1. Gan dochar do mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, déanfaidh Poblacht na hOstaire amhail ó dháta an aontachais a monaplacht ar thobac monaraithe de chineál tráchtála faoi bhrí Airteagal 37(1) de Chonradh CE a choigeartú go comhleanúnach d'fhonn a áirithiú nach mbeidh, trí bliana ó dháta an aontachais ar a dhéanaí, aon idirdhealú ann idir náisiúnaigh Bhallstát maidir leis na dálaí faoina bhfaightear agus faoina margaítear earraí.

2. Maidir leis na táirgí atá leagtha amach sa liosta in Iarscríbhinn IX, déanfar an ceart eisiach allmhairíochta a dhíothú ar dhul in éag do thréimhse trí bliana ó dháta an aontachais ar a dhéanaí. Cuirfear díothú an chirt eisiaigh sin i gcrích trí chuótaí a oscailt go comhleanúnach, amhail ó dháta an aontachais, d'allmhairí táirgí ó

Bhallstáit. Ag tús gach ceann de na trí bliana faoi bhreithniú, osclóidh Poblacht na hOstaire cuóta arna ríomh ar bhonn na gcéatadán seo a leanas den tomhaltas náisiúnta: 15 % don chéad bhliain, 40 % don dara bliain, 70 % don tríú bliain. Tugtar sa liosta in Iarscríbhinn IX sin na toirteanna is comhfhreagrach do na céatadáin do na trí bliana.

Beidh na cuótaí dá dtagraítear san fhomhír sin roimhe seo ar oscailt do gach uile oibreoir gan srian agus ní fhéadfar i bPoblacht na hOstaire táirgí arna n-allmhairiú faoi na cuótaí sin a chur faoi réir ceart eisiach margaíochta ar leibhéal na trádála mórdhíola; maidir le miondíol táirgí arna n-allmhairiú faoi chuótaí, ní mór táirgí den sórt sin a dhiúscairt do thomhaltóirí ar dhóigh neamhidirdhealaitheach.

3. Déanfaidh Poblacht na hOstaire, bliain amháin i ndiaidh a haontachais ar a dhéanaí, údarás neamhspleách a chur ar bun a mbeidh freagracht aige údaruithe a dheonú chun trádáil mhiondíola a sheoladh, i gcomhréir le Conradh CE.

Airteagal 72

Go dtí an 1 Eanáir 1996, féadfaidh Poblacht na hOstaire na dleachtanna custaim agus na socruithe ceadúnaithe a chuir sí i bhfeidhm ar dháta a haontachais ar dheochanna biotáilleacha agus alcól eitileach gan dínádúrú ar neart alcóil is lú ná 80 % de réir toirte a thig faoi cheannteideal CC 22 08 a choimeád ar bun i leith Ballstáit eile. Ní foláir aon socruithe ceadúnaithe den sórt sin a chur i bhfeidhm ar dhóigh neamhidirdhealaitheach.

CAIBIDIL 4

Caidreamh eachtrach lena n-áirítear an t-aontas custaim

Airteagal 73

Beidh na gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Ionstraim seo infheidhme ar an Ostair faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 74

Go dtí an 31 Nollaig 1996, féadfaidh Poblacht na hOstaire na srianta ar allmhairí a chuir sí i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 1994 i gcás ligníte a thig faoi chód 27 02 10 00 den Ainmníocht Chomhcheangailte a choimeád ar bun i leith Phoblacht na hUngáire, Phoblacht na Polainne, na Poblachta Slóvacaí, na Poblachta Seicí, na Rómáine agus na Bulgáire.

Déanfar na hoiriúnuithe is gá ar na comhaontuithe Eorpacha agus, más infheidhme, ar na Comhaontuithe Eatramhacha arna dtabhairt i gcrích leis na tíortha sin, i gcomhréir le hAirteagal 76 den Chonradh seo.

Airteagal 75

1. Amhail ón 1 Eanáir 1995, cuirfidh Poblacht na hOstaire i bhfeidhm:

(a) Comhshocraíocht an 20 Nollaig 1973 maidir le Trádáil Idirnáisiúnta Teicstílí mar atá arna leasú nó arna fadú le Prótacail an 31 Iúil 1986, an 31 Iúil 1991, an 9 Nollaig 1992 agus an 9 Nollaig 1993 nó an Comhaontú ar Theicstílí agus Éadach a leanann ó chaibidlíocht trádála Bhabhta Uragua CGTT, má tá an déanach i bhfeidhm ar dháta an aontachais;

(b) na comhaontuithe agus comhshocraíochtaí déthaobhacha teicstílí arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal le tríú tíortha.

2. Déanfaidh an Comhphobal prótacail a ghabhfaidh leis na comhaontuithe agus comhshocraíochtaí déthaobhacha dá dtagraítear i mír 1 a chaibidliú leis na tríú tíortha i dtrácht chun foráil do choigeartú iomchuí na srianta cainníochtúla ar onnmhairí táirgí teicstíle agus éadaigh chuig an gComhphobal.

3. Mura mbeidh na prótacail dá dtagraítear i mír 2 tugtha i gcrích faoin 1 Eanáir 1995, glacfaidh an Comhphobal bearta atá ceaptha chun déileáil leis an gcor sin agus a bhaineann leis na coigeartuithe idirthréimhseacha is gá chun a áirithiú go gcuirfidh an Comhphobal na comhaontuithe chun feidhme.

Airteagal 76

1. Amhail ón 1 Eanáir 1995, cuirfidh Poblacht na hOstaire i bhfeidhm forálacha na gComhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 77.

2. Beidh aon oiriúnuithe ina n-ábhar do phrótacail arna dtabhairt i gcrích leis na tíortha comhchonarthacha agus arna gcur i gceangal leis na Comhaontuithe sin.

3. Mura mbeidh na prótacail dá dtagraítear i mír 2 tugtha i gcrích faoin 1 Eanáir 1995, glacfaidh an Comhphobal na bearta is gá chun déileáil leis an gcor sin tráth an aontachais.

Airteagal 77

Beidh Airteagal 76 infheidhme:

— ar na Comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le hAndóra, an Ailgéir, an Bhulgáir, an Iarphoblacht Chónaidhme Sheiceach agus Shlóvacach agus na stáit is comharbaí uirthi (an Phoblacht Sheiceach agus an Phoblacht Shlóvacach), an Chipir, an Éigipt, an Ungáir, an Íoslainn, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, Málta, Maracó, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin, an Eilvéis, an tSiria, an Túinéis agus an Tuirc agus ar Chomhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích le tríú tíortha agus a bhaineann go heisiach le trádáil sna táirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Conradh CE;

— ar an gCeathrú Coinbhinsiún ACC/CEE, a síníodh ar an 15 Nollaig 1989;

— ar chomhaontuithe comhchosúla eile a thabharfaí i gcrích roimh an Aontachas.

Airteagal 78

Le héifeacht ón 1 Eanáir 1995, tarraingeoidh Poblacht na hOstaire siar, *inter alia*, ón gCoinbhinsiún ag bunú Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa a síníodh ar an 4 Eanáir 1960.

CAIBIDIL 5

Forálacha airgeadais agus buiséadacha

Airteagal 79

Aon tagairt don Chinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse na gComhphobal, is intuigthe gur tagairt í do Chinneadh ón gComhairle an 24 Meitheamh 1988 mar atá arna leasú ó am go ham nó d'aon Chinneadh ag gabháil a ionaid.

Airteagal 80

San ioncam dá ngairtear "dleachtanna na Comhtharaife Custaim agus dleachtanna eile", dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(b) den Chinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse na gComhphobal, nó san fhoráil chomhfhreagrach d'aon Chinneadh a ghabhann a ionad, áireofar na dleachtanna custaim arna ríomh ar bhonn na rátaí a thig ón gComhtharaif Chustaim agus ó aon lamháltas taraife a bhaineann léi a chuireann an Comhphobal i bhfeidhm i dtrádáil na hOstaire le tríú tíortha.

Airteagal 81

Ar an gcéad lá oibre de gach mí, íocfaidh an Comhphobal le Poblacht na hOstaire an dóú cuid déag de na méideanna seo a leanas, mar mhír chaiteachais faoi bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach:

— ECU 583 milliún i 1995,

— ECU 106 milliún i 1996,

— ECU 71 milliún i 1997,

— ECU 35 milliún i 1998.

Airteagal 82

Is é buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach a iompróidh scair Phoblacht na hOstaire i maoiniú na n-íocaíochtaí a bheidh fós le déanamh tar éis a haontachais as ceangaltais arna ndéanamh faoi Airteagal 82 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Airteagal 83

Is é buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach a iompróidh scair Phoblacht na hOstaire i maoiniú an tsásra airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 116 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

TEIDEAL IV

BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA MAIDIR LEIS AN bhFIONLAINN

CAIBIDIL 1

Saorghluaiseacht earraí

Roinn I

Caighdeáin agus comhshaol

Airteagal 84

1. Le linn tréimhse ceithre bliana ó dháta an aontachais, ní bheidh na forálacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn X infheidhme ar an bhFionlainn, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn sin agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach inti.

2. Déanfar na forálacha dá dtagraítear i mír 1 a athbhreithniú sa tréimhse sin i gcomhréir le nósanna imeachta CE.

Gan dochar do thoradh an athbhreithnithe sin, ag deireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear i mír 1, beidh an *acquis* CE infheidhme ar na Ballstáit nua faoi na coinníollacha céanna agus atá sna Ballstáit láithreacha.

Roinn II

Ilghnéitheach

Airteagal 85

Le linn tréimhse trí bliana ó dháta an aontachais, féadfaidh Poblacht na Fionlainne leanúint dá córas náisiúnta láithreach chun adhmad neamhchóirithe a rangú a chur i bhfeidhm a mhéad nach sáraíonn a socruithe náisiúnta reachtaíochta agus riaracháin lena mbaineann reachtaíocht an Chomhphobail maidir leis an margadh inmheánach nó trádáil le tríú tíortha, agus go háirithe Airteagal 6 de Threoir 68/89/CEE maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hadhmad neamhchóirithe a rangú.

Le linn na tréimhse céanna, agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i gConradh CE, déanfar Treoir 68/89/CEE a athbhreithniú.

CAIBIDIL 2

Saorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus caipitil

Airteagal 86

De mhaolú ar Airteagal 73b de Chonradh CE, féadfaidh Poblacht na Fionlainne forálacha Dhlí Uimh. 1612 an 30 Nollaig 1992 maidir le gnóthais Fhionlannacha a fháil ag eachtrannaigh a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 1995.

Airteagal 87

D'ainneoin na n-oibleagáidí faoi na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, féadfaidh Poblacht na Fionlainne a reachtaíocht láithreach maidir le háiteanna cónaithe tánaisteacha a choimeád ar bun go ceann cúig bliana ó dháta an aontachais.

CAIBIDIL 3

Iascach

Roinn I

Forálacha ginearálta

Airteagal 88

1. Mura bhforáiltear a mhalairt in aon fhoráil sa Chaibidil seo, beidh na rialacha atá leagtha síos san Ionstraim seo infheidhme ar earnáil an iascaigh.

2. Beidh Airteagail 148 agus 149 infheidhme ar tháirgí iascaigh.

Roinn II

Rochtain ar uiscí agus acmhainní

Airteagal 89

Mura bhforáiltear a mhalairt in aon fhoráil sa Chaibidil seo, beidh na socruithe don rochtain atá leagtha síos sa Roinn seo infheidhme le linn idirthréimhse a chríochnóidh ar an dáta a chuirfear an córas Comhphobail um cheadanna iascaireachta chun feidhme, agus ar chaoi ar bith ar dháta nach déanaí ná dáta éagtha na tréimhse atá leagtha síos in Airteagal 14(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92 ón gComhairle an 20 Nollaig 1992 ag bunú córas Comhphobail um iascach agus uisceshaothrú.

Foroinn I

Báid Fhionlannacha

Airteagal 90

D'fhonn iad a lánpháirtiú sa chóras Comhphobail um iascach agus uisceshaothrú arna chur ar bun i Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92, beidh rochtain ag báid iascaigh faoi bhratach na Fionlainne atá taifeadta agus/nó cláraithe i gcalafort Fionlannach, dá ngairtear "báid Fhionlannacha" anseo feasta, ar uiscí a thig faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach faoi réir an chórais atá leagtha síos san Fhoroinn seo.

Airteagal 91

Amhail ó dháta an aontachais agus go dtí dáta an chórais Chomhphobail um cheadanna iascaireachta a chur i bhfeidhm, údarófar do bháid Fhionlannacha iascaireacht in uiscí a thig faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse Bhallstáit an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach i Roinn CITM III d, faoi choinníollacha is comhionann leo sin a bheidh infheidhme díreach roimh an gConradh Aontachais a theacht i bhfeidhm.

Airteagal 92

Déanfar na modhanna teicniúla is gá chun a áirithiú go gcuirfear Airteagal 91 i bhfeidhm a ghlacadh roimh an 1 Eanáir 1995 i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 18 de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92.

Airteagal 93

Amhail ó dháta an aontachais agus go dtí dáta an chórais Chomhphobail um cheadanna iascaireachta a chur i bhfeidhm, údarófar do bháid Fhionlannacha iascaireacht in uiscí a thig faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse na Sualainne, faoi choinníollacha is comhionann leo sin a bheidh infheidhme díreach roimh an gConradh Aontachais a theacht i bhfeidhm.

Déanfar rialacha mionsonraithe chur chun feidhme an Airteagail seo a ghlacadh roimh an 1 Eanáir 1995, faoin nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 18 de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92.

Airteagal 94

1. Déanfar scair d'áraigh iascaireachta an Chomhphobail, i gcás stoc atá faoi rialú ag teorainn ghabhála, atá le cionroinnt ar an bhFionlainn a shocrú de réir speicis agus creasa mar a leanas:

Speiceas	Roinn CITM nó CIIMB Criosanna tagartha chun na GIIanna a shocrú	Scaireanna na Fionlainne (%)
Scadán	III b, c, d amach ó "Aonad Bainistíochta 3" de CIIMB (1)	11,840
Scadán	"Aonad Bainistíochta 3" de CIIMB	81,986
Sprot	III b, c, d (2)	12,798
Bradán	III b, c, d amach ó Mhurascaill na Fionlainne (3)	33,611
Bradán	Murascaill na Fionlainne (3)	100,000
Trosc	III b, c, d (2)	2,339 (4)

(1) Mar atá arna sainiú ag CIIMB.
(2) Uiscí an Chomhphobail.
(3) Foroinn 32 de CIIMB.
(4) Beidh an céatadán seo infheidhme ar an gcéad 50 000 tona d'áraigh iascaireachta an Chomhphobail. I gcás áraigh iascaireachta an Chomhphobail thar 50 000 tona, is é scair na Fionlainne 2,161 %.

2. Déanfar na scaireanna atá cionroinnte ar an bhFionlainn a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92, den chéad uair roimh an 31 Nollaig 1994.

3. Go dtí dáta an chórais Chomhphobail um cheadanna iascaireachta a chur i bhfeidhm agus go dtí an 31 Nollaig 1997 ar a dhéanaí, ní rachaidh leibhéil iascaireachta na mbád Fionlannach in uiscí an Chomhphobail, ina chomhdhéanamh láithreach, atá folaithe in Airteagal 91, do speicis neamhrialaithe agus neamhchionroinnte, thar na leibhéil arna mbaint amach díreach roimh an gConradh Aontachais a theacht i bhfeidhm.

Foroinn II

Báid an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach

Airteagal 95

Amhail ó dháta an aontachais agus go dtí dáta an chórais Chomhphobail um cheadanna iascaireachta a chur i bhfeidhm, údarófar do bháid faoi bhratach Bhallstáit den Aontas ina chomhdhéanamh láithreach iascaireacht in uiscí a thig faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse na Fionlainne, faoi choinníollacha is comhionann leo sin a bheidh infheidhme díreach roimh an gConradh Aontachais a theacht i bhfeidhm.

Déanfar rialacha mionsonraithe chur i bhfeidhm an Airteagail seo a ghlacadh roimh an 1 Eanáir 1995 de réir an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 18 de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92.

Roinn III

Acmhainní eachtracha

Airteagal 96

1. Amhail ó dháta an aontachais, déanfaidh an Comhphobal na comhaontuithe iascaigh arna dtabhairt i gcrích ag Poblacht na Fionlainne le tríú tíortha a bhainisteoireacht.

2. Ní dhéanfar difear do na cearta ná oibleagáidí a leanann do Phoblacht na Fionlainne ó na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 le linn na tréimhse a mbeidh forálacha na gcomhaontuithe sin á gcoimeád ar bun go sealadach.

3. A luaithe is féidir agus ar chaoi ar bith roimh na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 a dhul in éag, glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na cinntí iomchuí i ngach cás chun go leanfaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a thig de thoradh na gcomhaontuithe sin, lena n-áirítear an chaoi chun comhaontuithe áirithe a fhadú go ceann tréimhsí nach rachaidh thar bliain amháin.

CAIBIDIL 4

Caidreamh eachtrach lena n-áirítear an t-aontas custaim

Airteagal 97

Beidh na gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Ionstraim seo infheidhme ar an bhFionlainn faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 98

Is é an bhundleacht arna húsáid do na gluaiseachtaí ionsar ailíniú ar an gComhtharaif Chustaim dá bhforáiltear in Airteagal 99, i gcás gach táirge, an dleacht arna cur i bhfeidhm iarbhír ag Poblacht na Fionlainne ar an 1 Eanáir 1994.

Airteagal 99

Féadfaidh Poblacht na Fionlainne, go ceann tréimhse trí bliana i ndiaidh an aontachais, a taraif chustaim is infheidhme ar thríú tíortha do na táirgí dá dtagraítear in Iarscríbhinn XI a choimeád ar bun.

Le linn na tréimhse sin, laghdóidh Poblacht na Fionlainne an difríocht idir a bundleacht agus an dleacht sa Chomhtharaif Chustaim i gcomhréir leis an tráthchlár seo a leanas:

— ar an 1 Eanáir 1996, déanfar gach difríocht idir an bhundleacht agus dleacht CTC a laghdú go dtí 75 %;

— ar an 1 Eanáir 1997, déanfar gach difríocht idir an bhundleacht agus dleacht CTC a laghdú go dtí 40 %.

Cuirfidh Poblacht na Fionlainne an Chomhtharaif Chustaim i bhfeidhm go hiomlán amhail ón 1 Eanáir 1998.

Airteagal 100

1. Amhail ón 1 Eanáir 1995, cuirfidh Poblacht na Fionlainne i bhfeidhm:

(a) Comhshocraíocht an 20 Nollaig 1973 maidir le Trádáil Idirnáisiúnta Teicstílí mar atá arna leasú nó arna fadú le Prótacail an 31 Iúil 1986, an 31 Iúil 1991, an 9 Nollaig 1992 agus an 9 Nollaig 1993 nó an Comhaontú ar Theicstílí agus Éadach a leanann ó chaibidlíocht trádála Bhabhta Uragua CGTT, má tá an déanach i bhfeidhm ar dháta an aontachais;

(b) na comhaontuithe agus comhshocraíochtaí déthaobhacha teicstílí arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal le tríú tíortha.

2. Déanfaidh an Comhphobal prótacail a ghabhann leis na comhaontuithe agus comhshocraíochtaí déthaobhacha dá dtagraítear i mír 1 a chaibidliú leis na tríú tíortha i dtrácht chun foráil do choigeartú iomchuí na srianta cainníochtúla ar onnmhairí táirgí teicstíle agus éadaigh chuig an gComhphobal.

3. Mura mbeidh na prótacail dá dtagraítear i mír 2 tugtha i gcrích faoin 1 Eanáir 1995, glacfaidh an Comhphobal bearta atá ceaptha chun déileáil leis an gcor sin agus a bhaineann leis na coigeartuithe idirthréimhseacha is gá chun a áirithiú go gcuirfidh an Comhphobal Eorpach na comhaontuithe chun feidhme.

Airteagal 101

1. Féadfaidh Poblacht na Fionlainne taraifchúota bliantúil 21 000 tona saor ó dhleacht a oscailt le haghaidh stíréine (Cód AC 2902 50 00) go dtí an 31 Nollaig 1999, ar chuntar:

— go scaoiltear na hearraí i gceist le haghaidh saorchúrsaíochta ar chríoch na Fionlainne agus go dtomhlaítear ann iad nó go ndéantar próiseáil ann orthu a thugann tionscnamh Comhphobail dóibh ansin, agus

— go bhfanann siad faoi mhaoirseacht chustaim de bhun na bhforálacha Comhphobail ábhartha maidir le críochúsáid (Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 an 12 Deireadh Fómhair 1992 ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail, Airteagail 21 agus 82).

2. Ní bheidh forálacha mhír 1 infheidhme ach amháin má thíolactar, mar thacaíocht leis an dearbhú iontrála um scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta, ceadúnas arna eisiúint ag údaráis ábhartha na Fionlainne ag sonrú go dtagann na hearraí i gceist laistigh de raon feidhme na bhforálacha i mír 1.

3. Glacfaidh an Coimisiún agus údaráis inniúla na Fionlainne cibé bearta is gá chun a áirithiú gur ar chríoch na Fionlainne a dhéantar tomhaltas deiridh ar an táirge i gceist nó an phróiseáil trína bhfaigheann sé tionscnamh Comhphobail.

Airteagal 102

1. Amhail ón 1 Eanáir 1995, cuirfidh Poblacht na Fionlainne i bhfeidhm forálacha na gComhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 103.

2. Beidh aon oiriúnuithe ina n-ábhar do phrótacail arna dtabhairt i gcrích leis na tíortha comhchonarthacha agus arna gcur i gceangal leis na Comhaontuithe sin.

3. Mura mbeidh na prótacail dá dtagraítear i mír 2 tugtha i gcrích faoin 1 Eanáir 1995, glacfaidh an Comhphobal na bearta is gá chun déileáil leis an gcor sin tráth an aontachais.

Airteagal 103

Beidh Airteagal 102 infheidhme:

— ar na Comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le hAndóra, an Ailgéir, an Bhulgáir, an Iarphoblacht Chónaidhme Sheiceach agus Shlóvacach agus na stáit is comharbaí uirthi (an Phoblacht Sheiceach agus an Phoblacht Shlóvacach), an Chipir, an Éigipt, an Ungáir, an Íoslainn, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, Málta, Maracó, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin, an Eilvéis, an tSiria, an Túinéis agus an Tuirc agus ar Chomhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích le tríú tíortha agus a bhaineann go heisiach le trádáil sna táirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Conradh CE;

— ar an gceathrú Coinbhinsiún ACC/CEE, a síníodh ar an 15 Nollaig 1989;

— ar chomhaontuithe comhchosúla eile a thabharfaí i gcrích roimh an aontachas.

Airteagal 104

Le héifeacht ón 1 Eanáir 1995, tarraingeoidh Poblacht na Fionlainne siar, *inter alia*, ón gCoinbhinsiún ag bunú Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa a síníodh ar an 4 Eanáir 1960 agus ó na Comhaontuithe Saorthrádála a síníodh leis an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin i 1992.

Airteagal 105

Mura mbeidh comhaontuithe trádála nua atá le tabhairt i gcrích idir an Comhphobal agus an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin tagtha i bhfeidhm faoi cheann dháta an aontachais, glacfaidh an Comhphobal na bearta is gá chun go leanfar amhail ón aontachas leis an leibhéal rochtana ar mhargadh na Fionlainne atá ann do tháirgí de thionscnamh na Stát Baltach sin.

CAIBIDIL 5

Forálacha airgeadais agus buiséadacha

Airteagal 106

Aon tagairt don Chinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse na gComhphobal, is intuigthe gur tagairt í do Chinneadh ón gComhairle an 24 Meitheamh 1988 mar atá arna leasú ó am go ham nó d'aon Chinneadh ag gabháil a ionaid.

Airteagal 107

San ioncam dá ngairtear "dleachtanna na Comhtharaife Custaim agus dleachtanna eile", dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(b) den Chinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse na gComhphobal, nó san fhoráil chomhfhreagrach d'aon Chinneadh a ghabhann a ionad, áireofar na dleachtanna custaim arna ríomh ar bhonn na rátaí a thig ón gComhtharaif Chustaim agus ó aon lamháltas taraife a bhaineann léi a chuireann an Comhphobal i bhfeidhm i dtrádáil na Fionlainne le tríú tíortha.

Airteagal 108

Déanfar acmhainní dílse a fhabhraíonn ó CBL a ríomh agus a sheiceáil amhail is dá mbeadh Oileáin Åland áirithe i raon feidhme críochach shéú Treoir (77/388/CEE) ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977, maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais — comhchóras na cánach breisluacha: aonbhonn measúnachta.

Airteagal 109

Ar an gcéad lá oibre de gach mí, íocfaidh an Comhphobal le Poblacht na Fionlainne an dóú cuid déag de na méideanna seo a leanas, mar mhír chaiteachais faoi bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach:

— ECU 476 milliún i 1995,

— ECU 163 milliún i 1996,

— ECU 65 milliún i 1997,

— ECU 33 milliún i 1998.

Airteagal 110

Is é buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach a iompróidh scair Phoblacht na Fionlainne i maoiniú na n-íocaíochtaí a bheidh fós le déanamh tar éis a haontachais as ceangaltais arna ndéanamh faoi Airteagal 82 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Airteagal 111

Is é buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach a iompróidh scair Phoblacht na Fionlainne i maoiniú an tsásra airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 116 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

TEIDEAL V

BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA MAIDIR LEIS AN tSUALAINN

CAIBIDIL 1

Saorghluaiseacht earraí

Roinn I

Caighdeáin agus comhshaol

Airteagal 112

1. Le linn tréimhse ceithre bliana ó dháta an aontachais, ní bheidh na forálacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn XII infheidhme ar an tSualainn, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn sin agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach inti.

2. Déanfar na forálacha dá dtagraítear i mír 1 a athbhreithniú sa tréimhse sin i gcomhréir le nósanna imeachta CE.

Gan dochar do thoradh an athbhreithnithe sin, ag deireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear i mír 1, beidh an *acquis* CE infheidhme ar na Ballstáit nua faoi na coinníollacha céanna agus atá sna Ballstáit láithreacha.

Roinn II

Ilghnéitheach

Airteagal 113

Le linn tréimhse trí bliana ó dháta an aontachais, féadfaidh Ríocht na Sualainne leanúint dá córas náisiúnta láithreach chun adhmad neamhchóirithe a rangú a chur i bhfeidhm a mhéad nach sáraíonn a socruithe náisiúnta reachtaíochta agus riaracháin lena mbaineann reachtaíocht an Chomhphobail maidir leis an margadh inmheánach nó trádáil le tríú tíortha, agus go háirithe Airteagal 6 de Threoir 68/89/CEE maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hadhmad neamhchóirithe a rangú.

Le linn na tréimhse céanna, agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i gConradh CE, déanfar Treoir 68/89/CEE a athbhreithniú.

CAIBIDIL 2

Saorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus caipitil

Airteagal 114

D'ainneoin na n-oibleagáidí faoi na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, féadfaidh Ríocht na Sualainne a reachtaíocht láithreach maidir le háiteanna cónaithe tánaisteacha a choimeád ar bun go ceann cúig bliana ó dháta an aontachais.

CAIBIDIL 3

Iascach

Roinn I

Forálacha ginearálta

Airteagal 115

1. Mura bhforáiltear a mhalairt in aon fhoráil sa Chaibidil seo, beidh na rialacha atá leagtha síos san Ionstraim seo infheidhme ar earnáil an iascaigh.

2. Beidh Airteagail 148 agus 149 infheidhme ar tháirgí iascaigh.

Roinn II

Rochtain ar uiscí agus acmhainní

Airteagal 116

Mura bhforáiltear a mhalairt in aon fhoráil sa Chaibidil seo, beidh na socruithe don rochtain atá leagtha síos sa Roinn seo infheidhme le linn idirthréimhse a chríochnóidh ar an dáta a chuirfear an córas Comhphobail um cheadanna iascaireachta chun feidhme, agus ar chaoi ar bith ar dháta nach déanaí ná dáta éagtha na

tréimhse atá leagtha síos in Airteagal 14(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92 ón gComhairle an 20 Nollaig 1992 ag bunú córas Comhphobail um iascach agus uisceshaothrú.

Foroinn I

Báid Shualannacha

Airteagal 117

D'fhonn iad a lánpháirtiú sa chóras Comhphobail um iascach agus uisceshaothrú arna chur ar bun i Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92, beidh rochtain ag báid iascaigh faoi bhratach na Sualainne atá taifeadta nó cláraithe i gcalafort Sualannach, dá ngairtear "báid Shualannacha" anseo feasta, ar na huiscí faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach faoi réir an chórais atá leagtha síos san Fhoroinn seo.

Airteagal 118

Amhail ó dháta an aontachais agus go dtí dáta an chórais Chomhphobail um cheadanna iascaireachta a chur i bhfeidhm, údarófar do bháid Shualannacha iascaireacht in uiscí a thig faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse Bhallstáit an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach i Ranna CITM III agus IV, faoi choinníollacha is comhionann leo sin a bheidh infheidhme díreach roimh an gConradh Aontachais seo a theacht i bhfeidhm agus arna leagan síos le forálacha ábhartha Rialachán (CE) Uimh. 3682/93.

Airteagal 119

Déanfar na modhanna teicniúla is gá chun a áirithiú go gcuirfear Airteagal 118 i bhfeidhm a ghlacadh roimh an 1 Eanáir 1995, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 18 de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92.

Airteagal 120

Amhail ó dháta an aontachais agus go dtí dáta an chórais Chomhphobail um cheadanna iascaireachta a chur i bhfeidhm, údarófar do bháid Shualannacha iascaireacht in uiscí a thig faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse na Fionlainne agus na hIorua i Ranna CITM III agus IV, faoi choinníollacha is comhionann leo sin a bheidh infheidhme díreach roimh an gConradh Aontachais a theacht i bhfeidhm.

Déanfar rialacha mionsonraithe chur i bhfeidhm an Airteagail seo a ghlacadh roimh an 1 Eanáir 1995 de réir an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 18 de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92.

Airteagal 121

1. Déanfar scair d'áraigh iascaireachta an Chomhphobail, i gcás stoc atá faoi rialú ag teorainn ghabhála, atá le cionroinnt ar an tSualainn a shocrú de réir speicis agus creasa mar a leanas:

Speiceas	Roinn CITM nó CIIMB (1) Creasanna tagartha chun na GIIanna a shocrú	Scaireanna na Sualainne (%)
Scadán	III a	43,944
Scadán	III b, c, d (2) amach ó "Aonad Bainistíochta 3" de CIIMB (3)	46,044
Scadán	"Aonad Bainistíochta 3" de CIIMB	18,014
Scadán (4)	II a (5), IV, VII d	1,010
Sprot	III a	25,407
Sprot	III b, c, d (2)	47,264
Bradán	III b, c, d (2) amach ó Mhurascaill na Fionlainne (6)	36,435
Trosc	III a Skagerrak (7)	14,006
Trosc	III a Kattegat (8)	37,027
Trosc	III b, c, d (2)	35,037 (9)
Trosc	II a (5), IV	0,127
Cadóg	III a, III b, c, d (2)	9,527
Cadóg	II a (5), IV	0,443
Glasán	II a (5), III (2), IV	0,642
Faoitín	III a	9,471
Faoitín	II a (5), IV	0,016
Colmóir	III (2)	7,401
Ronnach	II a (5), III (2), IV	6,632
Leathóg	III a Skagerrak	4,171
Leathóg	III a Kattegat	10,000
Leathóg	III b, c, d (2)	6,356
Sól	III a, III b, c, d (2)	3,099
Cloicheán domhainuisce	III a	18,690
Gliomach Ioruach	III a (10), III b, c, d (2)	25,856

(1) CIIMB: Coimisiún Idirnáisiúnta Iascach Mhuir Bhailt.
(2) Uiscí an Chomhphobail.
(3) Mar atá arna sainiú ag CIIMB.
(4) Amach ó scadáin Ioruacha a sceitheann san earrach.
(5) Uiscí an Chomhphobail ina chomhdhéanamh láithreach.
(6) Foroinn 32 de CIIMB.
(7) Amach ó uiscí laistigh de bhunlínte na hIorua.
(8) Arna sainiú mar an chuid de IIIa nach bhfuil folaithe sa sainmhíniú de IIIa Skagerrak atá tugtha in Airteagal 41.
(9) Beidh an céatadán seo infheidhme ar an gcéad 50 000 tona d'áraigh iascaireachta an Chomhphobail. I gcás áraigh iascaireachta an Chomhphobail thar 50 000 tona, is é scair na Sualainne 40,000 %. Ní chuireann na cionrannta sin san áireamh go leanfar de chuótaí a aistriú ón tSualainn go dtí Ballstáit láithreacha an Aontais, mar a leanann ó shocruithe LEE 1992.
(10) Amach ó uiscí laistigh de 4 muirmhíle ó bhunlínte na hIorua.

2. Déanfar na scaireanna cionroinnte ar an tSualainn a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92, den chéad uair roimh an 31 Nollaig 1994.

3. Déanfar na scaireanna atá cionroinnte ar an tSualainn de speicis nach bhfuil faoi réir teorainneacha ar an ráta saothraithe i bhfoirm teorainneacha gabhála ná faoi réir GIIanna, ach nach bhfuil cionnroinnte i gcuótaí idir Ballstáit an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach, a shocrú ar bhonn cothromráta de réir speicis agus creasa mar a leanas:

Speiceas	Roinn CITM Creasanna tagartha chun na GIIanna a shocrú	Scaireanna na Sualainne (t)
Sprot (3)	II a (1), IV (1)	1 330
Eile (2)	II a (1), IV (1)	1 000

(1) Uiscí an Chomhphobail.
(2) Speicis seachas na cinn a bhfuil cuóta sonrach nó cainníocht chothromráta cionnroinnte ar an tSualainn ina leith.
(3) Lena n-áirítear spéirlint.

4. Go dtí dáta an chórais Chomhphobail um cheadanna iascaireachta a chur i bhfeidhm agus faoin 31 Nollaig 1997 ar a dhéanaí, ní rachaidh leibhéil iascaireachta na mbád Sualannach in uiscí an Chomhphobail, atá folaithe in Airteagal 117, do speicis neamhrialaithe agus neamhchionroinnte, thar na leibhéil arna mbaint amach díreach roimh an gConradh Aontachais a theacht i bhfeidhm.

Airteagal 122

1. Mura bhforáiltear a mhalairt san Ionstraim seo, leanfaidh na coinníollacha faoinar féidir na cionrannta atá déanta in Airteagal 121 a iascaireacht de bheith comhionann leo sin a bheidh infheidhme díreach roimh an gConradh Aontachais a theacht i bhfeidhm.

2. Socrófar an coinníollacha sin go bliantúil agus den chéad uair roimh an 1 Eanáir 1995, i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92.

Foroinn II

Báid an Aontais ina chomhdhéanamh láithreach

Airteagal 123

Amhail ó dháta an aontachais agus go dtí dáta an chórais Chomhphobail um cheadanna iascaireachta a chur i bhfeidhm, údarófar do bháid faoi bhratach Bhallstáit den Aontas ina chomhdhéanamh láithreach iascaireacht in uiscí a thig faoi fhlaitheas nó faoi dhlínse na Sualainne, i Ranna CITM III a, b agus d, faoi choinníollacha is comhionann leo sin a bheidh infheidhme díreach roimh an gConradh Aontachais a theacht i bhfeidhm.

Déanfar rialacha mionsonraithe chur i bhfeidhm an Airteagail seo a ghlacadh roimh an 1 Eanáir 1995 de réir an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 18 de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92.

Roinn III

Acmhainní eachtracha

Airteagal 124

1. Amhail ó dháta an aontachais, déanfaidh an Comhphobal na comhaontuithe iascaigh arna dtabhairt i gcrích ag Ríocht na Sualainne le tríú tíortha a bhainisteoireacht.

2. Ní dhéanfar difear do na cearta ná oibleagáidí a leanann do Ríocht na Sualainne ó na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 le linn na tréimhse a mbeidh forálacha na gcomhaontuithe sin á gcoimeád ar bun go sealadach.

3. A luaithe is féidir agus ar chaoi ar bith roimh na comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 a dhul in éag, glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na cinntí iomchuí i ngach cás chun go leanfaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a thig de thoradh na gcomhaontuithe sin, lena n-áirítear an chaoi chun comhaontuithe áirithe a fhadú go ceann tréimhsí nach rachaidh thar bliain amháin.

Airteagal 125

Go ceann tréimhse nach mó ná trí bliana amhail ó dháta an aontachais, socróidh an Chomhairle gach bliain, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, méid ranníocaíocht airgeadais an Aontais le haghaidh scaoileadh maighreán arna chur i gcrích ag údaráis inniúla na Sualainne.

Déanfar an cúiteamh airgeadais sin a mheasúnú i bhfianaise na n-iarmhéideanna stoic atá ann díreach roimh an aontachas.

CAIPIDIL 4

Caidreamh eachtrach lena n-áirítear an t-aontas custaim

Airteagal 126

Beidh na gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Ionstraim seo infheidhme ar an tSualainn faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 127

1. Amhail ón 1 Eanáir 1995, cuirfidh Ríocht na Sualainne i bhfeidhm:

(a) Comhshocraíocht an 20 Nollaig 1973 maidir le Trádáil Idirnáisiúnta Teicstílí mar atá arna leasú nó arna fadú le Prótacail an 31 Iúil 1986, an 31 Iúil 1991, an 9 Nollaig 1992 agus an 9 Nollaig 1993 nó an Comhaontú ar Theicstílí agus Éadach a leanann ó chaibidlíochtaí trádála Bhabhta Uragua CGTT, má tá an déanach i bhfeidhm ar dháta an aontachais;

(b) na comhaontuithe agus comhshocraíochtaí déthaobhacha teicstílí arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal le tríú tíortha.

2. Déanfaidh an Comhphobal prótacail a ghabhfaidh leis na comhaontuithe agus comhshocraíochtaí déthaobhacha dá dtagraítear i mír 1 a chaibidliú leis na tríú tíortha i dtrácht chun foráil do choigeartú iomchuí na srianta cainníochtúla ar onnmhairí táirgí teicstíle agus éadaigh chuig an gComhphobal ar chuma a thugann aird ar na gréasáin thraidisiúnta trádála atá ann idir an tSualainn agus na tíortha is soláthraithe di.

3. Mura mbeidh na prótacail dá dtagraítear i mír 2 tugtha i gcrích faoin 1 Eanáir 1995, glacfaidh an Comhphobal bearta atá ceaptha chun déileáil leis an gcor sin agus a bhaineann leis na coigeartuithe idirthréimhseacha is gá chun a áirithiú go gcuirfidh an Comhphobal na comhaontuithe chun feidhme.

Airteagal 128

1. Amhail ón 1 Eanáir 1995, cuirfidh Ríocht na Sualainne i bhfeidhm forálacha na gComhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 129.

2. Beidh aon oiriúnuithe ina n-ábhar do phrótacail arna dtabhairt i gcrích leis na tíortha comhchonarthacha agus arna gcur i gceangal leis na Comhaontuithe sin.

3. Mura mbeidh na prótacail dá dtagraítear i mír 2 tugtha i gcrích faoin 1 Eanáir 1995, glacfaidh an Comhphobal na bearta is gá chun déileáil leis an gcor sin tráth an aontachais.

Airteagal 129

Beidh Airteagal 128 infheidhme:

— ar na Comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le hAndóra, an Ailgéir, an Bhulgáir, an Iarphoblacht Chónaidhme Sheiceach agus Shlóvacach agus na stáit is comharbaí uirthi (an Phoblacht Sheiceach agus an Phoblacht Shlóvacach), an Chipir, an Éigipt, an Ungáir, an Íoslainn, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, Málta, Maracó, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin, an Eilvéis, an tSiria, an Túinéis agus an Tuirc agus ar Chomhaontuithe eile arna dtabhairt i gcrích le tríú tíortha agus a bhaineann go heisiach le trádáil sna táirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Conradh CE;

— ar an gceathrú Coinbhinsiún ACC/CEE, a síníodh ar an 15 Nollaig 1989;

— ar chomhaontuithe comhchosúla eile a thabharfaí i gcrích roimh an Aontachas.

Airteagal 130

Le héifeacht ón 1 Eanáir 1995, tarraingeoidh Ríocht na Sualainne siar, *inter alia*, ón gCoinbhinsiún ag bunú Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa a síníodh ar an 4 Eanáir 1960 agus ó na Comhaontuithe Saorthrádála a síníodh leis an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin i 1992.

Airteagal 131

Mura mbeidh comhaontuithe trádála nua atá le tabhairt i gcrích idir an Comhphobal agus an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin tagtha i bhfeidhm faoi cheann dháta an aontachais, glacfaidh an Comhphobal na bearta is gá chun go leanfar amhail ón aontachas leis an leibhéal rochtana ar mhargadh na hIorua atá ann do tháirgí de thionscnamh na Stát Baltach sin.

CAIBIDIL 5

Forálacha airgeadais agus buiséadacha

Airteagal 132

Aon tagairt don Chinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse na gComhphobal, is intuigthe gur tagairt í do Chinneadh ón gComhairle an 24 Meitheamh 1988 mar atá arna leasú ó am go ham nó d'aon Chinneadh ag gabháil a ionaid.

Airteagal 133

San ioncam dá ngairtear "dleachtanna na Comhtharaife Custaim agus dleachtanna eile", dá dtagraítear in Airteagal 2(1)(b) den Chinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse na gComhphobal, nó san fhoráil chomhfhreagrach in aon Chinneadh a ghabhann a ionad, áireofar na dleachtanna custaim arna ríomh ar bhonn na rátaí a thig ón gComhtharaif Chustaim agus ó aon lamháltas taraife a bhaineann léi a chuireann an Comhphobal i bhfeidhm i dtrádáil na Sualainne le tríú tíortha.

Airteagal 134

Ar an gcéad lá oibre de gach mí, íocfaidh an Comhphobal le Ríocht na Sualainne an dóú cuid déag de na méideanna seo a leanas, mar mhír chaiteachais faoi bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach:

— ECU 488 milliún i 1995,

— ECU 432 milliún i 1996,

— ECU 76 milliún i 1997,

— ECU 31 milliún i 1998.

Airteagal 135

Is é buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach a iompróidh scair Ríocht na Sualainne i maoiniú na n-íocaíochtaí a bheidh fós le déanamh tar éis a haontachais as ceangaltais arna ndéanamh faoi Airteagal 82 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Airteagal 136

Is é buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach a iompróidh scair Ríocht na Sualainne i maoiniú an tsásra airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 116 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

TEIDEAL VI

TALMHAÍOCHT

Airteagal 137

1. Baineann an Teideal seo le táirgí talmhaíochta amach ó tháirgí a thig faoi Rialachán (CEE) Uimh. 3759/92 maidir le comheagraíocht an mhargaidh i dtáirgí iascaigh agus uisceshaothraithe.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt san Ionstraim seo:

— beidh an trádáil ag na Ballstáit nua eatarthu féin, le tríú tíortha nó leis na Ballstáit láithreacha faoi réir an chórais is infheidhme ar na Ballstáit dhéanacha sin. Beidh an córas is infheidhme sa Chomhphobal ina chomhdhéanamh láithreach maidir le dleachtanna allmhairíochta agus muirir chomhéifeachta, srianta cainníochtúla agus bearta comhéifeachta, infheidhme ar na Ballstáit nua;

— beidh na cearta agus oibleagáidí a leanann ón gcomhbheartas talmhaíochta infheidhme go hiomlán sna Ballstáit nua.

3. Faoi réir fhorálacha speisialta an Teidil seo maidir le dátaí nó tréimhsí éagsúla, scoirfidh bearta idirthréimhseacha do na táirgí talmhaíochta dá dtagraítear i mír 1 de bheith infheidhme faoi dheireadh an chúigiú bliain i ndiaidh aontachas na hOstaire, na Fionlainne agus na hIorua. Dá ainneoin sin, tabharfar aird iomlán sna bearta sin, i gcás gach táirge, ar an táirgeacht iomlán le linn na bliana 1999.

CAIBIDIL 1

Forálacha maidir le cabhracha náisiúnta

Airteagal 138

1. Le linn na hidirthréimhse, faoi réir údarú ón gCoimisiún, féadfaidh an Iorua, an Ostair agus an Fhionlainn cabhracha náisiúnta idirthréimhseacha agus céimlaghdaitheacha a dheonú, i bhfoirm iomchuí, do tháirgeoirí buntáirgí talmhaíochta faoi réir an chomhbheartais talmhaíochta.

Féadfaidh na cabhracha sin a bheith ina n-ábhair dhifreála, go háirithe de réir an réigiúin.

2. Údaróidh an Coimisiún na cabhracha dá bhforáiltear i mír 1:

— i ngach cás ina dtaispeánann na tosca arna dtabhairt isteach ag Ballstát nua go bhfuil difríochtaí suntasacha ann idir leibhéal na tacaíochta a dheonaítear de réir an táirge dá tháirgeoirí roimh an aontachas agus an leibhéal a fhéadfar a dheonú faoin gcomhbheartas talmhaíochta;

— go feadh méid tosaigh is ionann agus an difríocht sin ar a mhéad.

Ní mheasfar go bhfuil difríochtaí tosaigh is lú ná 10 % suntasach.

Maidir le húdaruithe an Choimisiúin, áfach:

— déanfar iad a dheonú ar cothrom le ceangaltais idirnáisiúnta an Chomhphobail mhéadaithe;

— fad a bhaineann le muiceoil, uibheacha agus éanlaith chlóis, cuirfidh siad ailiniú phraghas an bheathúcháin san áireamh;

— ní dhéanfar iad a dheonú don tobac.

3. Déanfar méid na tacaíochta dá bhforáiltear i mír 2 a ríomh de réir an bhuntáirge talmhaíochta. Cuirfidh an ríomh sin san áireamh ach go háirithe na bearta tacaíochta praghsanna trí mheicníochtaí idirghabhála nó trí mheicníochtaí eile mar aon leis an deonú cabhracha atá ceangailte le hachar, le praghsanna, leis an gcainníocht a tháirgtear nó leis an aonad táirgeachta, agus deonú cabhracha do ghabháltais le haghaidh táirgí sonracha.

4. Déanfaidh údaruithe ón gCoimisiún:

— uasleibhéal tosaigh na gcabhracha, an ráta ar dá réir a laghdaíonn siad agus, más iomchuí, na coinníollacha faoina ndeonaítear iad a shainiú, ag cur cabhracha eile san áireamh a leanann ó reachtaíocht Chomhphobail nach bhfuil folaithe san Airteagal seo;

— agus deonófar iad faoi réir aon choigeartuithe is gá de thoradh:

  — athruithe sa chomhbheartas talmhaíochta;

  — athruithe i leibhéal na bpraghsanna sa Chomhphobal.

Más gá coigeartuithe den sórt sin, déanfar méid na gcabhracha nó na coinníollacha faoina ndeonaítear iad a leasú arna iarraidh sin don Choimisiún nó ar bhonn cinnidh ón gCoimisiún.

5. Gan dochar d'fhorálacha mhíreanna 1 go 4, údaróidh an Coimisiún, faoi mhír 1, go háirithe, na cabhracha náisiúnta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn XIII, go feadh na dteorainneacha agus faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 139

1. Údaróidh an Coimisiún don Ostair, don Fhionlainn agus don Iorua cabhracha a choimeád ar bun nach bhfuil ceangailte le táirgeacht faoi leith agus nach gcuirtear san áireamh ar an gcúis sin chun méid na tacaíochta faoi

Airteagal 138(3) a ríomh. Údarófar cabhracha ach go háirithe do ghabháltais faoin gceannteideal sin.

2. Beidh na cabhracha dá bhforáiltear i mír 1 faoi réir fhorálacha Airteagal 138(4).

Déanfar cabhracha den saghas céanna dá bhforáiltear sa chomhbheartas talmhaíochta nó atá ag luí le reachtaíocht Chomhphobail a asbhaint ó na méideanna sin.

3. Díothófar cabhracha atá údaraithe faoin Airteagal seo ag deireadh na hidirthréimhse ar a dhéanaí.

4. Ní bheidh mír 1 infheidhme ar chabhracha don infheistíocht.

Airteagal 140

Údaróidh an Coimisiún don Ostair, don Fhionlainn agus don Iorua na cabhracha náisiúnta idirthréimhseacha dá bhforáiltear in Iarscríbhinn XIV a dheonú go feadh na dteorainneacha agus faoi na coinníollacha dá bhforáiltear inti. Leagfaidh an Coimisiún síos ina údarú leibhéal tosaigh na gcabhracha a mhéad nach leanann sé ó na coinníollacha dá bhforáiltear san Iarscríbhinn, mar aon leis an ráta ar dá réir a laghdóidh siad.

Airteagal 141

Nuair atá deacrachtaí tromchúiseacha ann de thoradh an aontachais agus nuair a mhaireann siad i ndiaidh earraíocht iomlán a bhaint as forálacha Airteagail 138, 139, 140 agus 142 agus as na bearta eile a leanann ó na rialacha atá ann sa Chomhphobal, féadfaidh an Coimisiún a údarú don Fhionlainn agus don Iorua cabhracha náisiúnta a dheonú do tháirgeoirí chun a lánpháirtíocht iomlán sa chomhbheartas talmhaíochta a éascú.

Airteagal 142

1. Údaróidh an Coimisiún don Iorua, don Fhionlainn agus don tSualainn cabhracha náisúnta fadtéarmacha a dheonú d'fhonn a áirithiú go ndéantar an ghníomhaíocht talmhaíochta a chothabháil i réigiúin shonracha. Ba chóir a áireamh ar na réigiúin sin na hachair thalmhaíochta atá suite lastuaidh den 62ú Líne Dhomhanleithid agus roinnt réigiún tadhlach laisteas den líne dhomhanleithid sin a bhfuil dálaí aeráide inchomórtais ag fearadh orthu agus a bhfuil an ghníomhaíocht talmhaíochta fíordhuaisiúil iontu dá mbarr.

2. Is é an Coimisiún a chinnfidh na réigiúin dá dtagraítear i mír 1, ag cur san áireamh go háirithe:

— an dlús íseal daonra;

— cion an talaimh thalmhaíochta san achar foriomlán;

— cion an talaimh thalmhaíochta atá tugtha suas do bharra curaíochta atá ceaptha mar bhia don duine, san achar talmhaíochta a úsáidtear.

3. Féadfar na cabhracha dá bhforáiltear i mír 1 a bheith bainteach le tosca fisiceacha táirgeachta, amhail heicteáir de thalamh talmhaíochta nó cinn ainmhithe ag cur san áireamh na dteorainneacha ábhartha atá leagtha síos i gcomheagraíochtaí an mhargaidh, mar aon le gréasáin stairiúla táirgeachta gach feirme, ach ní dhlífear:

— iad a nascadh le táirgeacht thodhchaí;

— go dtiocfaidh astu méadú ar an táirgeacht ná ar leibhéal na tacaíochta foriomláine arna thaifeadadh le linn tréimhse tagartha réamhaontachais a chinnfidh an Coimisiún.

Féadfar na cabhracha a dhifreáil de réir an réigiúin.

Ní mór na cabhracha sin a dheonú go háirithe d'fhonn:

— an táirgeacht agus próiseáil príomhúil traidisiúnta a oireann go nádúrtha do dhálaí aeráide na réigiún i dtrácht a chothabháil;

— na struchtúir a fheabhsú chun táirgí talmhaíochta a tháirgeadh, a mhargú agus a phróiseáil;

— diúscairt na dtáirgí sin a éascú;

— cosaint an chomhshaoil agus caomhnú na tuaithe a áirithiú.

Airteagal 143

1. Cuirfear in iúl don Choimisiún na cabhracha dá bhforáiltear in Airteagail 138 go 142 agus aon chabhair náisiúnta eile atá faoi réir údarú ón gCoimisiún faoin Ionstraim seo. Ní fhéadfar iad a chur i bhfeidhm go dtí go dtugtar an t-údarú sin.

Measfar gurb ionann bearta cabhrach atá ann nó atá beartaithe a chur i bhfios don Choimisiún ag na Ballstáit nua roimh an aontachas agus iad a chur in iúl ar dháta an aontachais.

2. Maidir le cabhracha dá bhforáiltear in Airteagal 142, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle bliain amháin i ndiaidh an aontachais agus gach cúig bliana iardain:

— ar na húdaruithe a deonaíodh;

— ar thorthaí na cabhrach a deonaíodh faoi na húdaruithe sin.

D'fhonn tarraingt suas tuarascálacha den sórt sin a ullmhú, cuirfidh Ballstáit a fuair na húdaruithe sin faisnéis ar fáil don Choimisiún in am trátha ar éifeachtaí na gcabhracha a deonaíodh, ag taispeáint an fhoráis a tugadh faoi deara i ngeilleagar talmhaíochta na réigiún i gceist.

Airteagal 144

I réimse na gcabhracha dá bhforáiltear in Airteagail 92 agus 93 de Chonradh CE:

(a) i measc na gcabhracha a chuirtear i bhfeidhm sna Ballstáit nua roimh an aontachas, measfar gurb iad na cinn amháin a cuireadh i bhfios don Choimisiún faoin 30 Aibreán 1995 atá ina gcabhracha "atá ann" de réir bhrí Airteagal 93(1) de Chonradh CE;

(b) Measfar gur cuireadh in iúl ar dháta an aontachais cabhracha atá ann agus pleananna atá ceaptha chun cabhracha a dheonú nó a athrú arna gcur i bhfios don Choimisiún roimh an aontachas.

CAIBIDIL 2

Forálacha eile

Airteagal 145

1. Is é an Comhphobal a iompróidh stoic phoiblí atá á sealbhú ar an 1 Eanáir 1995 ag na Ballstáit nua de thairbhe a mbeartas tacaíochta do mhargaí ag an luach a leanann ó Airteagal 8 de Rialachán (CEE) Uimh. 1883/78 ón gComhairle ag leagan síos rialacha ginearálta chun idirghabhálacha a mhaoiniú ag an gCiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta, an Roinn Treoraíochta, a chur i bhfeidhm.

2. Ní foláir do na Ballstáit nua aon stoc de tháirgí atá ar saorchúrsaíocht ar chríoch na mBallstát sin ar an 1 Eanáir 1995 agus a théann thar an gcainníocht ba inmheasta mar ghnáthstoc le tabhairt anonn a dhíchur ar a gcostas féin faoi nósanna imeachta Comhphobail a shonrófar agus laistigh de thréimhsí a chinnfear i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 149(1). Déanfar an coincheap faoi ghnáthstoic le tabhairt anonn a shainiú do gach táirge ar bhonn na gcritéar agus na gcuspóirí is sonrach do gach comheagraíocht mhargaidh.

3. Déanfar na stoic dá dtagraítear i mír 1 a asbhaint ón gcainníocht a théann thar an ngnáthstoc le tabhairt anonn.

Airteagal 146

Ceanglaítear ar Ríocht na hIorua a áirithiú go ndíothófar amhail ón 1 Eanáir 1995 na forálacha reachtúla agus conarthacha uile a thugann monaplacht do Chorparáid Ghránach na hIorua (Statens Kornforretning) nó d'aon eagraíocht is comharba uirthi i ndáil le táirgí talmhaíochta a allmhairiú agus a onnmhairiú, nó a cheannach agus a dhíol.

Ar a shon sin, ní bheidh Airteagal 85 de Chonradh CE infheidhme ach amháin amhail ón 1 Eanáir 1997 ar chomhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe arna gcur chun feidhme ag Corparáid Ghránach na hIorua a mhéad:

— atá cuspóirí acu seachas na cinn atá luaite sa chéad fhomhír;

— nach éard iad praghsanna a shocrú, margaí a roinnt ná an táirgeacht a rialú.

Airteagal 147

In earnáil na talmhaíochta, má tá trádáil idir ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit nua agus an Comhphobal ina chomhdhéanamh ar an 31 Nollaig 1994 nó idir na Ballstáit nua féin ina cúis le suaití tromchúiseacha ar mhargadh na hOstaire, na Fionlainne nó na hIorua roimh an 1 Eanáir 2000, cinnfidh an Coimisiún, ag gníomhú dó arna iarraidh sin don Bhallstát i dtrácht, na bearta cosanta a mheasfaidh sé is gá laistigh de cheithre huaire fichead ón iarraidh a fháil. Beidh na bearta arna gcinneadh amhlaidh infheidhme láithreach, tabharfaidh siad aird ar leasanna na bpáirtithe uile i dtrácht agus ní bhéarfaidh siad rialuithe teorann.

Airteagal 148

1. Mura bhforáiltear a mhalairt i gcásanna sonracha, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na forálacha a ghlacadh is gá chun an Teideal seo a chur chun feidhme.

2. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, na hoiriúnuithe is gá ar na foralácha sa Teideal seo a dhéanamh de dheasca leasaithe ar rialacha Comhphobail.

Airteagal 149

1. Más gá bearta idirthréimhseacha chun an trasdul a éascú ón gcóras atá ann sna Ballstáit nua go dtí an córas a leanfaidh ó chomheagraíocht na margaí a chur i bhfeidhm faoi na coinníollacha atá leagtha amach sa Teideal seo, glacfar bearta den sórt sin i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 38 de Rialachán Uimh. 136/66/CEE nó, más iomchuí, sna hAirteagail chomhfhreagracha de na Rialacháin eile maidir le comheagraíocht na margaí talmhaíochta. Féadfar na bearta sin a ghlacadh le linn tréimhse a rachaidh in éag ar an 31 Nollaig 1997 agus ní rachaidh a gcur i bhfeidhm thar an dáta sin.

2. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 a fhadú.

Airteagal 150

1. Roimh an aontachas, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos i mír 3, glacfar na bearta idirthréimhseacha a bhaineann le cur chun feidhme na n-ionstraimí maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta agus nach bhfuil sonraithe san Ionstraim seo, lena n-áirítear bearta i réimse na struchtúr, atá riachtanach de thoradh an aontachais, agus tiocfaidh siad i bhfeidhm tráth nach luaithe ná dáta an aontachais.

2. Áireofar ach go háirithe ar na bearta idirthréimhseacha dá dtagraítear i mír 1 oiriúnuithe na n-ionstraimí a fhorálann do na Ballstáit láithreacha gníomhaíochtaí áirithe i réimsí an staidrimh agus rialú caiteachais a chómhaoiniú.

Féadfaidh siad a shonrú mar choinníoll freisin go bhféadfar, faoi choinníollacha áirithe, cabhair náisiúnta is comhfhreagrach ar a mhéad don difríocht idir an praghas arna thaifeadadh i mBallstát nua roimh an aontachas agus an praghas a leanann ón Ionstraim seo a chur i bhfeidhm a dheonú d'oibreoirí príobháideacha, bíodh siad ina ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, atá ag sealbhú stoic tháirgí dá dtagraítear in Airteagal 138(1) nó a thig ó na táirgí sin a phróiseáil ar an 1 Eanáir 1995.

3. Is é an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, a ghlacfaidh na bearta idirthréimhseacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. Ar a shon sin, is é an Coimisiún a ghlacfaidh na bearta a dhéanann difear d'ionstraimí a ghlac sé i dtosach báire, de réir an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 149(1).

TEIDEAL VII

FORÁLACHA EILE

Airteagal 151

1. Beidh na gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Ionstraim seo infheidhme ar na Ballstáit nua faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin.

2. Arna iarraidh sin go cuí-réasúnaithe do cheann de na Ballstáit nua, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, bearta a ghlacadh roimh an 1 Eanáir 1995 arb éard iad maoluithe sealadacha ar ghníomhartha na n-institiúidí a glacadh idir an 1 Eanáir 1994 agus dáta sínithe an Conradh Aontachais.

Airteagal 152

1. Má thagann deacrachtaí chun cinn roimh an 1 Eanáir 1996 atá tromchúiseach agus gur dóigh go seasfaidh siad in aon earnáil den gheilleagar nó deacrachtaí a d'fhéadfadh trochlú tromchúiseach a thabhairt i gcion ar chor eacnamaíoch limistéir áirithe, féadfaidh Ballstát nua údarú a iarraidh bearta cosanta a ghlacadh d'fhonn an cor sin a cheartú agus an earnáil i dtrácht a choigeartú do gheilleagar an chómhargaidh.

Féadfaidh aon Bhallstát láithreach, sna himthosca céanna, údarú a iarraidh bearta cosanta a ghlacadh maidir le ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit nua.

2. Arna iarraidh sin don Stát i dtrácht, déanfaidh an Coimisiún, trí nós imeachta éigeandála, na bearta cosanta a chinneadh a mheasfaidh sé is gá, agus sonróidh sé imthosca agus rialacha mionsonraithe a gcur in éifeacht.

I gcás deacrachtaí eacnamaíocha tromchúiseacha agus arna iarraidh sin go sainráite don Bhallstát i dtrácht, gníomhóidh an Coimisiún laistigh de chúig lá oibre tar éis dó an iarraidh, maille leis an eolas cúlra ábhartha, a fháil. Beidh na bearta arna gcinneadh amhlaidh infheidhme láithreach, tabharfaidh siad aird ar leasanna na bpáirtithe uile i dtrácht agus ní bhéarfaidh siad rialuithe teorann.

3. Féadfaidh na bearta atá údaraithe faoi mhír 2 maolú a thabhairt ar rialacha Chonradh CE, Chonradh CEGC agus na hIonstraime seo, go feadh méid agus go ceann tréimhsí atá fíor-riachtanach chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 a ghnóthú. Tabharfar tosaíocht do cibé bearta is lú a shuaithfidh oibriú an chómhargaidh.

Airteagal 153

Chun nach ndéanfar stró ar oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh, ní thiocfaidh rialuithe teorann idir Ballstáit as forghníomhú rialacha náisiúnta na mBallstát nua le linn na n-idirthréimhsí dá dtagraítear san Ionstraim seo.

CUID A CÚIG

FORÁLACHA I dTAOBH AN IONSTRAIM SEO A CHUR CHUN FEIDHME

TEIDEAL I

NA hINSTITIÚIDÍ AGUS NA COMHLACHTAÍ A CHUR AR BUN

Airteagal 154

Tiocfaidh Parlaimint na hEorpa le chéile mí ar a dhéanaí tar éis an aontachais. Déanfaidh sí cibé oiriúnuithe ar a Rialacha Nós Imeachta is gá de thoradh an aontachais.

Airteagal 155

Déanfaidh an Chomhairle cibé oiriúnuithe ar a Rialacha Nós Imeachta is gá de thoradh an aontachais.

Airteagal 156

1. Amhail ón aontachas, cuirfear le líon an Choimisiúin trí cheithre chomhalta bhreise a cheapadh. Rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí a cheapfar in éag i

gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

2. Déanfaidh an Coimisiún cibé oiriúnuithe ar a Rialacha Nós Imeachta is gá de thoradh an aontachais.

Airteagal 157

1. Amhail ón aontachas, ceapfar ceathrar Breithiúna sa Chúirt Bhreithiúnais agus ceapfar ceathrar Breithiúna sa Chúirt Chéadchéime.

2. (a) Rachaidh téarma oifige beirt de Bhreithiúna na Cúirte Breithiúnais a cheapfar i gcomhréir le mír 1 in éag ar an 6 Deireadh Fómhair 1997. Is trí chrannchur a roghnófar na Breithiúna sin. Rachaidh téarma oifige na mBreithiúna eile in éag ar an 6 Deireadh Fómhair 2000.

(b) Rachaidh téarma oifige beirt de Bhreithiúna na Cúirte Céadchéime a cheapfar i gcomhréir le mír 1 in éag ar an 31 Lúnasa 1995. Is trí chrannchur a roghnófar na Breithiúna sin. Rachaidh téarma oifige na mBreithiúna eile in éag ar an 31 Lúnasa 1998.

3. Amhail ón aontachas, ceapfar seachtú agus ochtú Abhcóide Ginearálta.

4. Rachaidh téarma oifige duine de na hAbhcóidí Ginearálta a cheapfar i gcomhréir le mír 3 in éag ar an 6 Deireadh Fómhair 1997. Is trí chrannchur a roghnófar an tAbhcóide Ginearálta sin. Rachaidh téarma oifige an Abhcóide Ghinearálta eile in éag ar an 6 Deireadh Fómhair 2000.

5. (a) Déanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cibé oiriúnuithe ar a Rialacha Nós Imeachta is gá de thoradh an aontachais.

bróimíd vinile	602-024-00-2
clóraimín-T (salann sóidiam)	616-010-00-9
1,2-eapocsa-3(tolocsa)-própán	603-056-00-X
défeinilmeatán-2,2'-dé-isicianáit	615-005-00-9
défeinilmeatán-2,4'-dé-isicianáit	615-005-00-9
défeinilmeatán-4,4'-dé-isicianáit	615-005-00-9
ainhidríd heicsihidreatálach	607-102-00-X
hidreacuineon	604-005-00-4
aicrileáit hiodrocsapróipile	607-108-00-2
mearcair	080-001-00-0
mearcair, comhdhúile orgánacha agus neamhorgánacha	080-002-00-6 080-004-00-7
pipioraisín	612-057-00-4
ainhidríd teitrihidreatálach	607-099-00-5
tuirpintín	650-002-00-6
aimínifeinil (gach isiméir)	612-033-00-3
comhdhúile bairiam	056-002-00-7
céatón búitile meitile (2-heacsánón)	606-030-00-6
heacsán	601-007-00-7
pireagallól (1,2,3 -tríhiodrocsaibeinséin)	604-009-00-6
peantocsaíd vanaidiam	023-001-00-8

Foscríbhinn B

Substaint	
deacáin	
ceirisín inneall eitlíochta	
driogáití peitriliam agus tarra guail le lasairphointe is lú ná 21 °C	
driogáití peitriliam agus tarra guail le lasairphointe idir 21-55 °C	
níotráit sóidiam	
1,1,2-trichlóra-1,2,2-trífhluaireatán	
tungstan	
comhdhúile tungstain	
ocsaíd since	

IARSCRÍBHINN XIII

Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 138(5) den Ionstraim Aontachais

AN IORUA

1. Cabhair atá forlíontach leis na híocaíochtaí cúiteacha dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 1766/92 agus a dheonaítear do tháirgeoirí prátaí atá ceaptha chun stáirse a mhonarú laistigh de theorainneacha mhéid na táirgeachta atá ann roimh an aontachas.

2. Cabhair chun cineálacha sonracha síolta deimhnithe de líon teoranta de speicis farae atá folaithe i Rialachán (CEE) Uimh. 2358/71. Tugtar an chabhair seo in aghaidh an 100 kg, tá sí teoranta do chainníochtaí arna dtáirgeadh roimh an aontachas agus, a mhéad a bhaineann le síolta deimhnithe, tá sí forlíontach leis an gcabhair dá bhforáiltear i Rialachán (CEE) Uimh. 2358/71.

   Féadfar í a dheonú go háirithe do na cineálacha seo a leanas de shíolta deimhnithe barr farae: Tiomóid, Seamair Dhearg, Feisciú Móinéir agus Garbhfhéar.

AN OSTAIR

1. Cabhair atá forlíontach leis na híocaíochtaí cúiteacha dá bhforáiltear i Rialachán (CEE) Uimh. 1765/92 i bhfabhar tháirgeadh táirgí ardphróitéine a mhéad is gá chun cumas iomaíochta na dtáirgí sin a choimeád ar bun i gcomparáid le gránaigh agus síolta ola.

2. Cabhair a fhreagraíonn don difríocht idir leibhéal na préimhe do bha diúil atá ann roimh an aontachas agus an leibhéal dá bhforáiltear in Airteagal 4d(7) de Rialachán (CEE) Uimh. 805/68.

3. Cabhair atá forlíontach leis an gcabhair do tháirgeadh leannlusanna dá bhforáiltear in Airteagail 12 agus 12a de Rialachán (CEE) Uimh. 1696/71 a dheonaítear ar feadh ceithre bliana i ndiaidh an aontachais laistigh de theorainneacha an achair faoi leannlusanna, ar an meán, ar feadh na dtrí bliana roimh an aontachas.

4. Cabhair a dheonaítear ar feadh na dtrí bliana i ndiaidh an aontachais do shaothróirí áirithe síolta de speicis bharra farae do chainníochtaí áirithe dár deonaíodh i 1992 faoin gcóras náisiúnta préimh ab ionann agus dhá oiread ar a laghad de mhéid na tacaíochta arna deonú ag an gComhphobal.

5. Cabhair atá forlíontach leis na híocaíochtaí cúiteacha dá bhforáiltear i Rialachán (CEE) Uimh. 1765/92 i bhfabhar tháirgeadh táirgí ardphróitéine a mhéad is gá chun cumas iomaíochta na dtáirgí sin a choimeád ar bun i gcomparáid le gránaigh agus síolta ola.

AN FHIONLAINN

1. Cabhair atá forlíontach leis na híocaíochtaí cúiteacha dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 1766/92 agus a dheonaítear do tháirgeoirí prátaí atá ceaptha chun stáirse a mhonarú laistigh de theorainneacha mhéid na táirgeachta atá ann roimh an aontachas.

2. Cabhair a fhreagraíonn don difríocht idir leibhéal na préimhe do bha diúil atá ann roimh an aontachas agus an leibhéal dá bhforáiltear in Airteagal 4d(7) de Rialachán (CEE) Uimh. 805/68.

3. Cabhracha in earnáil na bplandaí beo agus na dtáirgí bláthadóireachta dá bhforáiltear i Rialachán (CEE) Uimh. 234/68:

   — nach dtugann aon mhéadú ar an táirgeacht atá ann roimh an aontachas;

   — a dheonaítear laistigh de theorainneacha leithleacha a chinnfear i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 14 de Rialachán (CEE) Uimh. 234/68.

4. Cabhair atá forlíontach lena bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CEE) Uimh. 1117/78 arna deonú don dá bhliain mhargaíochta a leanann an t-aontachas do tháirgeoirí farae thriomaithe i limistéir thraidisiúnta táirgeachta.

5. Cabhair chun cineálacha áirithe de shíolta deimhnithe nó tráchtála de líon teoranta de speicis farae atá folaithe i Rialachán (CEE) Uimh. 2358/71. Tugtar an chabhair seo in aghaidh an 100 kg, tá sí teoranta do chainníochtaí arna dtáirgeadh roimh an aontachas agus, a mhéad a bhaineann le síolta deimhnithe nó bunúsacha, tá sí forlíontach leis an gcabhair dá bhforáiltear i Rialachán (CEE) Uimh. 2358/71.

   Féadfar í a dheonú go háirithe do na cineálacha seo a leanas de shíolta barr farae: Tiomóid, Seamair Dhearg, Feisciú Móinéir agus Garbhfhéar.

IARSCRÍBHINN XIV

Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 140 den Ionstraim Aontachais

AN IORUA

1. Cabhair atá forlíontach lena bhforáiltear in Airteagal 138 sna réigiúin ina saothraítear go tráidisiúnta cruithneacht earraigh le haghaidh a meilte.

2. Cabhracha d'infheistíocht in earnálacha na muc, na n-uibheacha agus na héanlaithe, arna n-eisiamh de bhun na chéad mhíre d'Airteagal 6(4) agus Airteagal 6(6) de Rialachán (CEE) Uimh. 2328/91, ach a chomhlíonann forálacha eile an Rialacháin sin. I dtaca le cabhracha den sórt sin:

   — ní fhéadfaidh siad aon mhéadú a thabhairt ar chumais fhoriomlána táirgeachta;

   — deonófar iad laistigh de theorainneacha leithleacha táirgeachta a chinnfear i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 29 de Rialachán (CEE) Uimh. 4253/88.

3. Cabhracha atá forlíontach lena bhforáiltear in Airteagal 12(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 2328/91, a dheonaítear d'infheistíocht i dtáirgeadh torthaí agus glasraí faoi réir Rialachán (CEE) Uimh. 1035/72 agus plandaí beo agus táirgí bláthadóireachta faoi réir Rialachán (CEE) Uimh. 234/68. I dtaca le cabhracha den sórt sin:

   — ní fhéadfaidh siad aon mhéadú a thabhairt ar chumais fhoriomlána táirgeachta;

   — deonófar iad laistigh de theorainneacha leithleacha táirgeachta a chinnfear i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 29 de Rialachán (CEE) Uimh. 4253/88.

AN OSTAIR

1. Cabhair atá forlíontach lena bhforáiltear in Airteagal 138 agus a dheonaítear do tháirgeoirí arbhair Indiaigh don tionscal stáirse laistigh de theorainn an mhéid táirgeachta atá ann roimh an aontachas.

2. Cabhair do tháirgeoirí a chuireann talamh i leataobh faoi Rialachán (CEE) Uimh. 1765/92 agus a dheonaítear in aghaidh an heicteáir i dteannta leis an gcabhair dá bhforáiltear in Airteagal 138.

3. Cabhracha do thógáil bó-ainmhithe óga.

4. Cabhracha atá forlíontach lena bhforáiltear in Airteagal 138, do tháirgeoirí a sholáthraíonn bainne cáilíochta do tháirgeadh cháis "Bergkäse" laistigh de theorainn an mhéid táirgeachta a fhreagraíonn dá bhfuil ann roimh an aontachas.

5. Cabhracha d'infheistíocht in earnálacha na muc, na n-uibheacha agus na héanlaithe, arna n-eisiamh de bhun na chéad mhíre d'Airteagal 6(4) agus Airteagal 6(6) de Rialachán (CEE) Uimh. 2328/91, ach a chomhlíonann forálacha eile an Rialacháin sin. I dtaca le cabhracha den sórt sin:

   — ní fhéadfaidh siad aon mhéadú a thabhairt ar chumais fhoriomlána táirgeachta;

   — deonófar iad laistigh de theorainneacha leithleacha táirgeachta a chinnfear i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 29 de Rialachán (CEE) Uimh. 4253/88.

6. Cabhracha d'infheistíocht a chuireann feirmeoirí páirtaimseartha mar atá siad sainithe i reachtaíocht na hOstaire i gcrích, a dheonaítear de bhreis ar an uasteorainn atá socruithe in Airteagal 12(2) agus (3) de Rialachán (CEE) Uimh. 2328/91, ach a chomhlíonann na teorainneacha atá leagtha síos in Airteagal 7 den Rialachán sin. Féadfar deonú cabhracha den sórt sin a údarú ar feadh na dtrí bliana a leanann an t-aontachas.

AN FHIONLAINN

1. Cabhair atá forlíontach lena bhforáiltear in Airteagal 138 a dheonaítear i réigiúin ina dtáirgtear go traidisiúnta cruithneacht le haghaidh aráin, seagal le haghaidh aráin agus eorna bhraiche.

2. Cabhracha d'infheistíocht in earnálacha na muc, na n-uibheacha agus na héanlaithe, arna n-eisiamh de bhun na chéad mhíre d'Airteagal 6(4) agus Airteagal 6(6) de Rialachán (CEE) Uimh. 2328/91, ach a chomhlíonann forálacha eile an Rialacháin sin. I dtaca le cabhracha den sórt sin:

   — ní fhéadfaidh siad aon mhéadú a thabhairt ar chumais fhoriomlána táirgeachta;

   — deonófar iad laistigh de theorainneacha leithleacha táirgeachta a chinnfear i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 29 de Rialachán (CEE) Uimh. 4253/88.

3. Cabhracha atá forlíontach lena bhforáiltear in Airteagal 12(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 2328/91, a dheonaítear d'infheistíocht i dtáirgeadh táirgí gairneoireachta faoi réir Rialachán (CEE) Uimh. 1035/72 agus plandaí beo agus táirgí bláthadóireachta faoi réir Rialachán (CEE) Uimh. 234/68. I dtaca le cabhracha den sórt sin:

   — ní fhéadfaidh siad aon mhéadú a thabhairt ar chumais fhoriomlána táirgeachta;

   — deonófar iad laistigh de theorainneacha leithleacha táirgeachta a chinnfear i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 29 de Rialachán (CEE) Uimh. 4253/88.

IARSCRÍBHINN XV

Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 151 den Ionstraim Aontachais

I. SAORGHLUAISEACHT EARRAÍ

1. *370 L 0220:* Treoir 70/220/CEE ón gComhairle an 20 Márta 1970 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le bearta atá le glacadh i gcoinne aerthruaillithe ag astaíochtaí ó mhótarfheithiclí (IO Uimh. L 76, 6.4.1970, lch. 17), mar atá arna leasú le:

— *172 B:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe (IO Uimh. L 73, 27.3.1972, lch. 14),

— *374 L 0290:* Treoir 74/290/CEE ón gComhairle an 28 Bealtaine 1974 (IO Uimh. L 159, 15.6.1974, lch. 61),

— *377 L* 0102: Treoir 77/102/CEE ón gCoimisiún an 30 Samhain 1976 (IO Uimh. L 32, 3.2.1977, lch. 32),

— *378 L 0665:* Treoir 78/665/CEE ón gCoimisiún an 14 Iúil 1978 (IO Uimh. L 223, 14.8.1978, lch. 48),

— *179 H:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas na Poblachta Heilléanaí (IO Uimh. L 291, 19.11.1979, lch. 17),

— *383 L 0351:* Treoir 83/351/CEE ón gComhairle an 16 Meitheamh 1983 (IO Uimh. L 197, 20.7.1983, lch. 1),

— *185 I:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile (IO Uimh. L 302, 15.11.1985, lch. 23),

— *388 L 0076:* Treoir 88/76/CEE ón gComhairle an 3 Nollaig 1987 (IO Uimh. L 36, 9.2.1988, lch. 1),

— *388 L 0436:* Treoir 88/436/CEE ón gComhairle an 16 Meitheamh 1988 (IO Uimh. L 214, 6.8.1988, lch. 36), mar atá arna ceartú in IO Uimh. L 303, 8.11.1988, lch. 36,

— *389 L 0458:* Treoir 89/458/CEE ón gComhairle an 18 Iúil 1989 (IO Uimh. L 226, 3.8.1989, lch. 1),

— *389 L 0491:* Treoir 89/491/CEE ón gCoimisiún an 17 Iúil 1989 (IO Uimh. L 238, 15.8.1989, lch. 43),

— *391 L 0441:* Treoir 91/441/CEE ón gComhairle an 26 Meitheamh 1991 (IO Uimh. L 242, 30.8.1991, lch. 1),

— *393 L 0059:* Treoir 93/59/CEE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1993 (IO Uimh. L 186, 28.7.1993, lch. 21).

Féadfaidh Poblacht na hOstaire, faoi chuimsiú a nósanna imeachta náisiúnta cineálcheadaithe, a cuid rialachán féin maidir le hastaíochtaí ó fheithiclí tráchtála éadroma atá trealmhaithe le díosalinnill insteallta dhírigh a choimeád ar bun go dtí an 1 Deireadh Fómhair 1995, ach ceadóidh sí saorchúrsaíocht de réir an "acquis communautaire" amhail ón 1 Eanáir 1995. Ní fhéadfaidh Poblacht na hOstaire cineálcheadú CE a dheonú de réir Threoir 93/59/CEE ach amháin amhail ón dáta a chuirfidh sí an Treoir i dtrácht i bhfeidhm go hiomlán.

2. *375 L 0106:* Treoir 75/106/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1974 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le leachtanna réamhphacáistithe áirithe a dhéanamh suas de réir toirte (IO Uimh. L 42, 15.2.1975, lch. 1), mar atá arna leasú le:

— *378 L 0891:* Treoir 78/891/CEE ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 1978 (IO Uimh. L 311, 4.11.1978, lch. 21),

— *379 L 1005:* Treoir 79/1005/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1979 (IO Uimh. L 308, 4.12.1979, lch. 25),

— *385 L 0010:* Treoir 85/10/CEE ón gComhairle an 18 Nollaig 1984 (IO Uimh. L 4, 5.1.1985, lch. 20),

— *388 L 0316:* Treoir 88/316/CEE ón gComhairle an 7 Meitheamh 1988 (IO Uimh. L 143, 10.6.1988, lch. 26),

— *389 L 0676:* Treoir 89/676/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1989 (IO Uimh. L 398, 30.12.1989, lch. 18).

San Iorua, féadfar na táirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn III(1)(a), nuair atá siad i bpacáistí inaischurtha, a mhargú i dtoirteanna 0.35 agus 0.7 lítear go dtí an 31 Nollaig 1996. Amhail ó dháta an aontachais, leanfaidh Ríocht na hIorua de shaorchúrsaíocht a áirithiú do tháirgí arna margú de réir cheanglais Threoir 75/106/CEE, mar atá arna leasú go deireanach.

3. *377 L 0541:* Treoir 77/541/CEE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1977 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le criosanna sábhála agus córais bhactha mótarfheithiclí (IO Uimh. L 220, 29.8.1977, lch. 95), mar atá arna leasú le:

— *179 H:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas na Poblachta Heilléanaí (IO Uimh. L 291, 19.11.1979, lch. 17),

— *381 L 0576:* Treoir 81/576/CEE ón gComhairle an 20 Iúil 1981 (IO Uimh. L 209, 29.7.1981, lch. 32),

— *382 L 0319:* Treoir 82/319/CEE ón gCoimisiún an 2 Aibreán 1982 (IO Uimh. L 139, 19.5.1982, lch. 17),

— *185 I:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile (IO Uimh. L 302, 15.11.1985, lch. 23),

— *387 L 0354:* Treoir 87/354/CEE ón gComhairle an 25 Meitheamh 1987 (IO Uimh. L 192, 11.7.1987, lch. 43),

— *390 L 0628:* Treoir 90/628/CEE ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 1990 (IO Uimh. L 341, 6.12.1990, lch. 1).

Féadfaidh Poblacht na Fionlainne, Ríocht na hIorua agus Ríocht na Sualainne, faoi chuimsiú a nósanna imeachta náisiúnta cineálcheadaithe, diúltú go gcuirfí ar an margadh feithiclí d'aicmí M1, M2 agus M3 nach gcomhallann a gcriosanna sábhála nó a gcórais bhactha ceanglais Threoir 77/541/CEE mar atá arna leasú go deireanach le Treoir 90/628/CEE go dtí an 1 Iúil 1997, ach ní dhiúltóidh siad go gcuirfí ar an margadh feithiclí a urramaíonn na ceanglais sin. Ní fhéadfaidh Poblacht na Fionlainne ná Ríocht na hIorua cineálcheadú CE a dheonú de réir Threoir 90/628/CEE ach amháin ón dáta a chuirfidh siad an Treoir i dtrácht i bhfeidhm go hiomlán. Ní fhéadfaidh Ríocht na Sualainne cineálcheadú CE a dheonú de réir na dTreoracha sin ach amháin d'fheithiclí a chomhallann ceanglais shainordaitheacha Threoir 77/541/CEE mar atá arna leasú le Treoir 90/628/CEE.

4. *388 L 0077:* Treoir 88/77/CEE ón gComhairle an 3 Nollaig 1987 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann leis na bearta atá le glacadh i gcoinne astaíocht truailleán gásach agus cáithníneach ó dhíosalinnill atá le húsáid i bhfeithiclí (IO Uimh. L 36, 9.2.1988, lch. 33), mar atá arna leasú le:

— *391 L 0542:* Treoir 91/542/CEE ón gComhairle an 1 Deireadh Fómhair 1991 (IO Uimh L 295, 25.10.1991, lch. 1).

Féadfaidh Ríocht na Sualainne, faoi chuimsiú a nósanna imeachta náisiúnta cineálcheadaithe, a cuid rialachán féin maidir le hastaíochtaí ó dhíosalinnill is lú ná 85 kW a choimeád ar bun go dtí an 1 Deireadh Fómhair 1996, ach ceadóidh sí saorchúrsaíocht de réir an "acquis communautaire" amhail ón 1 Eanáir 1995. Ní fhéadfaidh Ríocht na Sualainne cineálcheadú CE a dheonú de réir Threoir 91/542/CEE ach amháin ón dáta a chuirfidh sí an Treoir i dtrácht i bhfeidhm go hiomlán.

II. SAORGHLUAISEACHT DAOINE, SEIRBHÍSÍ AGUS CAIPITIL

1. *378 L 0686:* Treoir 78/686/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1978 maidir le dioplómaí, teastais agus cruthúnais eile ar cháilíochtaí foirmiúla fiaclóirí agus déidlianna a aithint go frithpháirteach, lena n-áirítear bearta chun feidhmiú éifeachtach an chirt bhunaíochta agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a éascú (IO Uimh. L 233, 24.8.1878, lch. 1), mar atá arna leasú le:

— *179 H:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas na Poblachta Heilléanaí (IO Uimh. L 291, 19.11.1979, lch. 17),

— *381 L 1057:* Treoir 81/1057/CEE ón gComhairle an 14 Nollaig 1981 (IO Uimh. L 385, 31.12.1981, lch. 25),

— *185 I:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile (IO Uimh. L 302, 15.11.1985, lch. 23),

— *389 L 0594:* Treoir 89/594/CEE ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 1989 (IO Uimh. L 341, 23.11.1989, lch. 19),

— *390 L 0658:* Treoir 90/658/CEE ón gComhairle an 4 Nollaig 1990 (IO Uimh. L 353, 17.12.1990, lch. 73).

Go dtí go gcríochnófar oiliúint fiaclóirí agus déidlianna san Ostair faoi na coinníollacha arna leagan síos de bhun Threoir 78/687/CEE nó go dtí an 31 Nollaig 1998 ar a dhéanaí, cuirfear siar saoirse bhunaíochta agus saoirse chun seirbhísí a sholáthar i gcás fiaclóirí agus déidlianna cáilithe ó na Ballstáit eile san Ostair agus dochtúirí Ostaracha cáilithe atá ag cleachtadh na fiaclóireachta sna Ballstáit eile.

Le linn an mhaolaithe shealadaigh dá bhforáiltear thuas, coimeádfar ar bun saoráidí ginearálta nó speisialta maidir leis an gceart bunaíochta agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar a bheadh ann de bhun forálacha Ostaracha nó Coinbhinsiún ag rialú an chaidrimh idir Poblacht na hOstaire agus aon Bhallstát eile agus déanfar iad a chur i bhfeidhm ar bhonn neamhidirdhealaitheach i leith na mBallstát eile go léir.

2. *392 L 0096:* Treoir 92/96/CEE ón gComhairle an 10 Samhain 1992 maidir le comhordú forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin a bhaineann le hárachas díreach saoil agus ag leasú Threoracha 79/267/CEE agus 90/619/CEE (Tríú Treoir maidir le hárachas saoil) (IO Uimh. L 360, 9.12.1992, lch. 1).

(a) Féadfaidh Ríocht na Sualainne socrú idirthréimhseach a oibriú go dtí an 1 Eanáir 2000 chun Airteagal 22(1)(b) de Threoir 92/96/CEE a chomhlíonadh, ar an tuiscint go ndéanfaidh údaráis na Sualainne, faoin 1 Iúil 1994, sceideal na mbeart atá le glacadh chun na hamhantair a théann thar theorainneacha Airteagal 22(1)(b) a thabhairt laistigh de na teorainneacha atá leagtha síos sa Treoir a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena fhormheas.

(b) Tráth nach déanaí ná dáta aontachais na Sualainne agus ar an 31 Nollaig 1997, tíolacfaidh údaráis na Sualainne tuarascálacha dul chun cinn don Choimisiún ar na bearta arna nglacadh chun an Treoir a chomhlíonadh. Déanfaidh an Coimisiún na bearta sin a athbhreithniú ar bhonn na dtuarascálacha sin. I bhfianaise na n-athruithe ar an gcor, déanfar, más iomchuí, na bearta sin a oiriúnú d'fhonn próiseas laghdaithe na n-amhantar a luasghéarú. Ceanglóidh údaráis na Sualainne ar na cuideachtaí árachas saoil i dtrácht próiseas laghdaithe na n-amhantar ábhartha a thionscnamh láithreach. Ní dhéanfaidh na cuideachtaí i dtrácht na hamhantair sin a mhéadú tráth ar bith mura bhfuil siad cheana laistigh de na teorainneacha atá forordaithe sa Treoir agus murab amhlaidh nach dtiocfaidh as aon mhéadú den sórt sin go rachaidh siad thar na teorainneacha sin. Tíolacfaidh údaráis na Sualainne tuarascáil chríochnaitheach ar thorthaí na mbeart thuas faoi dheireadh na hidirthréimhse.

III. BEARTAS IOMPAIR

391 L 0439: Treoir 91/439/CEE ón gComhairle an 29 Iúil 1991 maidir le ceadúnais tiomána (IO Uimh. L 237, 24.8.1991, lch. 1).

Féadfaidh Ríocht na hIorua leanúint dá fhormáid dá ceadúnas tiomána láithreach a eisiúint de mhaolú ar Airteagal 1(1) go dtí an 31 Nollaig 1997. Ag deireadh na tréimhse sin cuirfidh Ríocht na hIorua an "acquis communautaire" atá ann ag an am sin maidir le ceadúnais tiomána i bhfeidhm.

IV. STAIDREAMH

1. *372 L 0211:* Treoir 72/211/CEE ón gComhairle an 30 Bealtaine 1972 maidir le staidreamh comhordaithe ar an timthriall gnó sa tionscal agus i gceardtionscail bheaga (IO Uimh. L 128, 3.6.1972, lch. 28), mar atá arna leasú le:

— *179 H:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas na Poblachta Heilléanaí (IO Uimh. L 291, 19.11.1979, lch. 17),

— *185 I:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile (IO Uimh. L 302, 15.11.1985, lch. 23).

Féadfaidh Poblacht na Fionlainne bailiú na sonraí is gá de thoradh na Treorach sin a chur ar athló go dtí an 1 Eanáir 1997. Ar a shon sin, cuirfear ar fáil le héifeacht ó dháta an aontachais sonraí míosúla ar an innéacs táirgeachta tionsclaíche.

2. *390 R 3037:* Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1990 maidir le rangú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach (IO Uimh. L 293, 24.10.1990, lch. 1), mar atá arna leasú le:

— *393 R 0761:* Rialachán (CEE) Uimh. 761/93 ón gCoimisiún an 24 Márta 1993 (IO Uimh. L 83, 3.4.1993, lch. 1).

Féadfaidh Poblacht na Fionlainne cur i bhfeidhm an Rialacháin sin a chur ar athló go dtí an 1 Eanáir 1997.

Ar a shon sin, le héifeacht ó dháta an aontachais, déanfaidh Poblacht na Fionlainne tráthchlár a tharraingt suas ag taispeáint go soiléir na dtréimhsí sna réimsí éagsúla (cuntais náisiúnta, ionchur-aschur, fiosrúcháin thráthrialta, etc.) agus déanfaidh sí a dícheall sonraí a sheoladh i bhfoirm arna hoiriúnú do "NACE Rev. 1".

3. *391 D 3731:* Cinneadh Uimh. 3731/91/CEGC ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 1991 ag leasú na gceistneoirí san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinntí Uimh. 1566/86/CEGC, Uimh. 4104/88/CEGC agus Uimh. 3938/89/CEGC (IO Uimh. L 359, 30.12.1991, lch. 1).

   Féadfaidh Poblacht na Fionlainne bailiú na sonraí atá áirithe i gceistneoir 2-73 "Deliveries of steel on the national market by product and by consumer activity" san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin a chur ar athló go dtí an 1 Eanáir 1996.

4. *391 R 3924:* Rialachán (CEE) Uimh. 3924/91 ón gComhairle an 19 Nollaig 1991 maidir le suirbhé Comhphobail ar an táirgeacht thionsclaíoch a bhunú (IO Uimh. L 374, 31.12.1991, lch. 1).

   Féadfaidh Poblacht na Fionlainne cur i bhfeidhm an Rialacháin sin a chur ar athló go dtí an 1 Eanáir 1997.

   Ar a shon sin, le héifeacht ó dháta an aontachais, déanfaidh Poblacht na Fionlainne tráthchlár a tharraingt suas ag taispeáint go soiléir na dtréimhsí sna réimsí éagsúla (cuntais náisiúnta, ionchur-aschur, fiosrúcháin thráthrialta, etc.) agus déanfaidh sí a dícheall sonraí a sheoladh i bhfoirm arna hoiriúnú do "NACE Rev 1".

5. *393 R 0696:* Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 ón gComhairle an 15 Márta 1993 maidir leis na haonaid staidrimh chun an córas táirgeachta sa Chomhphobal a bhreathnú agus a anailísiú (IO Uimh. L 76, 30.3.1993, lch. 1).

   I gcás Phoblacht na hOstaire, leanfaidh an idirthréimhse arna bunú in Airteagal 4(1) go dtí an 31 Nollaig 1996.

6. *393 R 2186:* Rialachán (CEE) Uimh. 2186/93 ón gComhairle an 22 Iúil 1993 maidir le comhordú Comhphobail um chláir ghnó a tharraingt suas chun críocha staidrimh (IO Uimh. L 196, 5.8.1993, lch. 1).

   Féadfaidh Poblacht na hOstaire cur i bhfeidhm an Rialacháin sin a chur ar athló go dtí an 31 Nollaig 1996.

   Ar a shon sin, cuirfear i gcrích le héifeacht ó dháta an aontachais suirbhéanna tionsclaíocha staidrimh.

V. BEARTAS SÓISIALTA

376 L 0207: Treoir 76/207/CEE ón gComhairle an 9 Feabhra 1976 maidir le prionsabal na córa comhionainne d'fhir agus do mhná a chur chun feidhme a mhéad a bhaineann le rochtain ar fhostaíocht, oiliúint ghairmiúil agus ardú céime, agus le dálaí oibre (IO Uimh. L 39, 14.2.1976, lch. 40).

Ní bheidh Airteagal 5 den Treoir sin infheidhme ar an Ostair go dtí 2001 i leith obair oíche do mhná.

Roimh an 31 Nollaig 1997 déanfaidh an Chomhairle, tar éis di tuarascáil a fháil ón gCoimisiún maidir le forbairt an choir shóisialta agus eacnamaíoch, torthaí an mhaolaithe seo a scrúdú i bhfianaise cheanglais dhlí an Chomhphobail.

VI. COMHSHAOL

1. *375 L 0716:* Treoir 75/716/CEE ón gComhairle an 24 Samhain 1975 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann leis an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe (IO Uimh. L 307, 27.11.1975, lch. 22), mar atá arna leasú le:

   — *387 L 0219:* Treoir 87/219/CEE ón gComhairle an 30 Márta 1987 (IO Uimh. L 91, 3.4.1987, lch. 19),

   — *390 L 0660:* Treoir 90/660/CEE ón gComhairle an 4 Nollaig 1990 (IO Uimh. L 353, 17.12.1990, lch. 79),

   — *391 L 0692:* Treoir 91/692/CEE ón gComhairle an 23 Nollaig 1991 (IO Uimh. L 377, 31.12.1991, lch. 48),

   — *393 L 0012:* Treoir 93/12/CEE ón gComhairle an 23 Márta 1993 (IO Uimh. L 74, 27.3.1993, lch. 81).

(a) Féadfaidh Poblacht na hOstaire a reachtaíocht náisiúnta maidir leis an gcion sulfair i mbreoslaí díosail a choimeád ar bun, de mhaolú ar Airteagal 2(1), go dtí an 1 Deireadh Fómhair 1996.

(b) Féadfaidh Poblacht na Fionlainne a reachtaíocht náisiúnta maidir leis an gcion sulfair i mbreoslaí díosail a choimeád ar bun, de mhaolú ar Airteagal 2(1), go dtí an 1 Deireadh Fómhair 1996.

2. *390 L 0641:* Treoir 90/641/CEFA ón gComhairle an 4 Nollaig 1990 maidir le cosaint oibríochtúil oibrithe seachtracha atá faoi lé phriacal na radaíochta ianúcháin i gcúrsa a gcuid gníomhaíochtaí i limistéir rialaithe (IO Uimh. L 349, 13.12.1990, lch. 21).

Cuirfidh Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne i bhfeidhm, amhail ón 1 Eanáir 1997, forálacha Airteagail 2, 3, 5 agus 6(e) a thagraíonn do Threoir 80/836/CEFA ón gComhairle an 15 Iúil 1980 ag leasú na dTreoracha ag leagan síos na mbunchaighdeán sábháilteachta le haghaidh chosaint shláinte an ghnáthphobail agus oibrithe in aghaidh chontúirtí na radaíochta ianúcháin.

3. *390 R 0737:* Rialachán (CEE) Uimh. 737/90 ón gComhairle an 22 Márta 1990 maidir leis na coinníollacha ag rialú allmhairí táirgí talmhaíochta de thionscnamh tríú tíortha de dheasca na tubaiste ag stáisiún cumhachta núicléiche Shearnóbail (IO Uimh. L 82, 29.3.1990, lch. 1), mar atá arna leasú le:

— *393 R 1518:* Rialachán (CEE) Uimh. 1518/93 ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 1993 (IO Uimh. L 150, 22.6.1993, lch. 30).

Féadfaidh Poblacht na hOstaire a reachtaíocht náisiúnta chomhfhreagrach a choimeád ar bun go dtí an 31 Márta 1995.

4. *392 L 0112:* Treoir 92/112/CEE ón gComhairle an 15 Nollaig 1992 maidir leis na nósanna imeachta le haghaidh chomhchuibhiú na gclár um thruailliú arb é an dramhaíl ón tionscal dé-ocsaíde tíotáiniam is cúis leis a laghdú agus a dhíchur faoi dheoidh (IO Uimh. L 409, 31.12.1992, lch. 11).

Cuirfidh Ríocht na hIorua chun feidhme forálacha Airteagal 9(1)(a)(ii) a bhaineann le díluchtú dramhaíola a laghdú san atmaisféar amhail ón 1 Eanáir 1997. Cuirfidh Ríocht na hIorua faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh meastóireachta clár éifeachtach chun astaíochtaí SO_2 a laghdú, lena n-áirítear tíolacadh an phlean infheistíochta agus na roghanna teicneolaíocha roghnaithe mar aon le staidéar measúnachta ar an tionchar ar an timpeallacht i gcás uisce na farraige sa phróiseas cóireála, ar dháta Airteagal 9(1)(a)(ii) a theacht i bhfeidhm ar a dhéanaí (1 Eanáir 1995).

5. *393 R 0259:* Rialachán (CEE) Uimh. 259/93 ón gComhairle an 1 Feabhra 1993 maidir le loingsiú dramhaíola a mhaoirsiú agus a rialú laistigh den Chomhphobal Eorpach agus isteach ann agus amach as (IO Uimh. L 30, 6.2.1993, lch. 1).

Féadfaidh Poblacht na hOstaire a reachtaíocht náisiúnta maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras dramhaíola a choimeád ar bun go dtí an 31 Nollaig 1996.

VII. TALMHAÍOCHT

A. FORÁLACHA GINEARÁLTA

I. *LSCF*

365 R 0079: Rialachán Uimh. 79/65/CEE ón gComhairle an 15 Meitheamh 1965 ag cur líonra ar bun chun sonraí cuntasaíochta ar ioncaim agus oibriú gnó na ngabháltas talmhaíochta i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa a bhailiú (IO Uimh. 109, 23.6.1965, lch. 1859/65), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *390 R 3577:* Rialachán (CEE) Uimh. 3577/90 ón gComhairle an 4 Nollaig 1990 (IO Uimh. L 353, 17.12.1990, lch. 23).

Comhlíonfaidh an Iorua, an Fhionlainn agus an tSualainn cineál na sonraí cuntasaíochta agus na saghsanna gabháltas is gá de bhun Rialachán Uimh. 79/65/CEE faoin 31 Nollaig 1997 ar a dhéanaí.

II. *Rialú iomlánaithe*

392 R 3508: Rialachán (CEE) Uimh. 3508/92 ón gComhairle an 27 Samhain 1992 ag bunú córas iomlánaithe riaracháin agus rialaithe do scéimeanna áirithe cabhrach Comhphobail (IO Uimh. L 355, 5.12.1992, lch. 1), mar atá arna leasú le:

— *394 R 0165:* Rialachán (CE) Uimh. 165/94 ón gComhairle an 24 Eanáir 1994 (IO Uimh. L 24, 29.1.1994, lch. 6).

De mhaolú ar Airteagal 13 de Rialachán (CEE) Uimh. 3508/92, beidh an córas iomlánaithe infheidhme sna Ballstáit nua:

— ón 1 Márta 1995 maidir le hiarratais ar chabhair agus leis an gcóras iomlánaithe rialaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (CEE) Uimh. 3508/92,

— ón 1 Eanáir 1997 ar a dhéanaí maidir leis na hábhair eile dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán (CEE) Uimh. 3508/92.

Glacfaidh na Ballstáit nua na meáin riarthacha, buiséadacha agus teicniúla uile is gá chun a áirithiú go bhfuil eilimintí faoi seach an chórais iomlánaithe oibríochtúil amhail ó na dátaí sin. Ar a shon sin, a mhéad a thagann eilimint amháin nó níos mó den chóras iomlánaithe chun bheith oibríochtúil roimh na dátaí sin, féadfaidh siad iad a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí bainistíochta agus rialaithe.

I gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 13 de Rialachán (CEE) Uimh. 729/70, féadfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe a ghlacadh chun an fhoráil seo a chur i bhfeidhm, agus go háirithe bearta idirthréimhseacha do thréimhse thionscanta an chórais sna Ballstáit nua.

B. EAGRAÍOCHT NA MARGAÍ

I. *Bainne agus táirgí bainne*

371 R 1411: Rialachán (CEE) Uimh. 1411/71 ón gComhairle an 29 Meitheamh 1971 ag leagan síos rialacha breise maidir le comheagraíocht an mhargaidh i mbainne agus i dtáirgí bainne do bhainne le hól (IO Uimh. L 148, 3.7.1971, lch. 4), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *392 R 2138:* Rialachán (CEE) Uimh. 2138/92 ón gComhairle an 23 Iúil 1992 (IO Uimh. L 214, 30.7.1992, lch. 6).

De mhaolú ar Airteagal 3(1)(b) de Rialachán (CEE) Uimh. 1411/71, ní bheidh na ceanglais a bhaineann le híoschion saille infheidhme ar bhainne don duine arna tháirgeadh san Fhionlainn, an Iorua agus an tSualainn ar feadh tréimhse trí bliana ó dháta an aontachais. Ní fhéadfar bainne don duine nach gcomhlíonann na ceanglais a bhaineann le híoschion saille a mhargú ach amháin sa tír tháirgeachta nó féadfar é a onnmhairiú chuig tríú tír. Le linn na tréimhse sin, déanfar an rangú ar bhainne don duine atá leagtha síos sa Rialachán a athbhreithniú.

II. *Mairteoil agus laofheoil*

368 R 0805: Rialachán (CE) Uimh. 805/68 ón gComhairle an 27 Meitheamh 1968 maidir le comheagraíocht an mhargaidh i mairteoil agus laofheoil (IO Uimh. L 148, 27.6.1968, lch. 24), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *393 R 3611:* Rialachán (CE) Uimh. 3611/93 ón gComhairle an 22 Nollaig 1993 (IO Uimh. L 328, 29.12.1993, lch. 7).

De mhaolú ar Airteagal 9(1), i gcás táirgí a thig faoi cheannteideal taraife 1602 50 den Chomhtharaif Chustaim, féadfaidh an Ostair, le linn na hidirthréimhse, a cuid dleachtanna custaim ar onnmhairí ó thríú tíortha a ailíniú go comhleanúnach ar na dleachtanna custaim is infheidhme faoi CTC.

Cuirfear an t-ailíniú i gcrích ag tús gach ceann de na cúig bliana i ndiaidh dháta an aontachais. Beidh sé comhionann faoi seach, ar a laghad, le séú cuid, cúigiú cuid, ceathrú cuid, trian, agus leath na difríochta idir na dleachtanna.

Beidh na dleachtanna custaim a leanann ó CTC a chur i bhfeidhm infheidhme amhail ón mbliain 2000.

III. *Torthaí agus glasraí*

372 R 1035: Rialachán (CEE) Uimh. 1035/72 ón gComhairle an 18 Bealtaine 1972 maidir le comheagraíocht an mhargaidh i dtorthaí agus glasraí (IO Uimh. L 118, 20.5.1972, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *393 R 3669:* Rialachán (CEE) Uimh. 3669/93 ón gComhairle an 20 Nollaig 1993 (IO Uimh. L 338, 31.12.1993, lch. 26).

De mhaolú ar Airteagal 2 de Rialachán (CEE) Uimh. 1035/72, gabhfar cur i bhfeidhm comhchaighdeáin cháilíochta ar láimh i gcomhréir le coinníollacha a chinnfear de réir an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 33 den Rialachán, le linn tréimhse:

— trí bliana i leith tháirgí na hOstaire agus dhá bhliain i leith tháirgí na Fionlainne. Le linn na dtréimhsí sin, gan dochar do na forálacha arna nglacadh de bhun an dara fomhír d'Airteagal 12(1), ní fhéadfar na táirgí sin a mhargú ach amháin ar an margadh náisiúnta;

— dhá bhliain i leith cairéad a tháirgtear sa tSualainn. Le linn na tréimhse sin, féadfar na táirgí sin a onnmhairiú chuig tríú tíortha.

IV. *Fíon agus deochanna biotáilleacha*

1. *389 R 1576:* Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle an 29 Bealtaine 1989 ag leagan síos rialacha ginearálta maidir le sainmhíniú, tuairisciú agus tíolacadh deochanna biotáilleacha (IO Uimh. L 160, 12.6.1989, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *392 R 3280:* Rialachán (CEE) Uimh. 3280/92 ón gComhairle an 9 Samhain 1992 (IO Uimh. L 327, 13.11.1992, lch. 3).

De mhaolú ar fhorálacha Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89:

— féadfar deochanna biotáilleacha arna n-ullmhú san Ostair roimh an aontachas agus deochanna arna n-ullmhú idir an 1 Eanáir 1995 agus an 31 Nollaig 1995, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm, a mhargú sa Chomhphobal go dtí an 31 Nollaig 1996, i dtíolacadh atá ar cothrom le forálacha náisiúnta. Féadfar táirgí atá fós ar láimh sa riocht miondíola ar an dáta deireanach a dhiúscairt go dtí go ndísceofar na stoic;

— údarófar an t-ainmniú "Inländerrum" go dtí an 31 Nollaig 1998 do tháirgí a thionscnaíonn san Ostair, a mhéad atá tíolacadh an táirge ar cothrom le rialacha Comhphobail maidir le hainmniú agus tíolacadh deochanna biotáilleacha, atá na táthchodanna luaite go soiléir ar lipéad tosaigh an bhuidéil agus atá sé sonraithe go neamhdhébhríoch ar an lipéad sin nach bhfuil rum sa táirge.

2. *389 R 2392:* Rialachán (CEE) Uimh. 2392/89 ón gComhairle an 24 Iúil 1989 ag leagan síos rialacha ginearálta le haghaidh tuairisciú agus tíolacadh fíonta agus úrfhíonta fíonchaor (IO Uimh. L 232, 9.8.1989, lch. 13), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *391 R 3897:* Rialachán (CEE) Uimh. 3897/91 ón gComhairle an 16 Nollaig 1991 (IO Uimh. L 368, 31.12.1991, lch. 5).

392 R 2333: Rialachán (CEE) Uimh. 2333/92 ón gComhairle an 13 Iúil 1992 ag leagan síos rialacha ginearálta le haghaidh tuairisciú agus tíolacadh fíonta drithleacha agus fíonta drithleacha aeraithe (IO Uimh. L 231, 13.8.1992, lch. 9).

1. De mhaolú ar Rialacháin (CEE) Uimh. 2392/89 agus (CEE) Uimh. 2333/92:

— féadfar fíonta agus fíonta drithleacha, fíonta drithleacha aeraithe agus úrfhíonta fíonchaor atá ar chríoch na hOstaire agus atá ainmnithe agus tíolactha i gcomhréir le forálacha Ostaracha atá i bhfeidhm roimh an 1 Márta 1995 a mhargú go dtí go ndísceofar na stoic;

— féadfar lipéid a clódh roimh an 1 Márta 1995 ar a bhfuil faisnéis atá ar cothrom le forálacha Ostaracha ar an dáta sin, ach nach bhfuil ar cothrom le forálacha Comhphobail, a úsáid go dtí an 1 Márta 1996.

Glacfar rialacha mionsonraithe cur chun feidhme de réir mar is gá i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 83 de Rialachán (CEE) Uimh. 822/87.

2. De mhaolú ar Airteagal 6(6)(a) de Rialachán (CEE) Uimh. 2333/92, féadfar an trádmharc "Winzersekt", a cláraíodh san Ostair roimh an 1 Márta 1994, a úsáid san Ostair go dtí an 31 Nollaig 1999 d'fhíonta drithleacha arna dtáirgeadh san Ostair ar cothrom leis na forálacha atá socraithe de bhun Airteagal 6 a dúradh do "Winzersekt".

Glacfar rialacha mionsonraithe cur chun feidhme de réir mar is gá i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 83 de Rialachán (CEE) Uimh. 822/87.

3. *391 R 1601:* Rialachán (CEE) Uimh. 1601/91 ón gComhairle an 10 Meitheamh 1991 ag leagan síos rialacha ginearálta maidir le sainmhíniú, tuairisciú agus tíolacadh fíonta cumhraithe, deochanna cumhraithe bunaithe ar fhíon agus manglaim chumhraithe de tháirgí fíona (IO Uimh. L 149, 14.6.1991, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *392 R 3279:* Rialachán (CEE) Uimh. 3279/92 ón gComhairle an 9 Samhain 1992 (IO Uimh. L 327, 13.11.1992, lch. 1).

De mhaolú ar Airteagal 6, le linn na chéad bhliana i ndiaidh a haontachais, féadfaidh an Iorua "vermut" a tháirgeadh ar cothrom leis na rialacha atá i bhfeidhm roimh an aontachas. Féadfar táirgí a thig ó tháirgeacht den sórt sin a mhargú ar mhargadh na hIorua go dtí an 31 Nollaig 1996 ar a dhéanaí.

4. *392 R 2332:* Rialachán (CEE) Uimh. 2332/92 ón gComhairle an 13 Iúil 1992 maidir le fíonta drithleacha arna dtáirgeadh sa Chomhphobal (IO Uimh. L 231, 13.8.1992, lch. 1), mar atá arna leasú le:

— *393 R 1568:* Rialachán (CEE) Uimh. 1568/93 ón gComhairle an 14 Meitheamh 1993 (IO Uimh. L 154, 25.6.1993, lch. 42).

1. mhaolú ar Airteagal 17(1) agus (2) de Rialachán (CEE) Uimh. 2332/92, go dtí an 31 Nollaig 1997, socrófar an íostréimhse de phróiseas déanta fíonta drithleacha cáilíochta, amach ó fhíonta drithleacha cáilíochta trs, arna dtáirgeadh san Ostair de réir an mhodha umair iata, mar a leanas:

(a) maidir leis an tréimhse aosaithe sa ghnóthas ina ndéantar iad agus arna meas ó thús an phróisis choipthe atá ceaptha chun an cuvée a dhéanamh drithleach:

— arna dtáirgeadh i 1995: íostréimhse ar bith riachtanach

— arna dtáirgeadh i 1996: íostréimhse ar bith riachtanach

— arna dtáirgeadh i 1997: ceithre mhí

(b) maidir le tréimhse an phróisis choipthe atá ceaptha chun an cuvée a dhéanamh drithleach agus tréimhse láithreacht an cuvée ar an dríodar:

— arna dtáirgeadh i 1995: íostréimhse ar bith riachtanach

— arna dtáirgeadh i 1996: íostréimhse ar bith riachtanach

— arna dtáirgeadh i 1997: 60 lá nó, má dhéantar an coipeadh i gcoimeádáin le measc-thóirí, 20 lá.

2. Ní fhéadfar fíonta drithleacha cáilíochta a bhí ina n-ábhair do na maoluithe dá dtagraítear i mír 1 a mhargú ach amháin san Ostair faoin ainmniú "fíonta drithleacha cáilíochta" nó "Sekt".

3. Glacfar rialacha mionsonraithe cur chun feidhme de réir mar is gá i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 83 de Rialachán (CEE) Uimh. 822/87.

C. BARRA CURAÍOCHTA

392 R 1765: Rialachán (CEE) Uimh. 1765/92 ón gComhairle an 30 Meitheamh 1992 ag bunú córas tacaíochta do tháirgeoirí barra áirithe curaíochta (IO Uimh. L 181, 1.7.1992, lch. 12), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *394 R 0232:* Rialachán (CE) Uimh. 232/94 ón gComhairle an 24 Eanáir 1994 (IO Uimh. L 30, 3.2.1994, lch. 7).

1. De mhaolú ar Airteagal 7(6), féadfaidh táirgeoirí sa tSualainn a bhfuil, de bhun scéim náisiúnta cur i leataobh, achar talaimh is mó curtha i leataobh acu ná an t-achar a bhfuil sé ar intinn acu barra curaíochta cáilithe a fhás ann, agus nach bhfuil tar éis atosú ar bharra a fhás ar an talamh sin, féadfaidh siad ar scor dá rannpháirtíocht sa scéim náisiúnta, leanúint de thalamh a chur i leataobh a bhí curtha i leataobh acu cheana faoi scéim den sórt sin go ceann tréimhse bhreise 60 mí. Bunófar íocaíocht don chur i leataobh ag an ráta dá dtagraítear in Airteagal 7(6) don chion is mó ná an cion faoi bharra curaíochta a bhfuil íocaíocht chúiteach iarrtha ina leith.

2. Go dtí an bhliain mhargaíochta 1999/2000, féadfaidh an Ostair, faoi réir réamhúdarú ón gCoimisiún, íocaíocht, is ionann is an íocaíocht a bhí iníoctha roimh an aontachas, a dhéanamh le táirgeoirí beaga, mar atá siad sainithe in Airteagal 8(2), a leanann d'achar talaimh a chur i leataobh is ionann is an t-achar a bhfuair siad íocaíocht ina leith faoi scéim náisiúnta faoin 1 Eanáir 1994. Is é an Ostair a iompróidh costas íocaíocht den sórt sin.

D. STRUCHTÚIR

1. *390 R 0866:* Rialachán (CEE) Uimh. 866/90 ón gComhairle an 29 Márta 1990 maidir leis na dálaí próiseála agus margaíochta do tháirgí talmhaíochta a fheabhsú (IO Uimh. L 91, 6.4.1990, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *393 R 3669:* Rialachán (CE) Uimh. 3669/93 ón gComhairle an 22 Nollaig 1993 (IO Uimh. L 338, 31.12.1993, lch. 26).

Agus Airteagal 16(5) á chur i bhfeidhm aige, féadfaidh an Coimisiún:

— a údarú don Iorua, ar feadh na dtrí bliana i ndiaidh a haontachais, cabhracha náisiúnta d'infheistíochtaí in aon earnáil táirgí a thig faoi Iarscríbhinn II de Chonradh CE agus a bhfuil athstruchtúrú de dhíth inti, ar choinníoll nach ndéantar cumas táirgeachta na hearnála sin a mhéadú;

— na forálacha seo a chur chun feidhme i leith na hOstaire agus na Fionlainne i gcomhréir le dearbhú Uimh. 31 atá leagtha amach san Ionstraim Chríochnaitheach.

Ar a shon sin, ní fhéadfar an t-údarú ón gCoimisiún a dheonú ach amháin má áirithítear rannpháirtíocht leormhaith dóibh siúd atá cáilithe do mhaoiniú na n-infheistíochtaí i dtrácht.

2. *391 R 2328:* Rialachán (CEE) Uimh. 2328/91 ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le héifeachtúlacht struchtúr talmhaíochta a fheabhsú (IO Uimh. L 218, 6.8.1991, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *393 R 3669:* Rialachán (CE) Uimh. 3669/93 ón gComhairle an 22 Nollaig 1993 (IO Uimh. L 338, 31.12.1993, lch. 26).

De mhaolú:

(a) ar Airteagal 5(1)(c), féadfar na cabhracha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a dheonú san Iorua agus sa tSualainn go dtí an 31 Nollaig 1999 ar mhaithe le gabháltais agrafhoraoiseachta de chineál teaghlaigh, ar choinníoll nach lú ná 15

heicteár achar talmhaíochta an ghabháltais agus go mbaineann na cabhracha le gníomhaíochtaí talmhaíochta amháin. Is é an Coimisiún a chinnfidh uasmhéid gabháltas agrafhoraoiseachta de chineál teaghlaigh, de bhun an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 29 de Rialachán (CEE) Uimh. 4253/88;

(b) ar na teorainneacha dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 12(2), féadfaidh an Fhionlainn agus an Iorua, i gcomhréir le hAirteagail 92 go 94 de Chonradh CE:

— cabhair náisiúnta d'infheistíochtaí dá bhforáiltear in Airteagal 5 a dheonú, go dtí an 31 Nollaig 2001, do ghabháltais talmhaíochta inar mó an t-ioncam oibre ná an t-ioncam tagartha, dá dtagraítear san fhoráil chéanna.

— cabhair náisiúnta a dheonú go dtí an 31 Nollaig 2001 ar mhaithe le gabháltais talmhaíochta a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu;

(c) ar Airteagal 35, féadfaidh Poblacht na hOstaire, faoi réir údarú ón gCoimisiún:

— leanúint de chabhair náisiúnta a dheonú go dtí an 31 Nollaig 2004 do tháirgeoirí beaga a bhí i dteideal chuici i 1993 de bhua reachtaíocht náisiúnta, a mhéad nach leor an liúntas cúiteach dá dtagraítear in Airteagail 17 go 19 chun buanchiseanna nádúrtha a chúiteamh. Ní rachaidh an chabhair iomlán a dheonaítear do na táirgeoirí sin thar na méideanna a deonaíodh san Ostair sa bhliain thuasluaite.

Roimh an 30 Meitheamh 1999 agus 2004, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm an bhirt seo mar aon le togra, más iomchuí. Cinnfidh an Chomhairle ar an togra sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 43(2) de Chonradh CE;

(d) ar Airteagal 5(1)(d), féadfaidh Poblacht na hOstaire go dtí an 31 Nollaig 1999, táirgeoirí a dhíolmhú ón oibleagáid atá leagtha síos san fhoráil sin.

E. COTHÚ AINMHITHE

1. *370 L 0524:* Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO Uimh. L 270, 14.12.1970, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *393 L 0114:* Treoir 93/114/CE ón gComhairle an 14 Nollaig,1993 (IO Uimh. L 334, 31.12.1993, lch. 24).

1. Féadfaidh Poblacht na hOstaire a reachtaíocht a bhí i bhfeidhm roimh an aontachas a choimeád ar bun maidir le margú agus úsáid breiseán a bhaineann leis na grúpaí einsimí agus microrgánach, ach na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh.

Ní mór do Phoblacht na hOstaire a sheoladh chuig an gCoimisiún, roimh an 1 Samhain 1994:

— liosta na n-einsimí, microrgánach nó ullmhóidí díobh atá údaraithe ar a críoch, i gcomhréir leis an sampla atá le feiceáil in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 93/113/CE ón gComhairle, agus

— leathanach sainaithinte arna bhunú do gach breiseán ag an duine atá freagrach as an iontráil ar saorchúrsaíocht, i gcomhréir leis an sampla atá le feiceáil in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 93/113/CE ón gComhairle.

Roimh an 1 Eanáir 1997, glacfar cinneadh, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 7 de Threoir 70/524/CEE, ar na comhaid arna dtíolacadh ag Poblacht na hOstaire ar mhaithe le húdarú na mbreiseán i dtrácht.

Go dtí go nglacfar cinneadh Comhphobail, ní chuirfidh Poblacht na hOstaire bac ar chúrsaíocht táirgí, ag teacht ón Aontas, atá le feiceáil ar liostaí náisiúnta arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 3 de Threoir 93/113/CE, a mhéad a bheidh na breiseáin chéanna le feiceáil freisin ar an liosta a bheidh seolta ag an Ostair i gcomhréir leis an dara fleasc thuas. Beidh an fhoráil seo infheidhme de réir analaí ar réamh-mheascáin agus ábhair bheatha ina bhfuil na breiseáin i dtrácht.

2. Go dtí an 31 Nollaig 1997, féadfaidh Poblacht na Fionlainne a reachtaíocht a bhí i bhfeidhm roimh an aontachas a choimeád ar bun ag toirmeasc úsáid na mbreiseán seo a leanas in ábhair bheatha:

— avapaircin

— do bha bainne,

— fosfáit tílisín,

— spioraimicin agus

— antaibheathaigh chomhéifeachta.

Roimh an 31 Nollaig 1997, glacfar cinneadh, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 7 de Threoir 70/524/CEE, ar na hiarrataí sin ar oiriúnú arna dtíolacadh ag Poblacht na Fionlainne; i dteannta leis na hiarrataí, tabharfar mionráiteas eolaíoch cúiseanna do gach ceann de na breiseáin thuasluaite.

Ní fhéadfar aon éifeacht a bheith ag an maolú sin ar shaorghluaiseacht tháirgí ainmhithe an Chomhphobail.

3. Féadfaidh Ríocht na hIorua a reachtaíocht a bhí i bhfeidhm roimh an aontachas a choimeád ar bun:

— go dtí an 31 Nollaig 1998 maidir le srian nó toirmeasc úsáid breiseán in ábhair bheatha a bhaineann leis na grúpaí de:

— antaibheathaigh,

— ceimiteiripic,

— coicideastait,

— tionscnóirí fáis.

— Go dtí an 31 Nollaig 1997, maidir le srian nó toirmeasc úsáid in ábhair bheatha:

— copair,

— aigéid fhormaigh, aigéid hidreaclóraigh agus aigéid shulfaraigh chun plandaí farae agus gránaigh a chaomhnú.

Roimh na dátaí thuasluaite, glacfar cinneadh, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 7 de Threoir 70/524/CEE, ar na hiarrataí ar oiriúnú arna dtíolacadh ag Ríocht na hIorua; i dteannta leis na hiarrataí sin, tabharfar mionráiteas eolaíoch cúiseanna.

Ní fhéadfar aon éifeacht a bheith ag na maoluithe sin ar shaorghluaiseacht tháirgí ainmhithe an Chomhphobail.

4. Féadfaidh Ríocht na Sualainne a reachtaíocht a bhí i bhfeidhm roimh an aontachas a choimeád ar bun:

— go dtí an 31 Nollaig 1998 maidir le srian nó toirmeasc úsáid breiseán in ábhair bheatha a bhaineann leis na grúpaí de:

— antaibheathaigh,

— ceimiteiripic,

— coicideastait,

— tionscnóirí fáis.

— Go dtí an 31 Nollaig 1997, maidir le srian nó toirmeasc úsáid in ábhair bheatha:

— breiseán a bhaineann leis na grúpaí caraitéanóidigh agus xantaifillí,

— copair,

— aigéid fhormaigh,

— aigéid fhormaigh measctha le heatocsacuin.

Roimh na dátaí thuasluaite, glacfar cinneadh, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 7 de Threoir 70/524/CEE, ar na hiarrataí ar oiriúnú arna dtíolacadh ag Ríocht na Sualainne; i dteannta leis na hiarrataí sin, tabharfar mionráiteas eolaíoch cúiseanna.

Ní fhéadfar aon éifeacht a bheith ag na maoluithe sin ar shaorghluaiseacht tháirgí ainmhithe an Chomhphobail.

2. *374 L 0063:* Treoir 47/63/CEE ón gComhairle an 17 Nollaig 1973 maidir le substaintí agus táirgí neamh-inmhianaithe i gcothú ainmhithe (IO Uimh. L 38, 11.2.1974, lch. 31), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *393 L 0074:* Treoir 93/74/CEE ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 1993 (IO Uimh. L 237, 22.9.1993, lch. 23).

1. Féadfaidh Ríocht na hIorua a reachtaíocht a bhí i bhfeidhm roimh an aontachas a choimeád ar bun go dtí an 31 Nollaig 1997 ag teorannú go leibhéil áirithe láithreacht aflatocsain B1, ócratocsain A agus miceatocsainí eile.

Roimh an 31 Nollaig 1997, glacfar cinneadh, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 6 de Threoir 74/63/CEE, ar na hiarrataí sin ar oiriúnú arna dtíolacadh ag Ríocht na hIorua; i dteannta leis na hiarrataí, tabharfar mionráiteas eolaíoch cúiseanna do gach substaint nó táirge neamh-inmhianaithe.

Ní fhéadfar aon éifeacht a bheith ag an maolú sin ar shaorghluaiseacht tháirgí ainmhithe ag teacht ón gComhphobal.

2. Féadfaidh Ríocht na Sualainne a reachtaíocht a bhí i bhfeidhm roimh an aontachas a choimeád ar bun go dtí an 31 Nollaig 1997 ag teorannú go leibhéil áirithe láithreacht aflatocsain B1, ócratocsain A, luaidhe agus PCB.

Roimh an 31 Nollaig 1997, glacfar cinneadh, i gcomhréir leis an nós imeachta áta leagtha síos in Airteagal 6 de Threoir 74/63/CEE, ar na hiarrataí sin ar oiriúnú arna dtíolacadh ag Ríocht na Sualainne; i dteannta leis na hiarrataí, tabharfar mionráiteas eolaíoch cúiseanna do gach substaint nó táirge neamh-inmhianaithe.

Ní fhéadfar aon éifeacht a bheith ag an maolú sin ar shaorghluaiseacht tháirgí ainmhithe ag teacht ón gComhphobal.

3. *377 L 0101:* Treoir 77/101/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1976 maidir le margú ábhar beatha aon

ábhair (IO Uimh. L 32, 3.2.1977, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *390 L 0654:* Treoir 90/654/CEE ón gComhairle an 4 Nollaig 1990 (IO Uimh. L 352, 17.12.1990, lch. 48).

Féadfaidh Ríocht na Sualainne a reachtaíocht a bhí i bhfeidhm roimh an aontachas a choimeád ar bun go dtí an 31 Nollaig 1997 ag toirmeasc úsáid ábhar beatha arna monarú ó ainmhithe a fuair bás go nádúrtha nó a thagann ó chodanna de chonablaigh ainmhithe maraithe a bhfuil modhnuithe paiteolaíocha ag roinnt leo.

Roimh an 31 Nollaig 1997, glacfar cinneadh, i gcomhréir leis an nós imeachta áta leagtha síos in Airteagal 10 de Threoir 77/101/CEE, ar an iarraidh ar oiriúnú arna tíolacadh ag Ríocht na Sualainne; i dteannta leis an iarraidh, tabharfar mionráiteas eolaíoch cúiseanna.

Ní fhéadfar aon éifeacht a bheith ag an maolú sin ar shaorghluaiseacht tháirgí ainmhithe an Chomhphobail.

4. *379 L 0373:* Treoir 79/373/CEE ón gComhairle an 2 Aibreán 1979 maidir le margú ábhar beatha cumaisc (IO Uimh. L 86, 6.4.1979, lch. 30), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *393 L 0074:* Treoir 93/47/CEE an 13 Meán Fómhair 1993 (IO Uimh. L 237, 22.9.1993, lch. 23).

Féadfaidh Ríocht na Sualainne a reachtaíocht a bhí i bhfeidhm roimh an aontachas a choimeád ar bun go dtí an 31 Nollaig 1997, á dhéanamh éigeantach an cion fosfair a shonrú ar lipéadú ábhar beatha cumaisc atá ceaptha d'iasc.

Roimh an 31 Nollaig 1997, glacfar cinneadh, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 10 de Threoir 79/373/CEE, ar an iarraidh ar oiriúnú arna tíolacadh ag Ríocht na Sualainne; i dteannta leis an iarraidh, tabharfar mionráiteas eolaíoch cúiseanna.

F. SÍOLTA AGUS SÍOLÓGA

1. *366 L 0401:* Treoir 66/401/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síolta plandaí farae a mhargú (IO Uimh. 125, 11.7.1966, lch. 2298/66).

Ceadófar do Phoblacht na Fionlainne a choimeád ar bun go dtí an 31 Nollaig 1996 ar a dhéanaí a scéim náisiúnta um thabhairt póir a bhaineann le síol den earnáil "síol tráchtála" ("Kauppasiemen"/"handelsutsäde"), mar atá sé sainithe i reachtaíocht láithreach na Fionlainne, a mhargú ar a críoch.

Ní thabharfar síol den sórt sin isteach ar chríoch na mBallstát eile. Déanfaidh Poblacht na Fionlainne a reachtaíocht a oiriúnú ina leith sin chun forálacha ábhartha na Treorach a chomhlíonadh faoi dháta éagtha na tréimhse thuas.

Ar a shon sin, cuirfidh Poblacht na Fionlainne i bhfeidhm amhail ón aontachas na forálacha sin den Treoir a dhéanann rochtain ar mhargaíocht ar a críoch a áirithiú d'ábhar a chomhlíonann an Treoir.

2. *366 L 0402:* Treoir 66/402/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síolta gránach a mhargú (IO Uimh. 125, 11.7.1966, lch. 2309/66).

Ceadófar do Phoblacht na Fionlainne a choimeád ar bun go dtí an 31 Nollaig 1996 ar a dhéanaí a scéim náisiúnta um thabhairt póir a bhaineann le

— síol nach gcomhallann ceanglais na Treorach maidir leis an líon uasta de ghiniúintí síl den earnáil "síol deimhnithe" ("Valiosiemen"/ "elitutsäde") agus

— síol den earnáil "síol tráchtála" ("Kauppasiemen"/ "handelsutsäde") mar atá sé sainithe i reachtaíocht láithreach na Fionlainne,

a mhargú ar a críoch.

Ní thabharfar síol den sórt sin isteach ar chríoch na mBallstát eile. Déanfaidh Poblacht na Fionlainne a reachtaíocht a oiriúnú ina leith sin chun forálacha ábhartha na Treorach a chomhlíonadh faoi dháta éagtha na tréimhse thuas.

Ar a shon sin, cuirfidh Poblacht na Fionlainne i bhfeidhm ó dháta an aontachais na forálacha sin den Treoir a dhéanann rochtain ar mhargaíocht ar a críoch a áirithiú d'ábhar a chomhlíonann an Treoir.

3. *366 L 0403:* Treoir 66/403/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le prátaí síl a mhargú (IO Uimh. 125, 11.7.1966, lch. 2320/66)

Ceadófar do Ríocht na Sualainne teorainn lamháltais 40% de réir meáchain a choimeád ar bun do thiúbair a bhfuil an charr choiteann ag fearadh orthu go feadh níos mó ná an deichiú cuid dá gcraiceann, a bhaineann le prátaí síl a mhargú ar a críoch go dtí an 31 Nollaig 1996 ar a dhéanaí. Ní bheidh an teorainn lamháltais seo infheidhme ach amháin ar phrátaí síl

arna dtabhairt i limistéir de Ríocht na Sualainne inar tharla fadhbanna ar leith leis an gcarr choiteann.

Ní thabharfar prátaí síl den sórt sin isteach ar chríoch na mBallstát eile. Déanfaidh Ríocht na Sualainne a reachtaíocht a oiriúnú ina leith sin chun an chuid ábhartha d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir a chomhlíonadh faoi dháta éagtha na tréimhse thuas.

Ar a shon sin, cuirfidh Ríocht na Sualainne i bhfeidhm ó dháta an aontachais na forálacha sin den Treoir a dhéanann rochtain ar mhargaíocht ar a críoch a áirithiú d'ábhar a chomhlíonann an Treoir.

4. *366 L 0404:* Treoir 66/404/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le hábhar atáirgthe foraoiseachta a mhargú (IO Uimh. 125, 11.7.1966, lch. 2326/66).

— Féadfaidh Poblacht na Fionlainne, Ríocht na hIorua agus Ríocht na Sualainne a reachtaíocht náisiúnta a choimeád ar bun a bhaineann le hábhar atáirgthe foraoiseachta a mhargú ar a gcríoch go dtí an 31 Nollaig 1999 ar a dhéanaí.

— Ceadófar tréimhse sa bhreis go dtí an 31 Nollaig 2001 do Phoblacht na Fionlainne, Ríocht na hIorua agus Ríocht na Sualainne chun stoic an ábhair atáirgthe foraoiseachta a cnuasaíodh roimh dhul in éag na hidirthréimhse atá luaite sa chéad fhleasc thuas a dhísciú.

— A mhéad nach gcomhlíonann sé forálacha na Treorach, ní thabharfar ábhar isteach ar chríoch na mBallstát seachas an Fhionlainn, an Iorua agus an tSualainn mura gcinnfear a mhalairt i gcomhréir le forálacha na Treorach.

— Ar a shon sin, cuirfidh Poblacht na Fionlainne, Ríocht na hIorua agus Ríocht na Sualainne i bhfeidhm ó dháta an aontachais na forálacha sin den Treoir a dhéanann rochtain ar mhargaíocht ar a gcríocha a áirithiú d'ábhar a chomhlíonann an Treoir.

— Más gá, cinnfear socruithe idirthréimhseacha breise faoi na nósanna imeachta ábhartha Comhphobail.

5. *370 L 0457:* Treoir 70/457/CEE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 1970 maidir leis an gcatalóg choiteann de chineálacha de speicis phlandaí talmhaíochta (IO Uimh. L 225, 12.10.1970, lch. 1) agus 370 L 0458: Treoir 70/458/CEE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 1970 maidir le síolta glasraí a mhargú (IO Uimh. L 225, 12.10.1970, lch. 7).

— Féadfaidh Poblacht na Fionlainne, Ríocht na hIorua agus Ríocht na Sualainne a chur ar athló go dtí an 31 Nollaig 1995 ar a dhéanaí, cur i bhfeidhm ar a gcríocha an dá Threoir thuas maidir le margú síolta ar a gcríocha de chineálacha atá liostaithe ina gcuid catalóg náisiúnta faoi seach de chineálacha de speicis phlandaí talmhaíochta agus cineálacha de speicis phlandaí glasraí nár glacadh go hoifigiúil leo i gcomhréir le forálacha na dTreoracha sin. Ní cheadófar síolta de na cineálacha sin a mhargú ar chríoch na mBallstát eile le linn na tréimhse sin.

— Cineálacha de na speicis phlandaí talmhaíochta agus glasraí atá liostaithe, ar dháta an aontachais nó iardain, ina gcuid catalóg náisiúnta faoi seach ag Poblacht na Fionlainne, Ríocht na hIorua agus Ríocht na Sualainne agus sna catalóga coiteanna, ní bheidh siad faoi réir aon srianta margaíochta maidir le cineál.

— I gcaitheamh na tréimhse atá luaite sa chéad fhleasc, na cineálacha sin ina gcuid catalóg náisiúnta faoi seach ag Poblacht na Fionlainne, Ríocht na hIorua agus Ríocht na Sualainne ar glacadh go hoifigiúil leo i gcomhréir le forálacha na dTreoracha thuas, áireofar iad sna catalóga coiteanna de chineálacha de speicis phlandaí talmhaíochta nó glasraí, faoi seach.

6. *371 L 0161:* Treoir 71/161/CEE ón gComhairle an 30 Márta 1971 maidir le caighdeáin cháilíochta seachtraí d'ábhar atáirgthe foraoiseachta arna mhargú laistigh den Chomhphobal (IO Uimh. L 87, 17.4.1971, lch. 14).

— Féadfaidh Poblacht na Fionlainne a reachtaíocht náisiúnta maidir le caighdeáin cháilíochta seachtraí a bhaineann le hábhar atáirgthe foraoiseachta a mhargú ar a críoch a choimeád ar bun go dtí an 31 Nollaig 1999 ar a dhéanaí.

— A mhéad nach gcomhlíonann sé forálacha na Treorach, ní thabharfar ábhar isteach ar chríoch Bhallstát eile mura gcinnfear a mhalairt i gcomhréir le forálacha na Treorach.

— Déanfaidh Poblacht na Fionlainne a reachtaíocht a oiriúnú ina leith sin chun forálacha na Treorach a chomhlíonadh faoi dháta éagtha na tréimhse thuas.

— Ar a shon sin, cuirfidh Poblacht na Fionlainne i bhfeidhm ó dháta an aontachais na forálacha sin den Treoir a dhéanann rochtain ar mhargaíocht ar

a críoch a áirithiú d'ábhar a chomhlíonann an Treoir.

7. *393 L 0048:* Treoir 93/48/CEE ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 1993 ag leagan amach an sceidil ag sonrú na gcoinníollacha atá le comhall ag ábhar iomadaithe plandaí torthaí agus ag plandaí torthaí atá ceaptha don táirgeacht torthaí, de bhun Threoir 92/34/CEE ón gComhairle (IO Uimh. L 250, 7.10.1993, lch. 1).

8. *393 L 0049:* Treoir 93/49/CEE ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 1993 ag leagan amach an sceidil ag sonrú na gcoinníollacha atá le comhall ag ábhar iomadaithe plandaí ornáideacha agus ag plandaí ornáideacha, de bhun Threoir 91/682/CEE ón gComhairle (IO Uimh. L 250, 7.10.1993, lch. 9).

9. *393 L 0061:* Treoir 93/61/CEE ón gCoimisiún an 2 Iúil 1993 ag leagan amach na sceideal ag sonrú na gcoinníollacha atá le comhall ag ábhar iomadaithe plandaí glasraí agus ag plandaí glasraí seachas síol, de bhun Threoir 92/33/CEE ón gComhairle (IO Uimh. L 250, 7.10.1993, lch. 19).

Ceadófar do Ríocht na hIorua agus do Phoblacht na Fionlainne coinníollacha breise a fhorchur a bhaineann leis an lipéadú ar thionscnamh na bplandaí ilbhliantúla, chun críocha margaíochta, ar a gcríoch go dtí an 31 Nollaig 1996 ar a dhéanaí.

Ní fhéadfar coinníollacha den sórt sin a chur i bhfeidhm ach ar a dtáirgeacht intíre amháin.

VIII. IASCACH

1. *377 R 2115:* Rialachán (CEE) Uimh. 2115/77 ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 1977 (IO Uimh. L 247, 28.9.1977, lch. 2).

De mhaolú ar Airteagal 1, le linn tréimhse trí bliana ó dháta an aontachais, údarófar do bháid faoi bhratach na Fionlainne, na hIorua nó na Sualainne, ar chuntar nach mbeireann an t-iascach sin fiontair dhamáiste eiceolaíoch do-athraithe, gabháil le hiascaireacht dhíreach scadán chun críoch seachas mar bhia don duine, faoi na coinníollacha céanna agus a bhí ann roimh an aontachas, agus aird á tabhairt ar asraonta an mhargaidh agus faoi réir córas faireacháin ar sheachghabhálacha arna mhaoirsiú ag an gCoimisiún.

De mhaolú ar Airteagal 2, le linn tréimhse trí bliana ó dháta an aontachais, údarófar do bháid faoi bhratach na Fionlainne, na hIorua nó na Sualainne gabhálacha scadán a thabhairt i dtír san Aontas a rinneadh a iascaireacht chun críoch seachas mar bhia don duine, faoi na coinníollacha céanna agus a bhí ann roimh an aontachas agus aird á tabhairt ar asraonta an mhargaidh.

Roimh dheireadh tréimhse trí bliana ó dháta an aontachais, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 4 de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92 ón gComhairle, athbhreithneoidh an Chomhairle Rialachán (CEE) Uimh. 2115/77.

Glacfaidh an Chomhairle cinntí maidir le húsáid bharrmhaith na stoc scadán, lena n-áirítear iascaireacht scadán chun críoch seachas mar bhia don duine, ar chuntar go bhfuil sé sin ag luí le saothrú réasúnach agus freagrach ar bhonn inbhuanaithe agus aird á tabhairt ar mhargaí i dteannta le gnéithe bitheolaíocha agus an taithí a fuarthas le scéimeanna faireacháin agus le treoirthionscadail.

2. *386 R 3094:* Rialachán (CEE) Uimh. 3094/86 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 1986 (IO Uimh. L 288, 11.10.1986, lch. 1).

De mhaolú ar Iarscríbhinn 1, le linn tréimhse ocht mí dhéag ó dháta an aontachais, údarófar do bháid Shualannacha mogall de mhéid 16 mm a úsáid sa Skagerrak agus sa Kattegat chun sprot a iascaireacht. Roimh dheireadh na hidirthréimhse sin, déanfaidh an Chomhairle na bearta teicniúla agus an córas faireacháin don chineál iascaireachta sin a athbhreithniú ag féachaint don fhianaise eolaíoch.

3. *389 R 2136:* Rialachán (CEE) Uimh. 2136/89 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1989 (IO Uimh. L 212, 22.7.1989, lch 79).

De mhaolú ar an dara fleasc d'Airteagal 2, le linn tréimhse sé mhí ó dháta an aontachais, údarófar margú sprot stánaithe faoin tuairisc thrádála "sairdíní stánaithe" san Iorua agus sa tSualainn i gcás táirgí arna bpacáistiú roimh dháta an aontachais.

IX. CÁNACHAS

1. *372 L 0464:* Treoir 72/464/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1972 maidir le cánacha seachas cánacha láimhdeachais a dhéanann difear do chaitheamh tobac mhonaraithe (IO Uimh. L 303, 31.12.1972, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *392 L 0078:* Treoir 92/78/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 (IO Uimh. L 316, 31.10.1992, lch. 5).

D'ainneoin Airteagal 4(1), féadfaidh Ríocht na Sualainne cur i bhfeidhm na dleachta máil comhréirí ar thoitíní a chur ar athló go dtí an 1 Eanáir 1996.

2. *377 L 0388:* Séú Treoir (77/388/CEE) ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais — Comhchóras cáin bhreisluacha: bonn comhionann measúnachta (IO Uimh. L 145, 13.6.1977, lch. 1) mar atá arna leasú go deireanach le:

— *394 L 0005:* Treoir 94/5/CE ón gComhairle an 14 Feabhra 1994 (IO Uimh. L 60, 3.3.1994, lch. 16).

An Ostair

(a) D'ainneoin Airteagail 12 agus 13(A)(1):

Féadfaidh Poblacht na hOstaire, go dtí an 31 Nollaig 1996, leanúint de:

— ráta laghdaithe 10 % de cháin bhreisluacha a chur i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí ospidéil i réimse chúram shláinte an phobail agus leas an phobail agus ar iompar daoine breoite nó gonta i bhfeithiclí atá deartha go speisialta chuige sin ag comhlachtaí cuí-údaraithe;

— ráta caighdeánach 20 % de cháin bhreisluacha a chur i bhfeidhm ar sholáthar cúram míochaine ag lianna i réimse shláinte an phobail agus leasa shóisialta;

— díolúine a chur i bhfeidhm, le haisíoc na cánach a íocadh sa chéim roimhe sin, ar sholáthairtí arna seoladh ag institiúidí slándála sóisialta agus leasa shóisialta.

Ní bheidh aon éifeacht ag cánachas den sórt sin ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

(b) D'fhonn Airteagal 12(3)(a) a chur i bhfeidhm, féadfaidh Poblacht na hOstaire dara ráta caighdeánach a chur i bhfeidhm i gcomúin Jungholz agus Mittelberg (Kleines Walsertal) is lú ná an ráta comhfhreagrach a chuirtear i bhfeidhm sa chuid eile den Ostair ach nach lú ná 15 %.

Ní bheidh aon éifeacht ag an ráta laghdaithe ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

(c) D'fhonn Airteagal 24(2) go (6) a chur chun feidhme, agus go dtí go nglacfar forálacha Comhphobail sa réimse seo, féadfaidh Poblacht na hOstaire díolúine ó cháin bhreisluacha a chur i bhfeidhm ar dhaoine inchánach ar lú a láimhdeachas bliantúil ná coibhéis ECU 35 000 san airgeadra náisiúnta.

Ní bheidh aon éifeacht ag díolúintí den sórt sin ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

(d) D'fhonn Airteagal 27(1) a chur i bhfeidhm, féadfaidh Poblacht na hOstaire leanúint de cháin a ghearradh ar iompar idirnáisiúnta paisinéirí arna sheoladh ag daoine inchánach nach bhfuil bunaithe san Ostair trí bhíthin mótarfheithiclí nach bhfuil cláraithe san Ostair, faoi na coinníollacha seo a leanas:

— féadfaidh an beart idirthréimhseach sin a bheith infheidhme go dtí an 31 Nollaig 2000;

— gearrfar cáin ar an achar arna thaisteal san Ostair ar bhonn meánmhéid inchánach in aghaidh an duine agus an chiliméadair;

— ní bhéarfaidh an córas rialuithe fioscacha ag teorainneacha idir Ballstáit;

— ní dhéanfaidh beart den sórt sin, atá ceaptha chun nós imeachta gearrtha na cánach a shimpliú, difear, ach amháin go feadh méid nach fiú trácht air, do mhéid na cánach atá dlite ag céim an tomhaltais deiridh.

(e) De mhaolú ar Airteagal 28(2), féadfaidh Poblacht na hOstaire, go dtí an 31 Nollaig 1998, ráta laghdaithe a chur i bhfeidhm ar mhaoin dhochorraithe a ligean ar cíos le haghaidh úsáid chónaitheach ar chuntar nach lú an ráta sin ná 10%.

Ní bheidh aon éifeacht ag an ráta laghdaithe ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

(f) D'fhonn Airteagal 28(2)(d) a chur i bhfeidhm, féadfaidh Poblacht na hOstaire ráta laghdaithe a chur i bhfeidhm ar sheirbhísí bialainne.

Ní bheidh aon éifeacht ag an ráta laghdaithe ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

(g) D'fhonn Airteagal 28(2)(e) a chur i bhfeidhm, féadfaidh Poblacht na hOstaire ráta laghdaithe a chur i bhfeidhm ar fhíonta ó tháirgeacht feirme arna cur i gcrích ag an bhfeirmeoir is táirgeoir agus soláthairtí feithiclí leictreathiomáinte ar chuntar nach lú an ráta sin ná 12 %.

Ní bheidh aon éifeacht ag an ráta laghdaithe ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

(h) D'fhonn forálacha Airteagal 28(3)(a) a chur i bhfeidhm, féadfaidh Poblacht na hOstaire cáin a ghearradh:

— de bhun phointe 2 d'Iarscríbhinn E, go dtí an 31 Nollaig 1996, ar sheirbhísí arna soláthar ag teicneoirí déidliachta ina gcáil ghairmiúil agus ar phróistéisí déadacha arna soláthar ag fiaclóirí agus teicneoirí déidliachta d'institiúidí slándála sóisialta na hOstaire;

— ar na hidirbhearta atá liostaithe i bpointe 7 d'Iarscríbhinn E.

Ní bheidh aon éifeacht ag cánachas den sórt sin ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

(i) D'fhonn forálacha Airteagal 28(3)(b) a chur i bhfeidhm, féadfaidh Poblacht an hOstaire:

— seirbhísí teileachumarsáide arna soláthar ag seirbhísí poiblí poist, go dtí go nglacfaidh an Chomhairle comhscéim um chánachas do sheirbhísí den sórt sin, nó go dtí an dáta a scoirfidh gach Ballstát láithreach a chuireann díolúine iomlán i bhfeidhm faoi láthair den díolúine sin a chur i bhfeidhm, cibé acu is túisce, ach ar chaoi ar bith go dtí an 31 Nollaig 1995;

— na hidirbhearta atá liostaithe i bpointí 7 agus 16 d'Iarscríbhinn F, fad atá na díolúintí céanna infheidhme ar aon cheann de na Ballstáit láithreacha,

— le haisíoc na cánach a íocadh sa chéim roimhe sin, gach cuid d'iompar idirnáisiúnta paisinéirí d'aer, de mhuir nó d'uiscebhealaí intíre ón Ostair chuig Ballstát nó chuig tríú tír agus a mhalairt, seachas iompar paisinéirí ar Loch Konstanz, fad atá an díolúine chéanna infheidhme ar aon cheann de na Ballstáit láithreacha,

a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha.

Ní bheidh aon éifeacht ag na díolúintí sin ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

An Fhionlainn

(j) Agus Airteagal 24(2) go (6) á chur chun feidhme aici agus go dtí go nglacfar forálacha Comhphobail sa réimse seo, féadfaidh Poblacht na Fionlainne díolúine ó cháin bhreisluacha a chur i bhfeidhm ar dhaoine inchánach ar lú a láimhdeachas bliantúil ná coibhéis ECU 10 000 san airgeadra náisiúnta.

(k) D'fhonn Airteagal 27(1) a chur i bhfeidhm, féadfaidh Poblacht na Fionlainne leanúint de dhíol, léasú, deisiú agus cothabháil bád a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha, le haisíoc na cánach a íocadh sa chéim roimhe sin, faoi na coinníollacha seo a leanas:

— féadfaidh an beart idirthréimhseach sin a bheith infheidhme go dtí an 31 Nollaig 2000;

— féadfaidh díolúine den sórt sin a bheith infheidhme ar bháid arb é 10 méadar ar a laghad a bhfad agus nach bhfuil ceaptha ina dtógáil chun críocha pléisiúir ná spóirt;

— ní dhéanfaidh beart den sórt sin, atá ceaptha chun nós imeachta gearrtha na cánach a shimpliú, difear, ach amháin go feadh méid nach fiú trácht air, do mhéid na cánach atá dlite ag céim an tomhaltais deiridh.

(l) D'fhonn Airteagal 28(2)(a) a chur i bhfeidhm, féadfaidh Poblacht na Fionlainne, le linn na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 28l, díolúintí a chur i bhfeidhm, le haisíoc na cánach a íocadh sa chéim roimhe sin, atá i gcomhréir le dlí an Chomhphobail agus a chomhallann na coinníollacha atá leagtha amach sa fhleasc deiridh d'Airteagal 17 de Dhara Treoir ón gComhairle an 11 Aibreán 1967, do sholáthairtí nuachtán agus tréimhseachán suibscríofa agus clódóireacht foilseachán arna n-imdháileadh ar bhaill chorparáidí ar mhaithe le leas an phobail.

Ní bheidh aon éifeacht ag díolúintí den sórt sin ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

(m) D'fhonn Airteagal 28(3)(a) a chur chun feidhme, agus fad atá idirbhearta den sórt sin faoi réir cánach ag aon cheann de na Ballstáit láithreacha, féadfaidh Poblacht na Fionlainne cáin a ghearradh ar na hidirbhearta atá liostaithe i bpointe 7 d'Iarscríbhinn E.

Ní bheidh aon éifeacht ag cánachas den sórt sin ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

(n) D'fhonn Airteagal 28(3)(b) a chur chun feidhme, agus fad a chuireann aon cheann de na Ballstáit láithreacha an díolúine chéanna i bhfeidhm, féadfaidh Poblacht na Fionlainne:

— seirbhísí arna soláthar ag údair, ealaíontóirí agus oirfidigh dá dtagraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn F,

— na hidirbhearta atá liostaithe i bpointí 7, 16 agus 17 d'Iarscríbhinn F,

a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha.

Ní bheidh aon éifeacht ag na díolúintí sin ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

An Iorua

(o) D'ainneoin Airteagal 2(1):

Féadfaidh Ríocht na hIorua, go dtí an 31 Nollaig 1995, leanúint de sholáthar seirbhísí nach raibh faoi réir cáin bhreisluacha roimh dháta an aontachais a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha.

Ní bheidh aon éifeacht ag díolúine den sórt sin ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

(p) D'ainneoin Airteagal 13B(b)(1):

Féadfaidh Ríocht na hIorua, go dtí an 31 Nollaig 1995, an soláthar cóiríochta san earnáil óstlainne agus in earnálacha le feidhmeanna comhchosúla, lena n-áirítear cóiríocht in óstalláin agus iostáin, agus ionaid champála a léasú agus a ligean ar cíos a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha.

Ní bheidh aon éifeacht ag díolúine den sórt sin ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

(q) D'fhonn Airteagal 24(2) go (6) a chur chun feidhme, agus go dtí go nglacfar forálacha Comhphobail sa réimse seo, féadfaidh Ríocht na hIorua grúpaí áirithe de dhaoine inchánach ar lú a láimhdeachas bliantúil ná coibhéis ECU 10 000 san airgeadra náisiúnta a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha.

(r) D'fhonn Airteagal 27(1) a chur i bhfeidhm, féadfaidh Ríocht na hIorua leanúint de dhíol, léasú, deisiú agus cothabháil bád a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha, le haisíoc na cánach a íocadh sa chéim roimhe sin, faoi na coinníollacha seo a leanas:

— féadfaidh an díolúine a bheith infheidhme ar bháid arb é 15 méadar ar a laghad a bhfad agus atá ceaptha chun paisinéirí a iompar ar luaíocht, chun lasta a iompar nó chun gníomhaíochtaí tarraingthe, tarrthálais, tarrthála agus briste oighir in uiscí na hIorua, nó ar sholáthairtí bád arna n-úsáid chun críocha taighde, réamhfhaisnéis aimsire nó mar bháid traenála, nó obair ar na báid sin i ndáil leis na gníomhaíochtaí nach bhfuil folaithe in Airteagal 15(5);

— féadfaidh an beart idirthréimhseach sin a bheith infheidhme go dtí an 31 Nollaig 2000;

— ní dhéanfaidh beart den sórt sin, atá ceaptha chun nós imeachta gearrtha na cánach a shimpliú, difear, ach amháin go feadh méid nach fiú trácht air, do mhéid na cánach atá dlite ag céim an tomhaltais deiridh.

(s) D'fhonn Airteagal 27(1) a chur i bhfeidhm, agus go dtí go nglacfar forálacha Comhphobail sa réimse seo nó go dtí an 31 Nollaig 1995, cibé acu is túisce, féadfaidh Ríocht na hIorua an soláthar seirbhísí dá dtagraítear sa tríú fleasc d'Airteagal 9(2)(c), amach ó sholáthar seirbhísí i gcomhréir le hAirteagail 14, 15 agus 16, a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha.

Ní bheidh aon éifeacht ag díolúintí den sórt sin ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

(t) D'fhonn Airteagal 28(2)(a) a chur i bhfeidhm, féadfaidh Ríocht na hIorua, le linn na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 28l, díolúintí a chur i bhfeidhm, le haisíoc na cánach a íocadh sa chéim roimhe sin, atá i gcomhréir le dlí an Chomhphobail agus a chomhallann na coinníollacha atá leagtha amach sa fhleasc deiridh d'Airteagal 17 de Dhara Treoir ón gComhairle an 11 Aibreán 1967, do sholáthairtí nuachtán, leabhar agus tréimhseachán.

Ní bheidh aon éifeacht ag na díolúintí sin ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

(u) D'fhonn Airteagal 28(3)(b) a chur i bhfeidhm, agus fad a chuireann aon cheann de na Ballstáit láithreacha na díolúintí céanna i bhfeidhm, féadfaidh Ríocht na hIorua na hidirbhearta atá liostaithe i bpointí 1, 2, 6, 10, 16, 17 agus 27 d'Iarscríbhinn F a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha.

Ní bheidh aon éifeacht ag na díolúintí sin ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

(v) D'ainneoin Airteagal 33:

Féadfaidh Ríocht na hIorua, go dtí an 31 Nollaig 1999, leanúint dá cáin infheistíochta a chur i bhfeidhm ar earraí a fháil le haghaidh gnó. Le linn na tréimhse sin, déanfaidh Ríocht na hIorua ráta na cánach a scálú anuas.

Ní bheidh aon éifeacht ag cánachas den sórt sin ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

An tSualainn

(w) D'ainneoin Airteagal 12(3)(a) agus phointe 7 d'Iarscríbhinn H:

Féadfaidh Ríocht na Sualainne soláthar ticéid chineama a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha go dtí an 31 Nollaig 1995.

Ní bheidh aon éifeacht ag an díolúine sin ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

(x) D'fhonn Airteagal 24(2) go (6) a chur chun feidhme, agus go dtí go nglacfar forálacha Comhphobail sa réimse seo, féadfaidh Ríocht na Sualainne an nós imeachta simplithe seo a leanas a chur i bhfeidhm ar ghnóthais bheaga agus meánmhéide, ar chuntar go bhfuil na forálacha ar cothrom leis an gConradh ag bunú na gComhphobal Eorpach agus go háirithe Airteagail 95 agus 96 de:

— daoine inchánach ag seoladh idirbhearta teaghlaigh inchánach amháin do thíolacadh tuairisceáin cháin bhreisluacha trí mhí i ndiaidh na tréimhse bliantúla cánach dírí;

— cur i bhfeidhm díolúine ó cháin bhreisluacha ar dhaoine inchánach ar lú a láimhdeachas bliantúil ná coibhéis ECU 10 000 san airgeadra náisiúnta;

(y) Agus Airteagal 22(12)(a) á chur chun feidhme, údaraítear do Ríocht na Sualainne a cheadú do dhaoine inchánach ráitis achoimritheacha bliantúla a thíolacadh ar na coinníollacha atá sonraithe ann.

(z) D'fhonn Airteagal 28(2)(a) a chur i bhfeidhm, féadfaidh Ríocht na Sualainne, le linn na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 28l, díolúintí a chur i bhfeidhm, le haisíoc na cánach a íocadh sa chéim roimhe sin, atá i gcomhréir le dlí an Chomhphobail agus a chomhallann na coinníollacha atá leagtha amach sa fhleasc deiridh d'Airteagal 17 de Dhara Treoir ón gComhairle an 11 Aibreán 1967, do sholáthairtí nuachtán, lena n-áirítear nuachtáin raidió agus caiséid do dhaoine faoi mhallachar radhairc, cógais arna soláthar d'ospidéil nó ar oideas agus táirgeadh nó seirbhísí gaolmhara eile a bhaineann le tréimhseacháin d'eagraíochtaí neamhbhrabúsacha.

Ní bheidh aon éifeacht ag na díolúintí sin ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

(aa) D'fhonn Airteagal 28(3)(b) a chur chun feidhme, fad a chuireann aon cheann de na Ballstáit láithreacha na díolúintí céanna i bhfeidhm, féadfaidh Ríocht na Sualainne:

— seirbhísí arna soláthar ag údair, ealaíontóirí agus oirfidigh dá dtagraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn F,

— na hidirbhearta atá liostaithe i bpointí 1, 16 agus 17 d'Iarscríbhinn F,

a dhíolmhú ó cháin bhreisluacha. Ní bheidh aon éifeacht ag na díolúintí sin ar acmhainní dílse nach mór an bonn measúnachta dóibh a athchomhdhéanamh i gcomhréir le Rialachán (CEE, CEFA) Uimh. 1553/89 ón gComhairle.

3. *392 L 0012:* Treoir 92/12/CEE ón gComhairle an 25 Feabhra 1992 maidir leis na socruithe ginearálta do tháirgí atá faoi réir dleacht mháil agus ar tháirgí den sórt sin a shealbhú agus a bhogadh agus faireachán a dhéanamh orthu (IO Uimh. L 76, 23.3.1992, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *392 L 0108:* Treoir 92/108/CEE ón gComhairle an 14 Nollaig 1992 (IO Uimh. L 390, 31.12.1992, lch. 124).

Féadfaidh Poblacht na Fionlainne, Ríocht na hIorua agus táirgí eile tobac agus Ríocht na Sualainne teorainneacha cainníochtúla a choimeád ar bun ar allmhairí toitíní agus táirgí eile tobac, biotáillí, fíonta agus beorach ó Bhallstáit eile ar na coinníollacha atá sonraithe in Airteagal 26 de Threoir 92/12/CEE ón gComhairle.

Is mar a leanas leibhéil na teorainneacha sin:

Táirgí tobac

— 300 toitín nó

— 300 todóigín (todóga d'uasmheáchan 3 gram an ceann) nó

— 75 todóg nó

— 400 gram de thobac le caitheamh

Deochanna alcólacha

— deochanna driogtha agus biotáillí, ar mó a neart alcóil ná 22 % de réir toirte 1 lítear

nó deochanna driogtha, agus biotáillí agus greadóga le bunús fíona nó alcóil nach mó a neart alcóil ná 22 % de réir toirte, fíonta drithleacha, fíonta neartaithe 3 lítear

— fíonta neamhdhrithleacha 5 lítear

— beoir 15 lítear

Glacfaidh an Fhionlainn, an Iorua agus an tSualainn bearta chun a áirithiú nach gceadófar allmhairithe beorach ó thríú tíorta faoi choinníollacha níos fabhraí ná allmhairí den sórt sin ó na Ballstáit eile.

4. *392 L 0079:* Treoir 92/79/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le cánacha ar thoitíní a chomhfhogasú (IO Uimh. L 316, 31.10.1992, lch. 8).

D'ainneoin Airteagal 2, féadfaidh Ríocht na Sualainne cur i bhfeidhm dleacht mháil fhoriomlán íosta is coibhéiseach le 57 % den phraghas miondíola (lena n-áirítear gach cáin) do thoitíní san earnáil phraghais is mó éileamh a chur ar athló go dtí an 1 Eanáir 1999.

5. *392 L 0081:* Treoir 92/81/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le struchtúir dhleachtanna máil ar olaí mianracha a chomhchuibhiú (IO Uimh. L 316, 31.10.1992, lch. 12), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *392 L 0108:* Treoir 92/108/CEE ón gComhairle an 14 Nollaig 1992 (IO Uimh. L 390, 31.12.1992, lch. 124), agus

392 D 0510: Cinneadh 92/510/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 ag údarú do Bhallstáit leanúint de rátaí laghdaithe láithreacha dleacht mháil nó díolúintí ó dhleacht mháil a chur i bhfeidhm ar olaí mianracha áirithe arna n-úsáid do chuspóirí sonracha, i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 8(4) de Threoir 92/81/CEE (IO Uimh. L 316, 31.10.1992, lch. 16).

(a) D'ainneoin Airteagal 8(1)(c) de Threoir 92/81/CEE ón gComhairle, féadfaidh Ríocht na hIorua leanúint, go dtí an 31 Nollaig 1998, d'ola mhianrach arna soláthar lena húsáid mar bhreosla d'iompar paisinéirí in uiscí na hIorua a chur faoi réir dleacht mháil.

(b) Ar bhonn Airteagal 8(4) de Threoir 92/81/CEE ón gComhairle agus faoi na coinníollacha atá leagtha amach i gCinneadh 92/510/CEE ón gComhairle mar atá arna fhorlíonadh le Cinneadh 93/697/CE ón gComhairle agus, go háirithe, ar choinníoll nach socraítear na rátaí sin tráth ar bith faoi na rátaí íosta atá leagtha síos i dTreoir 92/82/CEE ón gComhairle, féadfaidh Ríocht na hIorua leanúint:

— de rátaí laghdaithe dleacht mháil ar bhreosla do bhusanna ar sheirbhísí sceidealta,

— den ráta laghdaithe dleacht mháil do bháid phléisiúir,

a chur i bhfeidhm.

(c) Ar bhonn Airteagal 8(4) de Threoir 92/81/CEE ón gComhairle agus faoi na coinníollacha atá leagtha amach i gCinneadh 92/510/CEE ón gComhairle mar atá arna fhorlíonadh le Cinneadh 93/697/CE ón gComhairle agus, d'ainneoin na n-oibleagáidí atá leagtha síos i dTreoir 92/82/CEE ón gComhairle, féadfaidh Ríocht na hIorua leanúint den díolúine ó dhleacht mháil a chur i bhfeidhm:

— ar bhreoslaí, atá neamhdhíobhálach don timpeallacht, le haghaidh sábha slabhracha agus uirlisí eile,

— ar bhreosla orgánach agus meatán a fhaightear ó phróisis orgánacha,

— ar ola fuíll le haghaidh téamh,

— ar bhreosla do scútair shneachta agus báid abhann i limistéir nach bhfuil bóithre iontu,

— ar olaí mianracha a úsáidtear le haghaidh eitilt phríobháideach.

(d) Ar bhonn Airteagal 8(4) de Threoir 92/81/CEE ón gComhairle agus faoi na coinníollacha atá leagtha amach i gCinneadh 92/510/CEE ón gComhairle mar atá arna fhorlíonadh le Cinneadh 93/697/CEE ón gComhairle agus, d'ainneoin na n-oibleagáidí atá leagtha síos i dTreoir 92/82/CEE ón gComhairle, féadfaidh Poblacht na hOstaire leanúint den díolúine ó dhleacht mháil a chur i bhfeidhm ar GPL a úsáidtear mar bhreosla mótair i bhfeithiclí iompair phoiblí áitiúil.

(e) Ar bhonn Airteagal 8(4) de Threoir 92/81/CEE ón gComhairle agus faoi na coinníollacha atá leagtha amach i gCinneadh 92/510/CEE ón gComhairle agus, go háirithe, ar choinníoll nach socraítear na rátaí sin tráth ar bith faoi na rátaí íosta atá leagtha síos i dTreoir 92/82/CEE ón gComhairle, féadfaidh Poblacht na Fionlainne leanúint de rátaí laghdaithe dleacht mháil a chur i bhfeidhm:

— ar bhreosla díosail agus ola gháis ina bhfuil cion íseal sulfair,

— ar pheitreal athfhoirmlithe, gan luaidhe nó le luaidhe.

(f) Ar bhonn Airteagal 8(4) de Threoir 92/81/CEE ón gComhairle agus faoi na coinníollacha atá leagtha amach i gCinneadh 92/510/CEE ón gComhairle agus, d'ainneoin na n-oibleagáidí atá leagtha síos i dTreoir 92/82/CEE ón gComhairle, féadfaidh Poblacht na Fionlainne leanúint den díolúine ó dhleacht mháil a chur i bhfeidhm:

— ar mheatán agus GPL chun gach críche,

— ar olaí mianracha a úsáidtear d'árthaí príobháideacha pléisiúir.

(g) Ar bhonn Airteagal 8(4) de Threoir 92/81/CEE ón gComhairle agus faoi na coinníollacha atá leagtha amach i gCinneadh 92/510/CEE ón gComhairle agus, go háirithe, ar choinníoll nach socraítear na rátaí sin tráth ar bith faoi na rátaí íosta atá leagtha síos i dTreoir 92/82/CEE ón gComhairle, féadfaidh Ríocht na Sualainne leanúint de ráta laghdaithe dleacht mháil a chur i bhfeidhm:

— ar olaí mianracha le haghaidh críocha tionsclaíocha,

— ar ola dhíosail agus ar ola théite éadrom i gcomhréir le ranguithe comhshaoil.

(h) Ar bhonn Airteagal 8(4) de Threoir 92/81/CEE ón gComhairle agus faoi na coinníollacha atá leagtha amach i gCinneadh 92/510/CEE ón gComhairle agus, d'ainneoin na n-oibleagáidí atá leagtha síos i dTreoir 92/82/CEE ón gComhairle, féadfaidh Ríocht na Sualainne leanúint den díolúine ó dhleacht mháil a chur i bhfeidhm ar mheatán atá táirgthe go bitheolaíoch agus ar dhramhgháis eile.

6. *392 L 0083:* Treoir 92/83/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le struchtúir dhleachtanna máil ar alcól agus deochanna alcólacha a chomhchuibhiú (IO Uimh. L 316, 31.10.1992, lch. 21).

D'ainneoin Airteagal 5(1), féadfaidh Ríocht na Sualainne leanúint, go dtí an 31 Nollaig 1997, de ráta laghdaithe dleachta máil a chur i bhfeidhm, ar choinníoll nach socraítear an ráta sin tráth ar bith faoin ráta íosta atá leagtha síos i dTreoir 92/84/CEE ón gComhairle, ar bheoir nach mó ná 3,5 % de réir toirte a cion alcóil.

X. ILGHNÉITHEACH

389 L 0622: Treoir 89/622/CEE ón gComhairle an 13 Samhain 1989 maidir le comhfhogasú fhorálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann le lipéadú táirgí tobac agus an toirmeasc ar chineálacha áirithe tobac lena gcaitheamh de bhéal a mhargú (IO Uimh. L 359, 8.12.1989, lch. 1), mar atá arna leasú le:

— *392 L 0041:* Treoir 92/41/CEE ón gComhairle an 15 Bealtaine 1992 (IO Uimh. L 158, 11.6.1992, lch. 30).

(a) An toirmeasc atá in Airteagal 8a de Threoir 89/622/CEE, mar atá arna leasú le Treoir 92/41/CEE, agus a bhaineann leis an táirge atá sainithe in Airteagal 2(4) de Threoir 89/622/CEE, mar atá arna leasú le Treoir 92/41/CEE, a chur ar an margadh, ní bheidh sé infheidhme sa tSualainn ná san hIorua, amach ón toirmeasc ar an táirge sin a chur ar an margadh i bhfoirm cosúil le táirge bia.

(b) Glacfaidh Ríocht na Sualainne agus Ríocht na hIorua na bearta uile is gá chun a áirithiú nach gcuirfear an táirge dá dtagraítear i mír (a) ar an margadh sna Ballstáit ar a bhfuil Treoracha 89/622/CEE agus 92/41/CEE infheidhme go hiomlán.

(c) Déanfaidh an Coimisiún faireachán chur chun feidhme iarbhír na mbeart dá bhforáiltear i mír (b).

(d) Trí bliana amhail ó dháta aontachais na Sualainne agus na hIorua, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle maidir le cur chun feidhme na mbeart dá dtagraítear faoi mhír (b) ag Ríocht na Sualainne agus Ríocht na hIorua. Féadfaidh tograí iomchuí gabháil leis an tuarascáil sin más gá.

IARSCRÍBHINN XVI

Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 165(1) den Ionstraim Aontachais

1. *Coiste Chiste Sóisialta na hEorpa:*

   Arna chur ar bun le hAirteagal 124 de Chonradh CE agus le *388 R 2052:* Rialachán (CEE) Uimh. 2052/88 ón gComhairle an 24 Meitheamh 1988 (IO Uimh. L 185, 15.7.1988, lch. 9), mar atá arna leasú le:

   — *393 R 2081:* Rialachán (CEE) Uimh. 2081/93 ón gComhairle an 20 Iúil 1993 (IO Uimh. L 193, 31.7.1993, lch. 5)

2. *An Coiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe:*

   Arna chur ar bun le *368 R 1612:* Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 (IO Uimh. L 257, 19.10.1968, lch. 2), mar atá arna leasú go deireanach le:

   — *392 R 2434:* Rialachán (CEE) Uimh. 2434/92 ón gComhairle an 27 Iúil 1992 (IO Uimh. L 245, 26.8.1992, lch. 1)

3. *An Coiste Comhairleach um Shlándáil Shóisialta Oibrithe Imirceacha:*

   Arna chur ar bun le *371 R 1408:* Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ón gComhairle an 14 Meitheamh 1971 (IO Uimh. L 149, 5.7.1971, lch. 2), mar atá arna leasú go deireanach le:

   — *393 R 1945:* Rialachán (CEE) Uimh. 1945/93 ón gComhairle an 30 Meitheamh 1993 (IO Uimh. L 181, 23.7.1993, lch. 1).

4. *An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht, Sláinteachas agus Cosaint Sláinte ar an Láthair Oibre:*

   Arna chur ar bun le *374 D 0325:* Cinneadh 74/325/CEE ón gComhairle an 27 Meitheamh 1974 (IO Uimh. L 185, 9.7.1974, lch. 15), mar atá arna leasú le:

   — *179 H:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas na Poblachta Heilléanaí (IO Uimh. L 291, 19.11.1979, lch.17),

   — *185 I:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile (IO Uimh. L 302, 15.11.1985, lch. 23).

5. *Bord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú:*

   Arna chur ar bun le *375 R 1365:* Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle an 26 Bealtaine 1975 (IO Uimh. L 139, 30.5.1975, lch. 1), mar atá arna leasú le:

   — *179 H:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas na Poblachta Heilléanaí (IO Uimh. L 291, 19.11.1979, lch.17),

   — *185 I:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile (IO Uimh. L 302, 15.11.1985, lch. 23),

   — *393 R 1947:* Rialachán (CEE) Uimh. 1947/93 ón gComhairle an 30 Meitheamh 1993 (IO Uimh. L 181, 23.7.1993, lch. 13).

6. *Coiste Saineolaithe an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú:*

   Arna chur ar bun le *375 R 1365:* Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle an 26 Bealtaine 1975 (IO Uimh. L 139, 30.5.1975, lch. 1), mar atá arna leasú le:

   — *179 H:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas na Poblachta Heilléanaí (IO Uimh. L 291, 19.11.1979, lch.17),

   — *185 I:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile (IO Uimh. L 302, 15.11.1985, lch. 23),

   — *393 R 1947:* Rialachán (CEE) Uimh. 1947/93 ón gComhairle an 30 Meitheamh 1993 (IO Uimh. L 181, 23.7.1993, lch. 13).

7. *An Coiste Comhairleach um Chomhionannas Deiseanna do Mhná is d'Fhir:*

   Arna chur ar bun le *382 D 0043:* Cinneadh 82/43/CEE ón gCoimisiún an 9 Nollaig 1981 (IO Uimh. L 20, 28.1.1982, lch. 35), mar atá arna leasú le:

   — *185 I:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile (IO Uimh. L 302, 15.11.1985, lch. 23).

8. *An Coimisiún um Shabháilteacht agus Sláinte do Thionscal na Mianadóireachta agus Tionscail Eastóscacha eile:*

   Arna chur ar bun le Cinneadh an 9 Iúil 1957 ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól Chomhairle Speisialta na nAirí (IO Uimh. 28, 31.8.1957, lch. 487/57), mar atá arna leasú le:

   — *365 D:* Cinneadh ón gComhairle an 11 Márta 1965 (IO Uimh. 46, 22.3.1965, lch. 698/65),

— *374 D 0326:* Cinneadh 74/326/CEE ón gComhairle an 27 Meitheamh 1974 (IO Uimh. L 185, 9.7.1974, lch. 18).

9. *An Coiste Comhairleach um Rialú agus Laghdú Truaillithe de bharr Scaireadh Hidreacarbón agus Substaintí Contúirteacha eile ar Muir:*

Arna chur ar bun le *380 D 0686:* Cinneadh 80/686/CEE ón gCoimisiún an 25 Meitheamh 1980 (IO Uimh. L 188, 22.7.1980, lch. 11), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *387 D 0144:* Cinneadh 87/144/CEE ón gCoimisiún an 13 Feabhra 1987 (IO Uimh. L 57, 27.2.1987, lch. 57).

10. *An Coiste Comhairleach um Chosaint Ainmhithe a úsáidtear chun Críocha Trialacha agus Críocha Eolaíocha eile:*

Arna chur ar bun le *390 D 0067:* Cinneadh 90/67/CEE ón gCoimisiún an 9 Feabhra 1990 (IO Uimh. L 44, 20.2.1990, lch. 30).

11. *An Coiste Comhairleach Eolaíoch um Thocsaineacht agus Éiceathocsaineacht Comhdhúl Ceimiceach:*

Arna chur ar bun le *378 D 0618:* Cinneadh 78/618/CEE ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 1978 (IO Uimh. L 198, 22.7.1978, lch. 17), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *388 D 0241:* Cinneadh 88/241/CEE ón gCoimisiún an 14 Márta 1988 (IO Uimh. L 105, 26.4.1988, lch. 29).

12. *An Coiste um Bainisteoireacht Dramhaíola:*

Arna chur ar bun le *376 D 0431:* Cinneadh 76/431/CEE ón gCoimisiún an 21 Aibreán 1976 (IO Uimh. L 115, 1.5.1976, lch. 13), mar atá arna leasú le:

— *179 H:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas na Poblachta Heilléanaí (IO Uimh. L 291, 19.11.1979, lch.17),

— *185 I:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile (IO Uimh. L 302, 15.11.1985, lch. 23).

13. *An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach:*

Arna chur ar bun le *393 D 0619:* Cinneadh 93/619/CEE ón gCoimisiún an 19 Samhain 1993 (IO Uimh. L 297, 2.12.1993, lch. 25).

14. *Coiste Comhairleach um Oiliúint Dochtúirí:*

Arna chur ar bun le *375 D 0364:* Cinneadh 75/364/CEE ón gComhairle an 16 Meitheamh 1975 (IO Uimh. L 167, 30.6.1975, lch. 17).

15. *An Coiste Comhairleach um Oiliúint Aos Altranais:*

Arna chur ar bun le *377 D 0454:* Cinneadh 77/454/CEE ón gComhairle an 27 Meitheamh 1977 (IO Uimh. L 176, 15.7.1977. lch. 11).

16. *An Coiste Comhairleach um Oiliúint Fiaclóirí agus Déidlianna:*

Arna chur ar bun le *378 D 0688:* Cinneadh 78/688/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1978 (IO Uimh. L 233, 24.8.1978, lch. 15).

17. *An Coiste Comhairleach um Oiliúint Tréidlianna:*

Arna chur ar bun le *378 D 1028:* Cinneadh 78/1028/CEE ón gComhairle an 18 Nollaig 1978 (IO Uimh. L 362, 23.12.1978, lch. 10).

18. *An Coiste Comhairleach um Oiliúint Chnáimhseach:*

Arna chur ar bun le *380 D 0156:* Cinneadh 80/156/CEE ón gComhairle an 21 Eanáir 1980 (IO Uimh. L 33, 11.2.1980, lch. 13).

19. *An Coiste Comhairleach um Oideachas agus Oiliúint i réimse na hAiltireachta:*

Arna chur ar bun le *385 D 0385:* Cinneadh 85/385/CEE ón gComhairle an 10 Meitheamh 1985 (IO Uimh. L 233, 21.8.1985, lch. 26).

20. *An Coiste Comhairleach um Oiliúint sa Chógaisíocht:*

Arna chur ar bun le *385 D 0434:* Cinneadh 85/434/CEE ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 1985 (IO Uimh. L 253, 24.9.1985, lch. 43).

21. *An Coiste Comhairleach um Chonarthaí Poiblí a Oscailt:*

Arna chur ar bun le *387 D 0305:* Cinneadh 87/305/CEE ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 1987 (IO Uimh. L 152, 12.6.1987, lch. 32), mar atá arna leasú le:

— *387 D 0560:* Cinneadh 87/560/CEE ón gCoimisiún an 17 Iúil 1987 (IO Uimh. L 338, 28.11.1987, lch. 37).

22. *An Coiste Comhairleach um Sholáthar Poiblí:*

Arna chur ar bun le *371 D 0306:* Cinneadh 71/306/CEE ón gComhairle an 26 Iúil 1971 (IO Uimh. L 185, 16.8.1971, lch. 15), mar atá arna leasú le:

— *377 D 0063:* Cinneadh 77/63/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1976 (IO Uimh. L 13, 15.1.1977, lch. 15).

23. *An Coiste Saineolaithe um Idirthuras Leictreachais (OSTE):*

Arna chur ar bun le *392 D 0167:* Cinneadh 92/167/CEE ón gCoimisiún an 4 Márta 1992 ag cur Coiste Saineolaithe um Idirthuras Leictreachais idir Greillí ar bun (IO Uimh. L 74, 20.3.1992, lch. 43).

24. *An Coiste Ionadaithe do na Ballstáit:*

Arna chur ar bun faoi Airteagal 4 de *393 D 0379:* Cinneadh 93/379/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1993 maidir le clár ilbhliantúil de bhearta Comhphobail chun na réimsí tosaíochta a threisiú agus chun leanúnachas agus comhdhlúthú beartais um ghnóthais, go háirithe gnóthais bheaga agus meánmhéide, a áirithiú sa Chomhphobal (IO Uimh. L 161, 2.7.1993, lch. 68).

25. *An Coiste um Thurasóireacht:*

Arna chur ar bun le *392 D 0421:* Cinneadh 92/421/CEE ón gComhairle an 13 Iúil 1992 maidir le plean gníomhaíochta Comhphobail chun cuidiú leis an turasóireacht (IO Uimh. L 231, 13.8.1992, lch. 26).

IARSCRÍBHINN XVII

Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 165(2) den Ionstraim Aontachais

1. *An Coiste Comhairleach um Ghairmoiliúint:*

Arna chur ar bun le *363 D 0266:* Cinneadh 63/266/CEE ón gComhairle an 2 Aibreán 1963 (IO Uimh. 63, 20.4.1963, lch. 1338/63) agus ar glacadh lena Reacht le *363 X 0688:* Cinneadh 63/688/CEE ón gComhairle an 18 Nollaig 1963 (IO Uimh. 190, 30.12.1963, lch. 3090/63), mar atá arna leasú le:

— *368 D 0189:* Cinneadh 68/189/CEE ón gComhairle an 9 Aibreán 1968 (IO Uimh. L 91, 12.4.1968, lch. 26),

— *172 B:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe (IO Uimh. L 73, 27.3.1972, lch. 14),

— *179 H:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas na Poblachta Heilléanaí (IO Uimh. L 291, 19.11.1979, lch.17),

— *185 I:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile (IO Uimh. L 302, 15.11.1985, lch. 23).

2. *An Coiste Comhairleach um Iascach:*

Arna chur ar bun le *371 D 0128:* Cinneadh 71/128/CEE ón gCoimisiún an 25 Feabhra 1971 (IO Uimh. L 68, 22.3.1971, lch. 18), mar atá arna leasú le:

— *373 D 0429:* Cinneadh 73/429/CEE ón gCoimisiún an 31 Deireadh Fómhair 1973 (IO Uimh. L 355, 24.12.1973, lch. 61),

— *389 D 0004:* Cinneadh 89/4/CEE ón gCoimisiún an 21 Nollaig 1988 (IO Uimh. L 5, 7.1.1989, lch. 33).

3. *An Coiste Comhairleach um Ábhair Chustaim agus Cánachas Indíreach:*

Arna chur ar bun le *391 D 0453:* Cinneadh 91/453/CEE ón gCoimisiún an 30 Iúil 1991 (IO Uimh. L 241, 30.8.1991, lch. 43).

IARSCRÍBHINN XVIII

Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 167 den Ionstraim Aontachais

A. *Uibheacha agus éanlaith chlóis*

1. *375 R 2782:* Rialachán (CEE) Uimh. 2782/75 ón gComhairle an 29 Deireadh Fómhair 1975 maidir le huibheacha goir agus scalltáin éanlaith chlóis a tháirgeadh agus a mhargú (IO Uimh. L 282, 1.11.1975, lch. 100), mar atá arna leasú go deireanach le:

   — *391 R 1057:* Rialachán (CEE) Uimh. 1057/91 ón gCoimisiún an 26 Aibreán 1991 (IO Uimh. L 107, 27.4.1991, lch. 11).

   An Iorua agus an tSualainn: an 1 Eanáir 1997.

2. *390 R 1906:* Rialachán (CEE) Uimh. 1906/90 ón gComhairle an 26 Meitheamh 1990 maidir le caighdeáin mhargaíochta áirithe d'éanlaith chlóis (IO Uimh. L 173, 6.7.1990, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

   — *393 R 3204:* Rialachán (CE) Uimh. 3204/93 ón gComhairle an 16 Samhain 1993 (IO Uimh. L 289, 24.11.1993, lch. 3).

   An Iorua agus an tSualainn: an 1 Eanáir 1997.

3. *390 R 1907:* Rialachán (CEE) Uimh. 1907/90 ón gComhairle an 26 Meitheamh 1990 maidir le caighdeáin mhargaíochta áirithe d'uibheacha (IO Uimh. L 173, 6.7.1990, lch. 5), mar atá arna leasú le:

   — *393 R 2617:* Rialachán (CEE) Uimh. 2617/93 ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 1993 (IO Uimh. L 240, 25.9.1993, lch. 1).

   An Iorua agus an tSualainn: an 1 Eanáir 1997.

B. *Mairteoil agus laofheoil*

381 R 1208: Rialachán (CEE) Uimh. 1208/81 ón gComhairle an 28 Aibreán 1981 ag cinneadh an scála Comhphobail chun conablaigh bhó-ainmhithe lánfhásta a rangú (IO Uimh. L 123, 7.5.1981, lch. 3), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *391 R 1026:* Rialachán (CEE) Uimh. 1026/91 ón gComhairle an 22 Aibreán 1981 (IO Uimh. L 106, 26.4.1991, lch. 2).

An Iorua agus an Fhionlainn: an 1 Eanáir 1996.

C. *Muiceoil*

384 R 3220: Rialachán (CEE) Uimh. 3220/84 ón gComhairle an 13 Samhain 1984 ag cinneadh an scála Comhphobail chun conablaigh mhuc a rangú (IO Uimh. L 301, 20.1.1984, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

— *393 R 3513:* Rialachán (CE) Uimh. 3513/93 ón gComhairle an 14 Nollaig 1993 (IO Uimh. L 320, 22.12.1993, lch. 5).

An Iorua agus an Fhionlainn: an 1 Eanáir 1996.

D. *Folláine plandaí*

1. *369 L 0464:* Treoir 69/464/CEE ón gComhairle an 8 Nollaig 1969 maidir le fadharcáin phrátaí a rialú (IO Uimh. L 323, 24.12.1969, lch. 1).

   An Fhionlainn: an 1 Eanáir 1996

   An tSualainn: an 1 Eanáir 1997.

   Le linn na hidirthréimhse, ní thabharfar aon phrátaí ó na Ballstáit sin isteach ar chríoch na mBallstát eile.

2. *369 L 0465:* Treoir 69/465/CEE ón gComhairle an 8 Nollaig 1969 maidir le cruinnphéisteanna lamhnán prátaí a rialú (IO Uimh. L 323, 24.12.1969, lch. 3).

   An tSualainn: an 1 Eanáir 1997

   Le linn na hidirthréimhse, ní thabharfar aon phrátaí ón mBallstát sin isteach ar chríoch na mBallstát eile.

3. *393 L 0085:* Treoir 93/85/CEE ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 1993 maidir le lobhadh fáinneach prátaí a rialú (IO Uimh. L 259, 18.10.1993, lch. 1).

   An Fhionlainn: an 1 Eanáir 1996

   An tSualainn: an 1 Eanáir 1996.

   Le linn na hidirthréimhse, ní thabharfar aon phrátaí ó na Ballstáit sin isteach ar chríoch na mBallstát eile.

IARSCRÍBHINN XIX

Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 168 den Ionstraim Aontachais

I. SAORGHLUAISEACHT DAOINE, SEIRBHÍSÍ AGUS CAIPITIL

378 L 0686: Treoir 78/686/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1978 maidir le dioplómaí, teastais agus cruthúnais eile ar cháilíochtaí foirmiúla fiaclóirí agus déidlianna a aithint go frithpháirteach, lena n-áirítear bearta chun feidhmiú éifeachtach an chirt bhunaíochta agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a éascú (IO Uimh. L 233, 24.8.1978, lch. 1), mar atá arna leasú le:

— *179 H:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas na Poblachta Heilléanaí (IO Uimh. L 291, 19.11.1979, lch. 17),

— *381 L 1057:* Treoir 81/1057/CEE ón gComhairle an 14 Nollaig 1981 (IO Uimh. L 385, 31.12.1981, lch. 25),

— *185 I:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile (IO Uimh. L 302, 15.11.1985, lch. 23),

— *389 L 0594:* Treoir 89/594/CEE ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 1989 (IO Uimh. L 341, 23.11.1989, lch. 19),

— *390 L 0658:* Treoir 90/658/CEE ón gComhairle an 4 Nollaig 1990 (IO Uimh. L 353, 17.12.1990, lch. 73).

An Ostair: an 1 Eanáir 1999.

II. BEARTAS IOMPAIR

391 L 0440: Treoir 91/440/CEE ón gComhairle an 29 Iúil 1991 maidir le forbairt iarnróid an Chomhphobail (IO Uimh. L 237, 24.8.1991, lch. 25).

An Ostair: an 1 Iúil 1995.

III. COMHSHAOL

1. *376 L 0160:* Treoir 76/160/CEE ón gComhairle an 8 Nollaig 1975 maidir le cáilíocht uisce snámha (IO Uimh. L 31, 5.2.1976, lch. 1), mar atá arna leasú le:

   — *179 H:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas na Poblachta Heilléanaí (IO Uimh. L 291, 19.11.1979, lch. 17),

   — *185 I:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile (IO Uimh. L 302, 15.11.1985, lch. 23),

   — *390 L 0656:* Treoir 90/656/CEE ón gComhairle an 4 Nollaig 1990 (IO Uimh. L 353, 17.12.1990, lch. 59),

   — *391 L 0692:* Treoir 91/692/CEE ón gComhairle an 23 Nollaig 1991 (IO Uimh. L 377, 31.12.1991, lch. 48).

   An Ostair: an 1 Eanáir 1997

2. *380 L 0836:* Treoir 80/836/CEFA ón gComhairle an 15 Iúil 1980 ag leasú na dTreoracha ag leagan síos na mbunchaighdeán sábháilteachta le haghaidh chosaint shláinte an ghnáthphobail agus oibrithe in aghaidh chontúirtí na radaíochta ianúcháin (IO Uimh. L 246, 17.9.1980, lch. 1), mar atá arna leasú le:

   — *384 L 0467:* Treoir 84/467/CEFA ón gComhairle an 3 Meán Fómhair 1984 (IO Uimh. L 265, 5.10.1984, lch. 4).

   (a) An Ostair: an 1 Eanáir 1997

   (b) An Fhionlainn: an 1 Eanáir 1997

   (c) An tSualainn: an 1 Eanáir 1997

3. *392 L 0014:* Treoir 92/14/CEE ón gComhairle an 2 Márta 1992 maidir le hoibriú eitleán a theorannú atá folaithe i gCuid II, Caibidil 2, Imleabhar I d'Iarscríbhinn 16 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, an dara heagrán (1988) (IO Uimh. L 76, 23.3.1992, lch. 21)

   An Ostair: an 1 Aibreán 2002

IV. FUINNEAMH

368 L 0414: Treoir 68/414/CEE ón gComhairle an 20 Nollaig 1968 ag forchur oibleagáid ar Bhallstáit CEE stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriliam a choinneáil (IO Uimh. L 308, 23.12.1968, lch. 14), mar atá arna leasú le:

— *172 B:* An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí — Aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe (IO Uimh. L 73, 27.3.1972, lch. 14),

— *372 L 0425:* Treoir 72/425/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1972 (IO Uimh. L 291, 28.12.1972, lch. 154).

An Fhionlainn: an 1 Eanáir 1996.

V. TALMHAÍOCHT

1. *393 L 0023:* Treoir 93/23/CEE ón gComhairle an 1 Meitheamh 1993 maidir le suirbhéanna staidrimh atá le cur i gcrích ar tháirgeadh muc (IO Uimh. L 149, 21.6.1993, lch. 1).

   An Fhionlainn: an 1 Eanáir 1996.

2. *393 L 0024:* Treoir 93/24/CEE ón gComhairle an 1 Meitheamh 1993 maidir le suirbhéanna staidrimh atá le cur i gcrích ar tháirgeadh bó-ainmhithe (IO Uimh. L 149, 21.6.1993, lch. 5).

   An Fhionlainn: an 1 Eanáir 1996.

PRÓTACAIL

Prótacal Uimh. 1

ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta

CUID A hAON

OIRIÚNUITHE AR REACHT AN BHAINC EORPAIGH INFHEISTÍOCHTA

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3 den Phrótacal ar Reacht an Bhainc:

"*Airteagal 3*

I gcomhréir le hAirteagal 198d den Chonradh seo, is comhaltaí den Bhanc:

— Ríocht na Beilge,

— Ríocht na Danmhairge,

— Poblacht Chónaidhme na Gearmáine,

— An Phoblacht Heilléanach,

— Ríocht na Spáinne,

— Poblacht na Fraince,

— Éire,

— Poblacht na hIodáile,

— Ard-Diúcacht Lucsamburg,

— Ríocht na h-Ísiltíre,

— Ríocht na hIorua,

— Poblacht na hOstaire,

— Poblacht na Portaingéile,

— Poblacht na Fionlainne,

— Ríocht na Sualainne,

— Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.".

Airteagal 2

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 4(1) den Phrótacal ar Reacht an Bhainc:

"1. Is é is caipiteal don Bhanc ECU 62 940 milliún, arna shuibscríobh ag na Ballstáit mar a leanas:

— An Ghearmáin	11 017 450 000
— An Fhrainc	11 017 450 000
— An Iodáil	11 017 450 000
— An Ríocht Aontaithe	11 017 450 000
— An Spáinn	4 049 856 000
— An Bheilg	3 053 960 000
— An Ísiltír	3 053 960 000
— An tSualainn	2 026 000 000
— An Danmhairg	1 546 308 000
— An Ostair	1 516 000 000
— An Iorua	927 000 000
— An Fhionlainn	871 000 000
— An Ghréig	828 380 000
— An Phortaingéil	533 844 000
— Éire	386 576 000
— Lucsamburg	77 316 000.".

Airteagal 3

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10 den Phrótacal ar Reacht an Bhainc:

"*Airteagal 10*

Mura bhforáiltear a mhalairt sa Reacht seo, is trí thromlach dá chomhaltaí a dhéanfaidh an Bord Gobharnóirí cinntí. Ní mór an tromlach sin a bheith in ionannas le 50% ar a laghad den chaipiteal suibscríofa. Is i gcomhréir le forálacha Airteagal 148 den Chonradh seo a dhéanfaidh an Bord Gobharnóirí vótáil.".

Airteagal 4

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad trí fhomhír d'Airteagal 11(2) den Phrótacal ar Reacht an Bhainc:

"2. Sé stiúrthóir is fiche agus trí mhalartach déag a bheidh ar an mBord Stiúrthóirí.

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí na Stiúrthóirí a cheapadh go ceann cúig bliana mar a thaispeántar thíos:

— trí stiúrthóir arna n-ainmniú ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine,

— trí stiúrthóir arna n-ainmniú ag Poblacht na Fraince,

— trí stiúrthóir arna n-ainmniú ag Poblacht na hIodáile,

— trí stiúrthóir arna n-ainmniú ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann,

— dhá stiúrthóir arna n-ainmniú ag Ríocht na Spáinne,

— stiúrthóir amháin arna ainmniú ag Ríocht na Beilge,

— stiúrthóir amháin arna ainmniú ag Ríocht na Danmhairge,

— stiúrthóir amháin arna ainmniú ag an bPoblacht Heilléanach,

— stiúrthóir amháin arna ainmniú ag Éirinn,

— stiúrthóir amháin arna ainmniú ag Ard-Diúcacht Lucsamburg,

— stiúrthóir amháin arna ainmniú ag Ríocht na h-Ísiltíre,

— stiúrthóir amháin arna ainmniú ag Ríocht na hIorua,

— stiúrthóir amháin arna ainmniú ag Poblacht na hOstaire,

— stiúrthóir amháin arna ainmniú ag Poblacht na Portaingéile,

— stiúrthóir amháin arna ainmniú ag Poblacht na Fionlainne,

— stiúrthóir amháin arna ainmniú ag Ríocht na Sualainne,

— stiúrthóir amháin arna ainmniú ag an gCoimisiún.

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí na malartaigh a cheapadh go ceann cúig bliana mar a thaispeántar thíos:

— dhá mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine,

— dhá mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht na Fraince,

— dhá mhalartach arna n-ainmniú ag Poblacht na hIodáile,

— dhá mhalartach arna n-ainmniú ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann,

— malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Spáinne agus ag Poblacht na Portaingéile,

— malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag tíortha Bhenelux,

— malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na Danmhairge, ag an bPoblacht Heilléanach agus ag Éirinn,

— malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na hIorua, ag Poblacht na hOstaire, ag Poblacht na Fionlainne agus ag Ríocht na Sualainne,

— malartach amháin arna ainmniú ag an gCoimisiún.".

Airteagal 5

Cuirtear an abairt seo a leanas in ionad an dara habairt d'Airteagal 12(2) den Phrótacal ar Reacht an Bhainc:

"Is gá ocht vóta dhéag ina fhabhar do thromlach cáilithe.".

CUID A DÓ

FORÁLACHA EILE

Airteagal 6

1. Íocfaidh na Ballstáit nua na suimeanna seo a leanas mar a scair den chaipiteal a íocfaidh na Ballstáit amhail ón 1 Eanáir 1995:

An tSualainn	ECU 137 913 558,
An Ostair	ECU 103 196 917,
An Iorua	ECU 63 102 600,
An Fhionlainn	ECU 59 290 577.

Íocfar na ranníocaíochtaí sin i gcúig thráthchuid leathbhliantúla chomhionanna a bheidh dlite ar an 30 Aibreán agus an 31 Deireadh Fómhair. Beidh an chéad tráthchuid iníoctha ar cibé ceann den dá dháta sin is túisce a leanfaidh dáta an aontachais.

2. Maidir leis an gcuid a bheidh le híoc fós, ar dháta an aontachais, faoin méadú caipitil a cinneadh ar an 11 Meitheamh 1990, rannpháirteoidh na Ballstáit nua leis na méideanna seo a leanas:

An tSualainn	ECU 14 069 444,
An Ostair	ECU 10 527 778,
An Iorua	ECU 6 437 500,
An Fhionlainn	ECU 6 048 611.

Íocfar na méideanna sin in ocht dtráthchuid leathbhliantúla chomhionanna a bheidh dlite ar na dátaí atá leagtha síos don mhéadú caipitil sin, ag tosú ar an 30 Aibreán 1995.

Airteagal 7

Ranníocfaidh na Ballstáit nua, i gcúig thráthchuid leathbhliantúla chomhionanna a bheidh dlite ar na dátaí dá bhforáiltear in Airteagal 6(1), sa chiste cúltaca, sna cúlchistí forlíontacha, sna soláthairtí is ionann agus cúlchistí agus sa mhéid a bheidh le leithreasú fós do na cúlchistí agus na soláthairtí a fhreagraíonn d'iarmhéid an chuntais sochair agus dochair, mar a bheidh ar an 31 Nollaig den bhliain roimh an aontachas agus mar atá luaite i gclár comhardaithe formheasta an Bhainc, na méideanna a fhreagraíonn do na céatadáin seo a leanas de na cúlchistí agus na soláthairtí:

An tSualainn	3,51736111 %,
An Ostair	2,63194444 %,
An Iorua	1,60937500 %,
An Fhionlainn	1,51215278 %.

Airteagal 8

Déanfaidh na Ballstáit nua na híocaíochtaí dá bhforáiltear in Airteagail 6 agus 7 den Phrótacal seo in ecuanna nó ina n-airgeadra náisiúnta.

Má úsáidtear airgeadra náisiúnta don íocaíocht, déanfar na méideanna is iníoctha a ríomh, ar bhonn ráta comhshó an ecu a bheidh bailí ar an lá oibre deiridh den mhí roimh na dátaí ábhartha a mbeidh na híocaíochtaí dlite. Is ar bhonn na foirmle sin freisin a dhéanfar an coigeartú caipitil dá bhforáiltear in Airteagal 7 den Phrótacal ar Reacht an Bhainc.

Airteagal 9

1. Amhail ón aontachas, cuirfidh an Bord Gobharnóirí le líon an Bhord Stiúrthóirí trí cheithre stiúrthóir a cheapadh arna n-ainmniú ag gach ceann de na Ballstáit nua faoi seach, maille le malartach amháin arna ainmniú de thoil a chéile ag Ríocht na hIorua, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

2. Rachaidh téarmaí oifige na stiúrthóirí agus an mhalartaigh a cheapfar amhlaidh in éag ag deireadh chruinniú bliantúil an Bhord Gobharnóirí ag a scrúdófar tuarascáil bhliantúil na bliana airgeadais 1997.

Prótacal Uimh. 2

maidir le hOileáin Åland

Agus an stádas speisialta atá ag Oileáin Åland faoin dlí idirnáisiúnta á chur san áireamh, beidh na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe infheidhme ar Oileáin Åland leis na maoluithe seo a leanas:

Airteagal 1

Ní fhágfaidh forálacha Chonradh CE nach mbeidh na forálacha atá i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 1994 in Oileáin Åland infheidhme:

— ar shrianta, ar bhonn neamhidirdhealaitheach, ar an gceart ag daoine nádúrtha nach bhfuil hembygdsrätt/kotiseutuoikeus (saoránacht réigiúnach) acu in Åland, agus ag daoine dlítheanacha, maoin réadach a fháil agus a shealbhú ar Oileáin Åland gan cead ó údaráis inniúla Oileáin Åland;

— ar shrianta, ar bhonn neamhidirdhealaitheach, ar an gceart bunaíochta agus ar an gceart seirbhísí a sholáthar ag daoine nádúrtha nach bhfuil hembygdsrätt/kotiseutuoikeus (saoránacht réigiúnach) acu in Åland, nó ag daoine dlítheanacha, gan cead ó údaráis inniúla Oileáin Åland.

Airteagal 2

(a) Déanfar críoch Oileáin Åland — a mheastar gur tríú críoch é, mar atá sainithe sa tríú fleasc d'Airteagal 3(1) de Threoir 77/388/CEE ón gComhairle mar atá arna leasú, agus gur críoch náisiúnta é nach dtig faoi raon feidhme na dtreoracha maidir le comhchuibhiú dleacht mháil mar atá sainithe in Airteagal 2 de Threoir 92/12/CEE ón gComhairle — a eisiamh ó chur i bhfeidhm críochach fhorálacha CE i réimsí chomhchuibhiú dhlíthe na mBallstát maidir le cánacha láimhdeachais agus le dleachtanna máil agus foirmeacha eile de chánachas indíreach. Ní bheidh aon éifeacht ag an díolúine seo ar acmhainní dílse an Chomhphobail.

Ní bheidh an mhír seo infheidhme ar fhorálacha Threoir 69/335/CEE ón gComhairle, mar atá arna leasú, maidir le dleacht chaipitil.

(b) Is é is aidhm don mhaolú seo geilleagar áitiúil inmharthana a chothabháil sna hOileáin agus ní bheidh aon éifeachtaí dhiúltacha aige ar leasanna an Aontais ná ar a chuid comhbheartas. Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil call a thuilleadh leis na forálacha i mír (a), go háirithe maidir le hiomaíocht chóir nó le hacmhainní dílse, cuirfidh sé tograí iomchuí faoi bhráid na Comhairle a ghníomhóidh i gcomhréir le hairteagail ábhartha Chonradh CE.

Airteagal 3

Áiritheoidh Poblacht na Fionlainne go gcuirfear an chóir chéanna i bhfeidhm ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha uile na mBallstát in Oileáin Åland.

Prótacal Uimh. 3

maidir leis an bPobal Sami

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA

AG AITHINT DÓIBH oibleagáidí agus cheangaltais na hIorua, na Sualainne agus na Fionlainne i leith an phobail Sami faoin dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE, go háirithe, go gcuireann an Iorua, an tSualainn agus an Fhionlainn de cheangaltas orthu féin gléas beo, teanga, cultúr agus nós maireachtála an phobail Sami a chaomhnú agus a fhorbairt,

DE BHRÍ go bhfuil cultúr agus gléas beo traidisiúnta Sami spleách ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha príomhúla, ar nós aoireacht réinfhianna i limistéir thraidisiúnta lonnaíochtaí Sami,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas:

Airteagal 1

D'ainneoin fhorálacha Chonradh CE, féadfar cearta eisiacha do riar réinfhianna laistigh de limistéir thraidisiúnta Sami a dheonú don phobal Sami.

Airteagal 2

Féadfar an Prótacal seo a fhairsingiú chun aird a thabhairt ar aon fhorás breise ar chearta eisiacha Sami atá nasctha lena ngléas beo traidisiúnta. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus Coiste na Réigiún, na leasuithe is gá ar an bPrótacal a ghlacadh.

Prótacal Uimh. 4

maidir leis an earnáil pheitriliam san Iorua

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA

AG AITHINT mhóréifeacht na hearnála peitriliam ar gheilleagar na hIorua agus ar fhorás a sochaí,

TAR ÉIS COMHAONTÚ mar a leanas:

TUGANN SIAD DÁ nAIRE nach ndéanann Conradh CE dochar ar shlí ar bith do na rialacha sna Ballstáit ag rialú an chórais úinéireacht mhaoine;

MEABHRAÍONN SIAD go bhfuil flaitheas agus cearta flaithiúnta ag Ballstáit ar acmhainní peitriliam;

AITHNÍONN SIAD chuige sin go bhfuil ag Ballstáit:

(a) an ceart chun státrannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí peitriliam agus an ceart eintiteas dlítheanach a cheapadh chun an rannpháirtíocht sin a bhainisteoireacht;

(b) cearta eisiacha ar bhainisteoireacht acmhainní, inter alia beartais taiscéalaíochta agus saothraithe, leas iomlán a bhaint as an bhforbairt agus as an táirgeadh agus an ráta ar a bhféadfar acmhainní peitriliam a ídiú, nó a shaothrú ar shlí eile;

(c) cearta eisiacha chun cánacha, ríchíosanna nó íocaíochtaí airgeadais eile is iníoctha de bhua taiscéalaíocht nó saothrú den sórt sin a shonrú agus a thobhach,

agus ATHDHAINGNÍONN SIAD nach foláir feidhmiú cearta den sórt sin ag na Ballstáit a bheith i gcomhréir leis na Conarthaí agus le forálacha eile dhlí an Chomhphobail.

Prótacal Uimh. 5

maidir le rannpháirtíocht na mBallstát nua i gCistí an Chomhphoball Eorpaigh do Ghual agus Cruach

Socrófar mar a leanas ranníocaíochtaí na mBallstát nua le cistí an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach:

— Poblacht na hOstaire	ECU 15 300 000
— Poblacht na Fionlainne	ECU 12 100 000
— Ríocht na hIorua	ECU 1 800 000
— Ríocht na Sualainne	ECU 16 700 000

Íocfar na ranníocaíochtaí sin in dhá thráthchuid chomhionanna bhliantúla saor ó ús, amhail ón 1 Eanáir 1996.

Prótacal Uimh. 6

maidir le forálacha sealadacha speisialta do ghníomhaíochtaí na gCistí Struchtúracha san Fhionlainn, san Iorua agus sa tSualainn

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

Ag féachaint d'iarrataí ón bhFionlainn, an Iorua agus an tSualainn le haghaidh tacaíocht speisialta ó na Cistí Struchtúracha dá réigiúin is lú dlús daonra,

De bhrí go bhfuil an tAontas tar éis Cuspóir tosaíochta 6 comhlántach nua a bheartú,

De bhrí go ndéanfar an socrú idirthréimhseach sin a athmheasúnú agus a athbhreithniú i 1999 i gcomhthráth le Rialachán (CEE) Uimh. 2081/93 arb éard é an Príomhrialachán réime maidir le hionstraimí agus beartais struchtúracha,

De bhrí nach mór na critéir agus liosta na réigiún atá cáilithe don Chuspóir nua sin a chinneadh,

De bhrí go gcuirfear acmhainní breise ar fáil don Chuspóir nua sin,

De bhrí nach mór na nósanna imeachta is infheidhme ar an gCuspóir nua sin a shainiú,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Go dtí an 31 Nollaig 1999, ranníocfaidh na Cistí Struchtúracha, an Ionstraim Airgeadais um Threoraíocht Iascaigh (IATI) agus an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) ar dhóigh iomchuí le Cuspóir tosaíochta breise i dteannta leis na cúig Chuspóir dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán (CEE) Uimh. 2052/88 ón gComhairle, mar atá arna leasú le Rialachán (CEE) Uimh. 2081/93 ón gComhairle; is éard a bheidh sa Chuspóir sin:

— forbairt agus oiriúnú struchtúrach réigiún ina bhfuil dlús daonra an-íseal a chur ar aghaidh (dá ngairtear "Cuspóir 6" anseo feasta).

Airteagal 2

Beidh limistéir atá folaithe ag Cuspóir 6 i bprionsabal in ionannas le réigiúin leibhéal II NUTS ag a bhfuil dlús daonra ochtar in aghaidh an km² nó níos lú, nó bainfidh siad leis na réigiúin sin. Ina theannta sin, féadfar cabhair Chomhphobail, faoi réir cheanglas an chomhchruinnithe, a leathnú freisin chuig limistéir thadhlacha agus theorantacha níos lú a chomhallann an critéar céanna maidir le dlús daonra.

Tá na réigiúin agus na limistéir sin, dá dtagraítear sa Phrótacal seo mar "réigiúin" atá folaithe ag Cuspóir 6, liostaithe in Iarscríbhinn 1.

Airteagal 3

Don tréimhse 1995 go 1999, measfar gur suim ECU 1 109 milliún, ag praghsanna 1995, an méid iomchuí d'acmhainní Comhphobail a ndéanfaidh na Cistí Struchtúracha agus IATI ceangaltas ina leith sna réigiúin atá folaithe ag Cuspóir 6 atá liostaithe in Iarscríbhinn 1. Tá miondealú na n-acmhainní in aghaidh na bliana agus an Bhallstáit leagtha amach in Iarscríbhinn 2. Beidh na hacmhainní sin i dteannta leis na cistí atá sceidealta cheana lena n-íoc ó na Cistí Struchtúracha agus IATI de bhun Rialachán (CEE) Uimh. 2052/88 ón gComhairle, mar atá arna leasú le Rialachán (CEE) Uimh. 2081/93 ón gComhairle.

Airteagal 4

Faoi réir Airteagail 1, 2 agus 3 thuas, beidh forálacha na Rialachán atá liostaithe thíos, go háirithe na forálacha atá infheidhme ar Chuspóir 1, infheidhme ar Chuspóir 6:

— Rialachán (CEE) Uimh. 2080/93 ón gComhairle;

— Rialacháin (CEE) Uimh. 2052/88, 4253/88, 4254/88, 4255/88 agus 4256/88 ón gComhairle, mar atá arna leasú le Rialacháin (CEE) Uimh. 2081/93, 2082/93, 2083/93, 2084/93 agus 2085/93 ón gComhairle.

Airteagal 5

Déanfar forálacha an Phrótacail seo, lena n-áirítear cáilitheacht na réigiún atá liostaithe in Iarscríbhinn 1 do chabhair ó na Cistí Struchtúracha, a athscrúdú i 1999 i gcomhthráth le Rialachán réime (CEE) Uimh. 2081/93 maidir le hionstraimí agus beartais struchtúracha agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos sa Rialachán sin.

IARSCRÍBHINN 1

Réigiúin atá folaithe ag Cuspóir 6

An Fhionlainn:

Réigiúin leibhéal II NUTS an tuaiscirt agus an oirthir atá comhdhéanta de "Maakunta" (réigiún leibhéal III NUTS) Lappi agus trí "Maakunnat" Kainuu, Pohjois-Karjala agus Etelä-Savo lena n-áirítear na ceantair thadhlacha seo a leanas:

— i "Maakunta" Pohjois-Pohjanmaa: "Seutukunnat" Ii, Pyhäntä, Kuusamo agus Nivala

— i "Maakunta" Pohjois-Savo: "Seutukunta" Nilsiä

— i "Maakunta" Keski-Suomi: "Seutukunnat" Saarijärvi agus Viitasaari

— i "Maakunta" Keski-Pohjanmaa: "Seutukunta" Kaustinen.

An Iorua:

Réigiún leibhéal II NUTS de thuaisceart na hIorua atá comhdhéanta de "Fylke" (réigiún leibhéal III NUTS): Finnmark, Troms, Nordland agus Nord-Trøndelag.

An tSualainn:

Réigiún leibhéal II NUTS de thuaisceart na Sualainne atá comhdhéanta de "län" (réigiún leibhéal III NUTS) Norrbotten, Västerbotten agus Jämtland, amach ó na limistéir seo a leanas:

— i Norrbotten: "kommun" Luleå, "församling" Överluleå i "kommun" Boden agus "kommun" Piteå (amach ó "folkbokföringsdistrikt" Markbygden)

— i Västerbotten: "kommuner" Nordmaling, Robertsfors, Vännäs agus Umeå agus "församlingar" Boliden, Bureå, Burträsk, Byske, Kågedalen, Lövånger, Sankt Olov, Sankt Örjan agus Skellefteå i "kommun" Skellefteå

ach lena n-áirítear na limistéir thadhlacha seo a leanas:

— i "län" Västernorrland: "kommuner" Ånge agus Sollefteå, "församlingar" Holm agus Liden i "kommun" Sundsvall agus "församlingar" Anundsjö, Björna, Skorped agus Trehörningsjö i "kommun" Örnsköldsvik

— i "län" Gävleborg: "kommun" Ljusdal

— i "län" Kopparberg: "kommuner" Älvdalen, Vansbro, Orsa agus Malung agus "församlingar" Venjan agus Vårmhus i "kommun" Mora

— i "län" Värmland: "kommun" Torsby.

Ní dhéanfaidh na tagairtí do NUTS san Iarscríbhinn seo réamhbhreith ar na sainmhínithe deiridh de leibhéil NUTS sna réigiúin agus limistéir thuasluaite.

IARSCRÍBHINN 2

Leithreasaí táscacha faoi chomhair oibleagáidí do Chuspóir 6

MECU ag praghsanna 1995

	1995	1996	1997	1998	1999	1995-1999
An Iorua	65	69	73	78	83	368
An Fhionlainn	90	95	101	110	115	511
An tSualainn	41	43	46	49	51	230
Iomlán	196	207	220	237	249	1 109

Áirítear sna figiúirí sin, i dteannta leis na leithreasaí arna gcionroinnt ar Chuspóirí 3, 4 agus 5a, más ábhartha, leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí do threoirthionscadail, gníomhartha nuálacha, staidéir agus tionscnaimh Chomhphobail faoi Airteagail 3 agus 12(5) de Rialachán (CEE) Uimh. 2052/88 ón gComhairle, mar atá arna leasú le Rialachán (CEE) Uimh. 2081/93 ón gComhairle.

Prótacal Uimh. 7

maidir le Svalbard

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

DE BHRÍ gurb amhlaidh, cé go bhfuil Svalbard eisiata ó raon feidhme na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas fothaithe, faoi réir fhorálacha Airteagal 1 den Phrótacal seo, go bhfuil sé inmhianaithe ar a shon sin socruithe maidir leis an trádáil i dtáirgí áirithe a thionscnaíonn in Svalbard a bhunú, ionas go leanfar den trádáil sna táirgí sin faoi na coinníollacha céanna atá infheidhme faoin gComhaontú Saorthrádála idir CE agus Ríocht na hIorua agus faoin gComhaontú Saorthrádála idir Ballstáit CEGC agus CEGC, de pháirt amháin, agus Ríocht na hIorua, den pháirt eile, roimh aontachas na hIorua leis an Aontas,

DE BHRÍ go bhfuil sé intuigthe ó aontachas na hIorua leis an Aontas Eorpach go ndéanfaidh an tAontas, ar cothrom leis an "acquis communautaire" agus go háirithe rialacha an Chomhbheartais Iascaigh, cionroinnt na n-acmhainní uile a bhfuil rochtain orthu ag báid na mBallstát, lena n-áirítear an Iorua, sna huiscí go feadh 200 míle timpeall Svalbard, agus bainistíocht na cionroinnte sin, a chinneadh ar bhonn na gcleachtas láithreach,

AG AITHINT DÓIBH a ró-thábhachtaí atá sé lonnaíochtaí marthanacha a chothabháil ar Svalbard,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Ní bheidh na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe infheidhme ar Svalbard.

Tá sé intuigthe ó aontachas na hIorua leis an Aontas Eorpach, áfach, go ndéanfaidh an tAontas, ar cothrom leis an "acquis communautaire" agus go háirithe rialacha an Chomhbheartais Iascaigh, cionroinnt na n-acmhainní uile a bhfuil rochtain orthu ag báid na mBallstát, lena n-áirítear an Iorua, sna huiscí go feadh 200 míle timpeall Svalbard, agus bainistíocht na cionroinnte sin, a chinneadh ar bhonn na gcleachtas láithreach.

Airteagal 2

1. Féadfar na hearraí seo a leanas a thionscnaíonn in Svalbard a allmhairiú isteach san Aontas saor ó dhleachtanna custaim, muirir chomhéifeachta agus srianta cainníochtúla:

Uimh. Ceannteideal CTC	Tuairisc na n-earraí
2701	Gual; bricíní, bricíní ubhchruthacha agus breoslaí soladacha dá samhail a mhonaraítear ó ghual

2. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, aon socruithe forlíontacha a thabhairt isteach is gá chun a cheadú go n-allmhairítear isteach san Aontas Eorpach faoi na coinníollacha céanna, aon earraí a thionscnaíonn in Svalbard, seachas na cinn atá luaite i mír 1.

3. (a) Measfar go dtionscnaíonn na táirgí dá dtagraítear i mír 1 in Svalbard, chun críche an Phrótacail seo, má fhaightear iad go hiomlán ann, a chiallaíonn gur eastóscadh ón talamh iad in Svalbard.

(b) Tairbheoidh na táirgí sin, ar iad a allmhairiú isteach san Aontas, ó fhorálacha an Phrótacail seo ar thíolacadh dearbhú arna thabhairt ag an allmhaireoir ar shonrasc, nóta seachadta nó aon doiciméad tráchtála eile.

(c) Glacfaidh údaráis chustaim na hIorua bearta iomchuí chun a áirithiú go gcuirtear forálacha na míre seo chun feidhme go cuí.

4. Níl an méid seo a leanas ag luí leis an bPrótacal seo a mhéad a fhéadfaidh sé difear a dhéanamh don trádáil idir an tAontas agus Svalbard:

(i) gach comhaontú idir gnóthais, gach cinneadh ag comhlachais ghnóthas agus gach cleachtas comhbheartaithe idir gnóthais arb é a gcuspóir nó a n-éifeacht iomaíocht maidir le táirgeadh earraí nó trádáil iontu a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh;

(ii) mí-úsáid ag gnóthas nó gnóthais as ceannas ar chríocha na bPáirtithe Conarthacha ina n-iomláine nó ar chuid mhór díobh;

(iii) aon chabhair phoiblí a shaobhann nó is baolach go saobhfadh an iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe.

5. Má thagann aon deacrachtaí chun cinn i gcur chun feidhme fhorálacha an Airteagail seo, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, bearta iomchuí a ghlacadh.

Airteagal 3

Ní dhéanfaidh cur i bhfeidhm fhorálacha an Phrótacail seo dochar ar shlí ar bith do sheasaimh na bPáirtithe Conarthacha maidir le cur i bhfeidhm Chonradh Pháras 1920.

Prótacal Uimh. 8

maidir le toghcháin do Pharlaimint ha hEorpa i mBallstáit nua áirithe san idirthréimhse

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

De bhrí gur mian le roinnt áirithe de na Ballstáit nua an chaoi a bheith acu toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a chur ar siúl sa tréimhse idir an Conradh seo a shíniú agus a theacht i bhfeidhm,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

De bhun Airteagal 31(3) den Ionstraim Aontachais seo, féadfaidh aon Bhallstát nua toghcháin do Pharlaimint na hEorpa a chur ar siúl san idirthréimhse idir an Ionstraim Aontachais a shíniú agus a teacht i bhfeidhm i ndáil leis an Stát sin.

Airteagal 2

Measfar go mbeidh forálacha ábhartha Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh ionadaithe do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach atá i gceangal le Cinneadh 76/787/CEGC, CEE, CEFA, mar atá arna leasú go deireanach leis an Ionstraim Aontachais seo, infheidhme ar thoghcháin arna gcur ar siúl de bhun an Phrótacail seo.

Cuirfear na toghcháin ar siúl i gcomhréir leis na socruithe atá leagtha síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo.

Airteagal 3

Gabhfaidh éifeacht le toradh na dtoghchán arna gcur ar siúl de bhun Airteagail 1 agus 2 amhail ó dháta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm do na Ballstáit nua a bheidh tar éis toghcháin den sórt sin a chur ar siúl.

Airteagal 4

Maidir leis na hionadaithe arna dtoghadh de bhun an Phrótacail seo, amhail ó dháta aontachais na mBallstát i dtrácht:

— beidh ag Parlaimint na hEorpa na cumhachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 11 d'Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh ionadaithe do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach;

— beidh ag an gCúirt Bhreithiúnais na cumhachtaí céanna a bheadh aici dá mba de bhun Airteagal 31(1) den Ionstraim Aontachais a chuirfí na toghcháin sin ar siúl.

IARSCRÍBHINN

Socruithe do thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa i mBallstáit nua áirithe san idirthréimhse

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Chun críocha na hIarscríbhinne seo:

— ciallaíonn "toghcháin do Pharlaimint na hEorpa" toghcháin trí vótáil chomhchoiteann dhíreach d'ionadaithe do Pharlaimint na hEorpa i gcomhréir le hIonstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh ionadaithe do Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach (IO Uimh. L 278, 8.10.1976, lch. 5);

— ciallaíonn "toghchríoch" críoch an Bhallstáit nua ina dtoghann pobal an Stáit sin comhaltaí Pharlaimint na hEorpa i gcomhréir leis an Ionstraim thuas agus, faoina cuimsiú sin, i gcomhréir le toghdhlí an Stáit sin;

— ciallaíonn "Stát iarrthach" Ballstát nua a chuireann toghcháin do Pharlaimint na hEorpa ar siúl i gcomhréir leis an bPrótacal seo roimh an gConradh seo a theacht i bhfeidhm;

— ciallaíonn "Stát iarrthach cónaithe" Stát iarrthach ina bhfuil cónaí ar shaoránach den Aontas ach nach náisiúnach de é;

— ciallaíonn "Ballstát baile" Ballstát ar náisiúnach de saoránach den Aontas;

— ciallaíonn "vótálaí Comhphobail" aon saoránach den Aontas atá i dteideal vótáil i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa sa Stát iarrthach cónaithe, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo;

— ciallaíonn "náisiúnach Comhphobail atá i dteideal bheith ina iarrthóir" aon saoránach den Aontas a bhfuil sé de cheart

aige bheith ina iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa sa Stát iarrthach cónaithe de bhua na hIarscríbhinne seo;

— ciallaíonn "toghrolla" clár oifigiúil na vótálaithe uile atá i dteideal vótáil i dtoghlach nó dúiche áirithe, arna tharraingt suas agus arna choinneáil suas chun dáta ag an údarás inniúil faoi thoghdhlí an Stáit iarrthaigh cónaithe, nó an clár daonra má shonraítear cáilitheacht chun vótála ann;

— ciallaíonn "dáta tagartha" an lá nó na laethanta ar a gcaithfidh saoránaigh an Aontais na ceanglais maidir le vótáil nó le bheith ina n-iarrthóirí sa Stát iarrthach cónaithe a chomhall faoi dhlí an Stáit sin;

— ciallaíonn "dearbhú foirmiúil" dearbhú ón duine i dtrácht, a gcuirfidh aon neamhbheachtas ann an duine sin faoi dhliteanas pionós, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

Airteagal 2

Beidh ag aon duine:

(a) is saoránach den Aontas de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 8(1) de Chonradh CE,

(b) nach náisiúnach den Stát iarrthach cónaithe ach a chomhallann na coinníollacha céanna maidir leis an gceart chun vótála agus chun bheith ina iarrthóir is a fhorchuireann an Stát sin le dlí ar a náisiúnaigh féin,

ar an dáta tagartha, an ceart chun vótála agus chun bheith ina iarrthóir i dtoghcháin do Parlaimint na hEorpa sa Stát iarrthach cónaithe mura bhfuil na cearta sin bainte de de bhun Airteagail 5 agus 6.

Nuair nach foláir do náisiúnaigh an Stáit iarrthaigh cónaithe bheith ina náisiúnaigh ar feadh íostréimhse áirithe chun bheith ina n-iarrthóirí, measfar go mbeidh an coinníoll sin comhalta ag saoránaigh an Aontais má ba náisiúnaigh de Bhallstát iad ar feadh na tréimhse céanna.

Airteagal 3

1. Ní fhéadfaidh duine vótáil sa Stát iarrthach má vótáil sé i dtoghcháin 1994 in aon cheann de na Ballstáit.

2. Ní fhéadfaidh duine bheith ina iarrthóir sa Stát iarrthach má bhí sé ina iarrthóir i dtoghcháin 1994 in aon cheann de na Ballstáit.

Airteagal 4

Nuair nach foláir do náisiúnaigh an Stáit iarrthaigh cónaithe íostréimhse áirithe a chaitheamh mar chónaitheoir i dtoghchríoch an Stáit sin chun vótáil nó chun bheith ina n-iarrthóirí, measfar go mbeidh an coinníoll sin comhalta ag vótálaí Comhphobail nó saoránach Comhphobail atá i dteideal bheith ina iarrthóir má bhí cónaí air ar feadh tréimhse coibhéisí i mBallstát eile. Ní dhéanfaidh an fhoráil seo dochar d'aon choinníollacha sonracha maidir le fad cónaithe i dtoghlach nó dúiche áirithe.

Airteagal 5

1. Aon saoránach den Aontas a bhfuil cónaí air sa Stát iarrthach nach náisiúnach de é agus ar baineadh de, de dheasca breithe leithlí faoin dlí coiriúil nó sibhialta, a cheart chun bheith ina iarrthóir faoi dhlí an Stáit iarrthaigh cónaithe nó faoi dhlí a Bhallstáit bhaile, cuirfear cosc air an ceart sin a fheidhmiú sa Stát iarrthach cónaithe i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa.

2. Iarratas ó aon saoránach den Aontas chun bheith ina iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa sa Stát iarrthach cónaithe, dearbhófar é a bheith doghlactha murar féidir leis an saoránach sin an fianú dá dtagraítear in Airteagal 9(2) a sholáthar.

Airteagal 6

1. Féadfaidh an Stát iarrthach cónaithe, i gcás saoránach den Aontas atá tar éis a thabhairt le fios gur mian leo an ceart chun vótála a fheidhmiú sa Stát iarrthach cónaithe, a sheiceáil nach bhfuil an ceart sin bainte díobh sa Bhallstát baile de dheasca breithe leithlí faoin dlí coiriúil nó sibhialta.

2. Chun críocha mhír 1, féadfaidh an Stát iarrthach cónaithe an dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 8(2) a chur in iúl don Bhallstát baile. Chuige sin, soláthrófar an fhaisnéis ábhartha atá ar fáil de ghnáth ón mBallstát baile in am trátha agus ar dhóigh iomchuí; ní bheidh i bhfaisnéis den sórt sin ach na sonraí atá fíor-riachtanach chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme agus ní fhéadfar í a úsáid ach chun na críche sin. Má chuireann an fhaisnéis a sholáthraítear inneachar an dearbhaithe ó bhail, glacfaidh an Ballstát cónaithe na bearta is iomchuí chun an duine i dtrácht a chosc ar vótáil.

3. Féadfaidh an Ballstát baile aon fhaisnéis is gá chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme a thíolacadh, in am trátha agus ar dhóigh iomchuí, don Bhallstát cónaithe.

Airteagal 7

1. Feidhmíonn vótálaí Comhphobail a cheart chun vótála sa Bhallstát iarrthach cónaithe má tá sé tar éis a thabhairt le fios gur mian leis sin a dhéanamh.

2. Má tá vótáil éigeantach sa Bhallstát iarrthach cónaithe, beidh iallach vótála ar vótálaithe Comhphobail atá tar éis a thabhairt le fios gur mian leo sin a dhéanamh.

CAIBIDIL II

An ceart chun vótála agus an ceart chun bheith ina iarrthóir a fheidhmiú

Airteagal 8

1. Glacfaidh an Stát iarrthach na bearta is gá, fada go leor roimh an lá vótaíochta, chun gur féidir vótálaí Comhphobail, atá tar éis a thabhairt le fios gur mian leis é, a chur ar an toghrolla.

2. Chun go gcuirfear a ainm ar an toghrolla, tabharfaidh vótálaí Comhphobail ar aird na doiciméid chéanna is a thugann vótálaí is náisiúnach. Tabharfaidh sé ar aird freisin dearbhú foirmiúil a shonraíonn:

(a) a náisiúntacht agus a sheoladh i dtoghchríoch an Stáit iarrthaigh cónaithe;

(b) más infheidhme, an dúiche nó an toghlach in aon Bhallstát eile inar cuireadh a ainm go deireanach ar an toghrolla, agus

(c) nár fheidhmigh sé a cheart chun vótála in aon cheann de na Ballstáit i dtoghcháin 1994.

3. Féadfaidh an Ballstát iarrthach cónaithe a chur de cheangal ar vótálaí Comhphobail freisin:

(a) a shonrú ina dhearbhú faoi mhír 2 nach bhfuil a cheart chun vótála bainte de ina Bhallstát baile;

(b) doiciméad bailí aitheantais a thabhairt ar aird, agus

(c) an dáta a shonrú óna bhfuil sé ina chónaí sa Stát sin nó i mBallstát eile.

4. Fanfaidh vótálaithe Comhphobail atá curtha ar an toghrolla air, faoi na coinníollacha céanna le vótálaithe is náisiúnaigh, go dtí go n-iarrfaidh siad go mbainfear de iad nó go dtí go mbainfear de go huathoibríoch iad de bhrí nach gcomhallann siad a thuilleadh na ceanglais chun an ceart chun vótála a fheidhmiú.

Airteagal 9

1. Nuair a thíolacann náisiúnach Comhphobail a iarratas chun bheith ina iarrthóir, tabharfaidh sé ar aird na doiciméid tacaíochta céanna is a thugann iarrthóir is náisiúnach. Tabharfaidh sé ar aird freisin dearbhú foirmiúil a shonraíonn:

(a) a náisiúntacht agus a sheoladh ar thoghchríoch an Stáit iarrthaigh cónaithe;

(b) nach bhfuil sé ina iarrthóir do thoghchán do Pharlaimint na hEorpa i 1994 in aon Bhallstát eile, agus,

(c) más infheidhme, an dúiche nó an toghlach in aon Bhallstát eile inar cuireadh a ainm go deireanach ar an toghrolla.

2. Nuair a thíolacann náisiúnach Comhphobail a iarratas chun bheith ina iarrthóir, ní foláir dó fianú ó údaráis inniúla riaracháin a Bhallstáit bhaile a thabhairt ar aird freisin ag deimhniú nach bhfuil an ceart chun bheith ina iarrthóir bainte de sa Bhallstát sin nó nach bhfuil aon dícháilíocht den sórt sin ar eolas ag na húdaráis sin.

3. Féadfaidh an Stát iarrthach cónaithe a chur de cheangal freisin ar náisiúnach Comhphobail atá i dteideal bheith ina iarrthóir doiciméad bailí aitheantais a thabhairt ar aird. Féadfaidh sé a chur de cheangal air freisin an dáta óna bhfuil sé ina náisiúnach de Bhallstát a shonrú.

Airteagal 10

1. Cuirfidh an Stát iarrthach cónaithe an duine i dtrácht ar an eolas faoin ngníomh a bheidh glactha ar a iarratas chun é a chur ar an toghrolla nó faoin gcinneadh maidir le hinghlacthacht a iarratais chun bheith ina iarrthóir.

2. Má dhiúltaítear duine a chur ar an toghrolla nó má dhiúltaítear dá iarratas chun bheith ina iarrthóir, beidh an duine i dtrácht i dteideal leigheasanna dlí ar na téarmaí céanna a fhorordaítear i reachtaíocht an Stáit iarrthaigh cónaithe do vótálaithe agus daoine atá i dteideal bheith ina n-iarrthóirí is náisiúnaigh de.

Airteagal 11

Cuirfidh an Stát iarrthach cónaithe vótálaithe Comhphobail agus náisiúnaigh Chomhphobail atá i dteideal bheith ina n-iarrthóirí ar an eolas in am trátha agus ar dhóigh iomchuí faoi na coinníollacha agus na socruithe mionsonraithe chun an ceart chun vótála agus chun bheith ina iarrthóir a fheidhmiú i dtoghcháin sa Stát sin.

Airteagal 12

Malartóidh na Ballstáit láithreacha agus an Stát iarrthach an fhaisnéis atá riachtanach chun Airteagal 3 a chur chun feidhme.

CAIBIDIL III

Maoluithe agus forálacha idirthréimhseacha

Airteagal 13

1. Más rud é, ar an 1 Eanáir 1993, sa Stát iarrthach, gur mó ná 20 % de líon iomlán na ndaoine a bhí i dteideal vótáil coibhneas shaoránaigh an Aontais d'aois vótála a bhfuil cónaí orthu ann ach nach náisiúnaigh de iad, féadfaidh an Stát iarrthach, de mhaolú ar Airteagail 2, 8 agus 9:

(a) an ceart chun vótála a shrianadh do vótálaithe Comhphobail a bhfuil cónaí orthu sa Stát iarrthach ar feadh íostréimhse nach rachaidh thar chúig bliana;

(b) an ceart chun bheith ina iarrthóir a shrianadh do vótálaithe Comhphobail atá i dteideal bheith ina n-iarrthóirí a bhfuil cónaí orthu sa Stát iarrthach ar feadh íostréimhse nach rachaidh thar dheich mbliana.

Ní dhéanfaidh na forálacha seo dochar do bhearta iomchuí a fhéadfaidh an Stát iarrthach a ghlacadh i ndáil le comhdhéanamh liostaí iarrthóirí agus atá ceaptha go háirithe chun lánpháirtíocht shaoránaigh an Aontais nach náisiúnaigh iad a chothú.

Ar a shon sin, vótálaithe Comhphobail agus náisiúnaigh Chomhphobail atá i dteideal bheith ina n-iarrthóirí nach bhfuil acu an ceart chun vótála agus chun bheith ina n-iarrthóirí ina mBallstát baile toisc go bhfuil cónaí orthu lasmuigh dá mBallstát baile nó de bharr fhad an chónaithe sin, ní bheidh siad faoi réir na gcoinníollacha maidir le fad cónaithe atá leagtha amach thuas.

2. Cuirfidh an Stát iarrthach a agraíonn maoluithe faoi mhír 1 gach eolas cúlra is gá ar fáil don Choimisiún.

Prótacal Uimh. 9

maidir le hiompar de bhótar, iompar d'iarnród agus iompar comhcheangailte san Ostair

CUID I

SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Chun críocha an Phrótacail seo, beidh na sainmhínithe seo a leanas infheidhme:

(a) saineofar "feithicil" mar atá in Airteagal 2 de Rialachán (CEE) Uimh. 881/92, mar a chuirtear i bhfeidhm ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais é;

(b) saineofar "iompar idirnáisiúnta" mar atá in Airteagal 2 de Rialachán (CEE) Uimh. 881/92, mar a chuirtear i bhfeidhm ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais é;

(c) ciallóidh "trácht idirthurais tríd an Ostair" trácht trí chríoch na hOstaire ó phointe imeachta go ceann scríbe atá suite araon lasmuigh den Ostair;

(d) ciallóidh "tromfheithicil earraí" aon mhótarfheithicil arna clárú i mBallstát atá ceaptha chun earraí a iompar nó leantóirí a tharraingt, ar mó a uasmheáchan údaraithe ná 7,5 tona, lena n-áirítear aonaid tarracóirí is leathleantóirí agus leantóirí ar mó a n-uasmheáchan údaraithe ná 7,5 tona arna dtarraingt ag mótarfheithicil arna clárú i mBallstát nach mó a n-uasmheáchan údaraithe ná 7,5 tona;

(e) ciallóidh "idirthuras earraí de bhóthar tríd an Ostair" idirthuras tromfheithiclí earraí tríd an Ostair, bíodh nó ná bíodh siad luchtaithe;

(f) ciallóidh "iompar comhcheangailte" iompar earraí ag tromfheithiclí earraí nó aonaid luchtaithe a dhéanann cuid dá n-aistear d'iarnród agus a thosaíonn nó a chríochnaíonn an t-aistear de bhóthar, ionas nach bhféadfaidh trácht idirthurais ar aon chúinse críoch na hOstaire a thrasnú de bhóthar amháin ar a shlí chuig ceann aistir iarnróid nó uaidh;

(g) ciallóidh "aistir dhéthaobhacha" iompar idirnáisiúnta ar aistir a dhéanann feithicil nuair atá an pointe fágála nó teacht isteach san Ostair agus an pointe teacht isteach nó fágála, faoi seach, i mBallstát eile agus aistir neamhluchtaithe a dhéantar i ndáil le haistir den sórt sin.

CUID II

IOMPAR D'IARNRÓD AGUS IOMPAR COMHCHEANGAILTE

Airteagal 2

Beidh an Chuid seo infheidhme ar bhearta a bhaineann le soláthar iompair d'iarnród agus iompair chomhcheangailte ag trasnú chríoch na hOstaire.

Airteagal 3

Déanfaidh an Comhphobal agus na Ballstáit i dtrácht, faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, bearta a ghlacadh agus a dhlúthchomhordú chun iompar d'iarnród agus iompar comhcheangailte a fhorbairt agus a chur ar aghaidh ar mhaithe le hiompar trasalpach earraí .

Airteagal 4

Agus na treoirlínte dá bhforáiltear in Airteagal 129c de Chonradh CE á mbunú aige, áiritheoidh an Comhphobal gur cuid de na gréasáin thraseorpacha d'iompar d'iarnród agus d'iompar comhcheangailte na haiseanna atá sainithe in Iarscríbhinn 1 agus, ina theannta sin, go n-aithneofar mar thionscadail leasa choitinn iad.

Airteagal 5

Déanfaidh an Comhphobal agus na Ballstáit i dtrácht, faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, na bearta atá liostaithe in Iarscríbhinn 2 a chur chun feidhme.

Airteagal 6

Déanfaidh an Comhphobal agus na Ballstáit i dtrácht a seandícheall an cumas breise iarnróid dá dtagraítear in Iarscríbhinn 3 a fhorbairt agus a úsáid.

Airteagal 7

Glacfaidh an Comhphobal agus na Ballstáit i dtrácht bearta chun soláthar iompair d'iarnród agus iompair chomhcheangailte a fheabhsú; más iomchuí, agus faoi réir forálacha eile de Chonradh CE, déanfar bearta den sórt sin a bhunú i ndlúthchomhairle le cuideachtaí iarnróid agus soláthróirí eile seirbhísí iarnróid. Ní mór tosaíocht a thabhairt do na bearta sin atá leagtha amach i bhforálacha an Chomhphobail maidir le hiarnróid agus iompar comhcheangailte. Agus aon bhearta á gcur chun feidhme, tabharfar aire faoi leith do chumas iomaíochta, éifeachtúlacht agus trédhearcacht chostas iompair

d'iarnród agus iompair chomhcheangailte. Ach go háirithe, déanfaidh na Ballstáit i dtrácht a ndícheall bearta a ghlacadh a áiritheoidh go mbeidh praghsanna d'iompar iomaíoch le praghsanna do mhodhanna iompair eile. Comhlíonfaidh aon chabhair arna deonú chuige sin rialacha Comhphobail.

Airteagal 8

I gcás suaitheadh tromchúiseach in idirthuras iarnróid, ar nós tubaiste nádúrtha, glacfaidh an Comhphobal agus na Ballstáit i dtrácht gach gníomh comhbheartaithe is féidir chun an sreabhadh trách ta a choimeád ar siúl. Tabharfar tosaíocht do lóid íogaire, ar nós bianna meatacha.

Airteagal 9

Déanfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 16, oibriú na Coda seo a athbhreithniú.

CUID III

IOMPAR DE BHÓTHAR

Airteagal 10

Beidh an Chuid seo infheidhme ar iompar earraí de bhóthar ar aistir arna ndéanamh laistigh de chríoch an Chomhphobail.

Airteagal 11

1. I gcás aistear lena ngabhann idirthuras earraí de bhóthar tríd an Ostair, beidh an córas atá bunaithe le haghaidh aistear ar chuntas féin agus le haghaidh aistear ar fruilú nó luaíocht faoi Chéad Treoir ón gComhairle an 23 Iúil 1962 agus faoi Rialachán (CEE) Uimh. 881/92 infheidhme faoi réir fhorálacha an Airteagail seo.

2. Go dtí an 1 Eanáir 1998, beidh na forálacha seo a leanas infheidhme:

(a) Déanfar iomlán astaíochtaí NO_x ó thromfheithiclí earraí ag trasnú na hOstaire ar idirthuras a laghdú 60 % sa tréimhse idir an 1 Eanáir 1992 agus an 31 Nollaig 2003, de réir an tábla in Iarscríbhinn 4.

(b) Déanfar na laghduithe ar iomlán na n-astaíochtaí NO_x ó thromfheithiclí earraí a riaradh de réir córais éiceaphointí. Faoin gcóras sin, ceanglófar ar aon tromfheithicil earraí ag trasnú na hOstaire ar idirthuras líon éiceaphointí a bheith aici atá coibhéiseach lena hastaíochtaí NO_x (arna n-údarú faoi luach Comhlíonadh Táirgeachta (luach CT) nó luach cineálcheadaithe). Tá cur síos ar mhodh ríomh agus riarachán pointí den sórt sin in Iarscríbhinn 5.

(c) Má théann líon na n-aistear idirthurais in aon bhliain thar an uimhir thagartha a bunaíodh i 1991 de mhéid is mó ná 8 %, glacfaidh an Coimisiún, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 16, bearta iomchuí i gcomhréir le mír 3 d'Iarscríbhinn 5.

(d) Déanfaidh an Ostair na cártaí éiceaphointe is gá do riarachán an chórais éiceaphointí, de bhun Iarscríbhinn 5, le haghaidh tromfheithiclí earraí ag trasnú na hOstaire ar idirthuras a eisiúint agus a chur ar fáil in am trátha.

(e) Déanfaidh an Coimisiún na héiceaphointí a dháileadh idir Ballstáit i gcomhréir le forálacha a bhunófar i gcomhréir le mír 6.

3. Roimh an 1 Eanáir 1998, athbhreithneoidh an Chomhairle, ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún, oibriú na bhforálacha maidir le hidirthuras earraí de bhóthar tríd an Ostair. Déanfar an t-athbhreithniú ar cothrom le bunphrionsabail dhlí an Chomhphobail, ar nós oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh, go háirithe saorghluaiseacht earraí agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, cosaint an chomhshaoil ar son leas an Comhphobail ina iomláine, agus sábháilteacht trách ta. Mura ndéanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, a mhalairt a chinneadh, fadófar an idirthréimhse ar feadh tréimhse breise go dtí an 1 Eanáir 2001 agus beidh forálacha mhír 2 infheidhme lena linn sin.

4. Roimh an 1 Eanáir 2001, déanfaidh an Coimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach um Chomhshaol, staidéar eolaíoch ar an méid atá an cuspóir maidir le truailliú a laghdú, atá leagtha amach i mír 2(a), bainte amach. Má fhaigheann an Coimisiún go bhfuil an cuspóir sin bainte amach ar bhonn inbhuanaithe, scoirfidh forálacha mhír 2 de bheith infheidhme ar an 1 Eanáir 2001. Má fhaigheann an Coimisiún nach bhfuil an cuspóir sin bainte amach ar bhonn inbhuanaithe, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir le hAirteagal 75 de Chonradh CE, bearta a ghlacadh, faoi chuimsiú an Chomhphobail, a áirithíonn cosaint choibhéiseach don chomhshaol, go háirithe laghdú 60% ar an truailliú. Mura nglacfaidh an Chomhairle bearta den sórt sin, fadófar go huathoibríoch an idirthréimhse ar feadh tréimhse deiridh trí bliana agus beidh forálacha mhír 2 infheidhme lena linn sin.

5. Ag deireadh na hidirthréimhse, beidh an "acquis communautaire" infheidhme ina iomláine.

6. Glacfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 16, bearta mionsonraithe maidir leis na nósanna imeachta a bhaineann leis an gcóras éiceaphointí, dáileadh éiceaphointí agus ceisteanna teicniúla maidir leis an Airteagal seo a chur i bhfeidhm, ar bearta iad a thiocfaidh i bhfeidhm ar dháta aontachais na hOstaire.

Áiritheoidh na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír go gcoimeádfar ar bun an cor fíorasach do na Ballstáit láithreacha a leanann ó chur i bhfeidhm Rialachán (CEE) Uimh. 3637/92 ón gComhairle agus na Comh-

shocraíochta Riarthaí, a síníodh ar an 23 Nollaig 1992, ag socrú an dáta teacht i bhfeidhm agus na nósanna imeachta chun an córas éiceaphointí a thabhairt isteach dá dtagraítear sa Chomhaontú Idirthurais. Déanfar gach iarracht is gá chun a áirithiú go dtugann an scair éiceaphointí a chionroinntear ar an nGréig go leor airde ar riachtanais na Gréige sa chomhthéacs sin.

Airteagal 12

1. Beidh an córas atá bunaithe faoi Rialachán (CEE) Uimh. 881/92 ón gComhairle infheidhme ar iompar idirnáisiúnta earraí ar aistir idir Ballstáit, faoi réir na bhforálacha atá leagtha amach san Airteagal seo. Beidh na forálacha sin infheidhme go dtí an 31 Nollaig 1996.

2. I gcás aistir dhéthaobhacha, déanfar cuótaí atá ann a léirscaoileadh go comhleanúnach agus beidh saoirse iomlán chun seirbhísí iompair a sholáthar éifeachtach amhail ón 1 Eanáir 1997. Glacfaidh céad chéim léirscaoilte éifeacht ar dháta aontachais na hOstaire agus dara céim ar an 1 Eanáir 1996.

Más gá, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, bearta iomchuí a ghlacadh chuige sin.

3. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir le hAirteagal 75 den Chonradh, bearta iomchuí simplí chun imchéimniú fhorálacha Airteagal 11 a chosc faoin 1 Eanáir 1997 ar a dhéanaí.

4. Fad a bheidh forálacha Airteagal 11(2) infheidhme, déanfaidh na Ballstáit, faoi chuimsiú a gcomhair fhrithpháirtigh, bearta a ghlacadh, más gá, atá ag luí le Conradh CE i gcoinne mhí-úsáid an chórais éiceaphointí.

5. Ní bheidh tarlóirí ag a bhfuil údarú Comhphobail arna eisiúint ag na húdaráis inniúla san Ostair i dteideal iompar idirnáisiúnta earraí a chur i gcrích ar aistir nuair nach ndéantar luchtú ná díluchtú san Ostair. Ar a shon sin, beidh gach aistear den sórt sin lena ngabhann idirthuras tríd an Ostair faoi réir fhorálacha Airteagal 11 agus freisin, amach ó aistir idir an Ghearmáin agus an Iodáil, faoi réir cuótaí atá ann, a bheidh faoi réir fhorálacha mhír 2 thuas.

Airteagal 13

1. Go dtí an 31 Nollaig 1996, ní bheidh forálacha Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 infheidhme ar tharlóirí ag a bhfuil údarú Comhphobail arna eisiúint ag na húdaráis inniúla san Ostair chun seirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar a oibriú i mBallstáit eile.

2. Le linn na tréimhse céanna, ní bheidh forálacha Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 infheidhme ar tharlóirí ag a bhfuil údarú Comhphobail arna eisiúint ag na húdaráis inniúla i mBallstát eile chun seirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar a oibriú san Ostair.

Airteagal 14

1. Ní bheidh aon rialuithe ag na teorainneacha idir an Ostair agus Ballstáit eile. Ar a shon sin, de mhaolú ar Rialacháin (CEE) Uimh. 4060/89 agus (CEE) Uimh. 3912/92 agus d'ainneoin Airteagal 153 den Ionstraim Aontachais, féadfar rialuithe fisiceacha neamhidirdhealaitheacha ag ceangail ar fheithiclí stad chun éiceaphointí arna n-eisiúint faoi fhorálacha Airteagal 11 agus údaruithe iompair dá dtagraítear in Airteagal 12 a fhíorú, agus chuige sin amháin, a choinneáil go dtí an 31 Nollaig 1996. Ní chuirfidh rialuithe den sórt sin moill mhíchuí ar ghnáthshreabhadh an trách ta.

2. A mhéad is gá, déanfar cinneadh ar aon mhodhanna rialuithe, lena n-áirítear córais leictreonacha, is infheidhme i ndiaidh an 31 Nollaig 1996 agus a bhaineann le cur chun feidhme Airteagal 11, i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 16.

Airteagal 15

1. De mhaolú ar Airteagal 7(f) de Threoir 93/89/CEE, féadfaidh an Ostair, go dtí an 31 Nollaig 1995, muirir úsáide a chur i bhfeidhm ag uasleibhéal ECU 3 750 in aghaidh na bliana, lena n-áirítear costais riaracháin, agus, go dtí an 31 Nollaig 1996, ag uasleibhéal ECU 2 500 in aghaidh na bliana, lena n-áirítear costais riaracháin.

2. Má bhaineann an Ostair úsáid as an gcaoi atá luaite i mír 1, déanfaidh sí, i gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 7(g) de Threoir 93/89/CEE, muirear úsáide a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 1995 ag uasleibhéal ECU 18 in aghaidh an lae, ECU 99 in aghaidh na seachtaine agus ECU 375 in aghaidh na míosa, lena n-áirítear costais riaracháin, agus, go dtí an 31 Nollaig 1996, ag uasleibhéal ECU 12 in aghaidh an lae, ECU 66 in aghaidh na seachtaine agus ECU 250 in aghaidh na míosa, lena n-áirítear costais riaracháin.

3. Cuirfidh an Ostair laghdú 50 % i bhfeidhm ar na rátaí muirir úsáide atá luaite i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo i bhfabhar feithiclí arna gclárú in Éirinn agus sa Phortaingéil go dtí an 31 Nollaig 1996, agus sa Ghréig go dtí an 31 Nollaig 1997.

4. Go dtí an 31 Nollaig 1995, féadfaidh an Iodáil muirear ag uasleibhéal ECU 6,5 in aghaidh na hiontrála, lena n-áirítear costais riaracháin, a chur i bhfeidhm ar fheithiclí arna gclárú san Ostair agus go dtí an 31 Nollaig 1996, ag uasleibhéal ECU 3,5 in aghaidh na hiontrála, lena n-áirítear costais riaracháin. Déanfar an muirear seo a riaradh ar dhóigh is comhchuí le hAirteagal 7(c) de Threoir 93/89/CEE.

CUID IV

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 16

1. Beidh de chúnamh ag an gCoimisiún Coiste arna chomhdhéanamh d'ionadaithe na mBallstát a mbeidh ionadaí an Choimisiúin ina chathaoirleach air.

2. Nuair a thagraítear don nós imeachta atá leagtha síos san Airteagal seo, cuirfidh ionadaí an Chomisiúin dréacht de na bearta atá le glacadh faoi bhráid an Choiste. Tabharfaidh an Coiste a thuairim ar an dréacht laistigh de thréimhse a fhéadfaidh an Cathaoirleach a leagan síos de réir phráinn an ábhair. Tabharfar an tuairim tríd an tromlach atá leagtha síos in Airteagal 148(2) de Chonradh CE i gcás cinntí a cheanglaítear ar an gComhairle a ghlacadh ar thogra ón gCoimisiún. Déanfar vótaí ionadaithe na mBallstát sa Choiste a ualú ar an dóigh atá leagtha amach san Airteagal sin. Ní vótálfaidh an Cathaoirleach.

3. Glacfaidh an Coimisiún na bearta arna mbeartú má tá siad i gcomhréir le tuairim an choiste.

Mura mbeidh na bearta arna mbeartú i gcomhréir le tuairim an choiste, nó mura dtabharfar tuairim, cuirfidh an Coimisiún gan mhoill togra a bhaineann leis na bearta atá le glacadh faoi bhráid na Comhairle. Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe.

4. Mura bhfuil an Chomhairle tar éis gníomhú ar dhul in éag do thréimhse trí mhí ón dáta a cuireadh na bearta faoi bhráid na Comhairle, glacfaidh an Coimisiún na bearta arna mbeartú.

IARSCRÍBHINN 1

PRÍOMHAISEANNA D'IOMPAR D'IARNRÓD AGUS D'IOMPAR COMHCHEANGAILTE TRASALPACH

dá dtagraítear in Airteagal 4 den Phrótacal

1. Is iad seo a leanas na príomhbhealaí Eorpacha iarnróid a ghabhann trí chríoch na hOstaire agus atá ábhartha do thrácht idirthurais:

1.1. *Bealach Brenner*

München — Verona — Bologna

1.2. *Bealach Tauern*

München — Salzburg — Villach — Tarvisio — Udine/Rosenbach-Ljubljana

1.3. *Bealach Pyhrn — Bearnas Schober*

Regensburg — Graz — Spielfeld/Straß — Maribor

1.4. *Bealach na Danóibe*

Nuremberg — Vín — Nickelsdorf/Sopron/Bratislava

1.5. *Bealach Pontebbana*

Prág — Vín — Tarvisio — Udine — Pontebbana

2. Is cuid de na príomhbhealaí sin na síntí agus cinn aistir chomhfhreagracha.

IARSCRÍBHINN 2

BEARTA BONNEAGAIR D'IOMPAR D'IARNRÓD AGUS D'IOMPAR COMHCHEANGAILTE

dá dtagraítear in Airteagal 5 den Phrótacal

(a) SAN OSTAIR:

1. **Bealach Brenner**

1.1. *Bearta gearrthéarmacha:*

— bearta a dhéanann difear don tsábháilteacht agus d'oibríochtaí,

— faireachán ríomhairithe traenacha a thabhairt isteach,

— socruithe nua bloc-chórais,

— ladhróga le haghaidh athruithe rianta idir stáisiúin a shuiteáil,

— Stáisiún Wörgl a athfhoirgniú,

— síntí ar rianta scoite i stáisiúin.

1.2. *Bearta fadtéarmacha:*

Beidh bearta den sórt sin ag brath ar an gcinneadh a ghlacfar maidir le foirgniú bhonntollán Brenner.

2. **Bealach Tauern**

2.1. *Bearta gearrthéarmacha:*

— riandúbailt a leanúint,

— feabhsuithe sábháilteachta.

2.2. *Bearta meántéarmacha:*

feabhsuithe líne *ad hoc*,

— luas uasta ranna a mhéadú,

— blocranna a ghiorrú (comharthaíocht),

— riandúbailt a leanúint.

3. **Bealach Pyhrn-Schober**

3.1. Bearta gearrthéarmacha:

— an toirmeasc ar thaisteal oíche ar roinn Pyhrn a dhíchur,

— an toirmeasc ar thaisteal oíche ar roinn Hieflau a dhíchur,

— cuar Traun-Marchtrenk a fhoirgniú.

3.2. *Bearta meántéarmacha:*

— uasghrádú agus athrúcháin stáisiún,

— córais sábháilteachta a fheabhsú,

— blocranna a ghiorrú (comharthaíocht),

— crosairí comhréidhe a bhaint as,

— riandúbailt roghnach.

3.3. *Bearta fadtéarmacha:*

— riandúbailt a leanúint ar roinn Passau — Spielfeld/Straß ar fad,

— roinn St Michael — Bruck a athfhoirgniú.

4. **Bealach na Danóibe**

Bearta chun cumas roinn Vín — Wels a mhéadú.

(b) SA GHEARMÁIN:

1. *Bearta gearrthéarmacha:*

— cinn aistir iompair chomhcheangailte ag München-Riem agus Duisburg Port,

— roinn München — Rosenheim — Kufstein a uasghrádú; go háirithe: rianta arna gcur in áirithe don S-Bahn (iarnród uirbeach) idir Zorneding agus Grafing,

— giorrú blocranna (roinnt ina ranna a fheabhsú) idir Grafing agus Rosenheim agus idir Rosenheim agus Kiefersfelden,

— rianta scoite a thógáil (m.sh. idir na stáisiúin in Großkarolinenfeld, Raubling agus Fischbach),

— rochtain saor ó ráille ar ardáin ag Stáisiún Großkarolinenfeld a thógáil, agus

— athruithe ar leagan amach rianta ag Stáisiún Rosenheim agus bearta breise ag na stáisiúin seo a leanas: Aßling, Ostermünchen, Brannenburg, Oberaudorf agus Kiefersfelden.

2. *Bearta meántéarmacha (go dtí deireadh 1998, faoi réir cead pleanála):*

— conair München — Mühldorf — Freilassing a uasghrádú.

(c) SAN IODÁIL:

Brenner:

— tolláin ar an líne Brenner — Verona a leathnú chun gur féidir tromfheithiclí earraí a iompar ag a bhfuil airde cúinne 4 méadar in iompar comhcheangailte le tionlacain nó gan é,

— lárionad idirmhódúil Verona-Quadrante Europa a uasghrádú,

— rianta ostalaimh a athneartú agus fostáisiúin nua a fhoirgniú,

— bearta breise teicniúla a chur chun feidhme (bloc uathoibríoch agus oibriú dhá bhealach ar na stiallacha gnóthacha ar an tslí isteach go stáisiúin Verona, Trento, Bolzano agus Brenner) chun cumas a mhéadú agus sábháilteacht a fheabhsú a thuilleadh.

(d) SAN ÍSILTÍR:

Lárionad seirbhísí iarnróid a thógáil i gcomhchathair Rotterdam.

Nasc iarnróid d'iompar earraí (líne Betuwe)

Sainmhínithe:

ciallaíonn "gearrthéarma" ar fáil ó dheireadh 1995.

ciallaíonn "meántéarma" ar fáil ó dheireadh 1997.

ciallaíonn "fadtéarma" ar fáil

— ó dheireadh na bliana 2000 ar bhealach Pyhrn-Schober,

— ó dheireadh 2010 ar bhealach Brenner.

IARSCRÍBHINN 3

CUMAS IARNRÓID

dá dtagraítear in Airteagal 6 den Phrótacal

1. CUMAS BREISE IARNRÓID NA hOSTAIRE LE hAGHAIDH IOMPAR EARRAÍ AR IDIRTHURAS TRÍD AN OSTAIR

Bealach	Cumas breise: idirthuras traenacha earraí/lá (sa dá threo)			
	Láithreach (1. 1. 1995)	Gearrthéarma (1996)	Meántéarma (1998)	Fadtéarma (2000 agus ina dhiaidh)
Ais Brenner	70 (1)	—	50 (2)	200 (3)
Ais Tauern	4	50 (4)	—	—
Ais Pyhrn-Schober	11	22	60	—
Ais na Donóibe (Passau/Salzburg — Vín)	—	—	—	200
Búdaipeist — Vín	—	40 (5)	—	—
Bratislava — Vín	—	—	80 (6)	—
Prag — Vín	— (7)	—	—	—
Pontebba trí Tarvisio	—	—	30	—

(1) Gnóthaithe go páirteach cheana.
(2) 2000.
(3) Cur ar fáil 200 traein bhreise ag brath ar fhoirgniú bhonntollán Brenner agus ar uasghrádú línte friothálacha i stáit chomharsanacha.
(4) Lena n-áirítear gá cumais in idirthuras Soir-Siar.
(5) 1995.
(6) 1999.
(7) Saorchumas 50 traein/lá.

2. MÉADÚ IONCHASACH CUMAIS I gCOINSÍNEACHTAÍ NÓ I dTONAÍ

Láithreach:

Ón 1 Nollaig 1989 tá an Ostair tar éis 39 traein earraí agus iompair chomhcheangailte a thabhairt isteach in idirthuras Brenner.

Sa ghearrthéarma:

Méadóidh fairsingiú gearrthéarmach cumas iarnróid le haghaidh idirthurais tríd an Ostair níos mó ná a dhá oiread. Ó 1996 amach, ag brath ar an teicneolaíocht iompair chomhcheangailte a úsáidtear, ina theannta sin beidh méadú ar chumas bliantúil iompair chomhcheangailte go feadh 1,8 milliún coinsíneacht nó go feadh 33 milliún tona.

Sa mheántéarma:

Faoi 1998 fairsingeofar ar an gcumas sin 10 milliún tona breise in aghaidh na bliana trí fhorbairt roghnach dhérianach agus feabhsaithe sábháilteachta agus oibríochta ar na bealaí idirthurais.

San fhadtéarma:

Uasghrádófar bealach Pyhrn-Schober go bealach dérianach. Ina theannta sin, ba chóir go gcuirfeadh bonntollán Brenner feabhas breise ar an gcumas ar bhealach Brenner go feadh oiread is 400 traein in aghaidh an lae. Ag brath ar an teicneolaíocht a roghnófar, d'fhéadfadh an cumas nua-chruthaithe iompair chomhcheangailte iarnróid 60 go 89 milliún tona in aghaidh na bliana a shroicheadh i ndiaidh 2010.

Sainmhínithe:

ciallaíonn "láithreach": ar fáil ón 1 Eanáir 1995.

ciallaíonn "sa ghearrthéarma": ar fáil ó dheireadh 1995.

ciallaíonn "sa mheántéarma": ar fáil ó dheireadh 1997.

ciallaíonn "san fhadtéarma": ar fáil

— ó dheireadh na bliana 2000 ar bhealach Pyhrn-Schober,

— ó dheireadh 2010 ar bhealach Brenner.

IARSCRÍBHINN 4

dá dtagraítear in Airteagal 11(2)(a) den Phrótacal

Bliain (1)	Céatadán éiceaphointí (2)	Éiceaphointí don Ostair agus do na Ballstáit láithreacha (3)
Bonn 1991	100,0 %	23 306 580
1995	71,7 %	16 710 818
1996	65,0 %	15 149 277
1997	59,1 %	13 774 189
1998	54,8 %	12 772 006
1999	51,9 %	12 096 115
2000	49,8 %	11 606 677
2001	48,5 %	11 303 691
2002	44,8 %	10 441 348
2003	40,0 %	9 322 632

Déanfar na figiúirí i gcolún 3 a oiriúnú i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 16 chun aistir idirthurais ag tromfheithiclí earraí arna gclárú san Fhionlainn, san Iorua agus sa tSualainn a chur san áireamh, arna bhunú ar luachanna táscacha do na tíortha faoi seach arna ríomh ar bhonn líon na n-aistear idirthurais i 1991 agus luach caighdeánach astaíochta NO_x de 15,8 gram NO_x/kWh.

IARSCRÍBHINN 5

RÍOMH AGUS RIARACHÁN ÉICEAPHOINTÍ

dá dtagraítear in Airteagal 11(2)(b) den Phrótacal

1. Tíolacfar na doiciméid seo a leanas do gach tromfheithicil earraí gach uair a thaistealaíonn sí tríd an Ostair (i gceachtar treo):

   (a) doiciméad a thaispeánann luach CT d'astaíochtaí NO_x ón bhfeithicil i dtrácht;

   (b) cárta bailí éiceaphointí arna eisiúint ag an údarás inniúil.

   I dtaca le (a):

   i gcás tromfheithiclí earraí arna gclárú i ndiaidh an 1 Deireadh Fómhair 1990, is é a bheidh sa doiciméad ag taispeáint luach CT deimhniú arna eisiúint ag an údarás iomchuí ag tabhairt mionsonraí ar luach oifigiúil CT d'astaíochtaí NO_x nó deimhniú cineálcheadaithe ag taispeáint an dáta cláraithe agus an luacha arna bhunú chun críocha cineálcheadú. Sa chás deireanach sin, is é an luach CT an cineálcheadú arna mhéadú 10 %. Ar luach den sórt sin a chinneadh d'fheithicil, ní féidir é a athrú le linn a saoil.

   I gcás feithiclí a cláraíodh roimh an 1 Deireadh Fómhair 1990 agus feithiclí nár tíolacadh deimhniú dóibh, socrófar luach CT ag 15,8 g/kWh.

   I dtaca le (b):

   beidh sa chárta éiceaphointí líon áirithe pointí agus formhuineofar é mar a leanas ar bhonn luach CT na bhfeithiclí i dtrácht:

   1. is ionann agus pointe amháin gach astaíocht g/kWh NO_x a fhreagraíonn don luach a thaispeántar sa doiciméad:

   2. cothromófar luachanna astaíochta NO_x suas go dtí an chéad phointe iomlán eile nuair a ghabhann pointe deachúil nach lú ná 0,5 leo; ina mhalairt de chás, cothromófar síos iad.

2. Gach trí mhí, déanfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos in Airteagal 16, líon na n-aistear a ríomh maille le meánluach NO_x na dtromfheithiclí earraí atá sonraithe do gach náisiúntacht.

3. Má tá Airteagal 11(2)(c) infheidhme, bunófar líon na n-éiceaphointí don bhliain ina dhiaidh mar a leanas:

   Déanfar eachtarshuíomh ar na meánluachanna ráithiúla astaíochta NO_x do leoraithe sa bhliain reatha, arna ríomh i gcomhréir le mír 2 thuas, chun an meánluach astaíochta NO_x arna réamh-mheas don bhliain ina dhiaidh a fháil. Is é an luach réamhaisnéise, arna iolrú ar 0,0658 agus ar líon na n-éiceaphointí do 1991 atá leagtha amach in Iarscríbhinn 4, líon na n-éiceaphointí don bhliain i dtrácht.

Prótacal Uimh. 10

maidir le húsáid téarmaí sonracha Ostaracha sa Ghearmáinis faoi chuimsiú an Aontais Eorpaigh

Faoi chuimsiú an Aontais Eorpaigh, beidh an méid seo a leanas infheidhme:

1. Beidh ag na téarmaí sonracha Ostaracha sa Ghearmáinis atá in ord dlíthiúil na hOstaire agus atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo an stádas céanna leis na téarmaí comhfhreagracha a úsáidtear sa Ghearmáin agus atá liostaithe san Iarscríbhinn sin agus féadfar iad a úsáid leis an éifeacht dhlíthiúil chéanna.

2. Sa leagan Gearmáinise de ghníomhartha dlíthiúla nua, cuirfear i bhfoirm iomchuí leis na téarmaí comhfhreagracha a úsáidtear sa Ghearmáin na téarmaí sonracha Ostaracha atá luaite san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo.

IARSCRÍBHINN

An Ostair	*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*
Beiried	Roastbeef
Eierschwammerl	Pfifferlinge
Erdäpfel	Kartoffeln
Faschiertes	Hackfleisch
Fisolen	GrüneBohnen
Grammeln	Grieben
Hüferl	Hüfte
Karfiol	Blumenkohl
Kohlsprossen	Rosenkohl
Kren	Meerrettich
Lungenbraten	Filet
Marillen	Aprikosen
Melanzani	Aubergine
Nuß	Kugel
Obers	Sahne
Paradeiser	Tomaten
Powidl	Pflaumenmus
Ribisel	Johannisbeeren
Rostbraten	Hochrippe
Schlögel	Keule
Topfen	Quark
Vogerlsalat	Feldsalat
Weichseln	Sauerkirschen

AN IONSTRAIM CHRÍOCHNAITHEACH

I. TÉACS NA hIONSTRAIME CRÍOCHNAITHÍ

Tá na Lánchumhachtaigh:

ÓNA SHOILSE RÍ NA mBEILGEACH,

ÓNA SOILSE BANRÍON NA DANMHAIRGE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

Ó UACHTARÁN NA POBLACHTA HEILLÉANAI,

ÓNA SHOILSE RÍ NA SPÁINNE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA FRAINCE,

Ó UACHTARÁN NA hÉIREANN,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA hIODÁILE,

ÓNA MHÓRGACHT RÍOGA ARD-DIÚC LUCSAMBURG,

ÓNA SOILSE BANRÍON NA hÍSILTÍRE,

ÓNA SHOILSE RÍ NA hIORUA,

Ó UACHTARÁN CÓNAIDHME PHOBLACHT NA hOSTAIRE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE,

Ó UACHTARÁN PHOBLACHT NA FIONLAINNE,

ÓNA SHOILSE RÍ NA SUALAINNE,

ÓNA SOILSE BANRÍON RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

Ag teacht le chéile dóibh in Corfú ar an tríú lá is fiche de Mheitheamh sa bhliain míle naoi gcéad nócha ceathair chun an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na hIorua, Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne leis an Aontas Eorpach a shíniú,

tar éis a thabhairt dá n-aire gur tarraingíodh na téacsanna seo a leanas suas agus gur glacadh iad sa Chomhdháil idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus Ríocht na hIorua, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne:

I. an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na hIorua, Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne leis an Aontas Eorpach,

II. an Ionstraim i dtaobh na gcoinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí,

III. na téacsanna atá liostaithe anseo thíos atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh na gcoinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí:

A.

Iarscríbhinn I:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 29 den Ionstraim Aontachais
Iarscríbhinn II:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 30 den Ionstraim Aontachais
Iarscríbhinn III:	Forálacha dá dtagraítear in Airteagal 32 den Ionstraim Aontachais
Iarscríbhinn IV:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 39(1) den Ionstraim Aontachais
Iarscríbhinn V:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 39(5) den Ionstraim Aontachais
Iarscríbhinn VI:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagail 54, 73, 97 agus 126 den Ionstraim Aontachais
Iarscríbhinn VII:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 56 den Ionstraim Aontachais
Iarscríbhinn VIII:	Forálacha dá dtagraítear in Airteagal 69 den Ionstraim Aontachais
Iarscríbhinn IX:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 71(2) den Ionstraim Aontachais
Iarscríbhinn X:	Forálacha dá dtagraítear in Airteagal 84 den Ionstraim Aontachais
Iarscríbhinn XI:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 99 den Ionstraim Aontachais
Iarscríbhinn XII:	Forálacha dá dtagraítear in Airteagal 112 den Ionstraim Aontachais
Iarscríbhinn XIII:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 138(5) den Ionstraim Aontachais
Iarscríbhinn XIV:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 140 den Ionstraim Aontachais
Iarscríbhinn XV:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 151 den Ionstraim Aontachais
Iarscríbhinn XVI:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 165(1) den Ionstraim Aontachais
Iarscríbhinn XVII:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 165(2) den Ionstraim Aontachais
Iarscríbhinn XVIII:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 167 den Ionstraim Aontachais
Iarscríbhinn XIX:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 168 den Ionstraim Aontachais

B.

Prótacal Uimh. 1	ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta
Prótacal Uimh. 2	maidir le hOileáin Åland
Prótacal Uimh. 3	maidir leis an bPobal Sami
Prótacal Uimh. 4	maidir leis an earnáil pheitriliam san Iorua
Prótacal Uimh. 5	maidir le rannpháirtíocht na mBallstát nua i gcistí an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach
Prótacal Uimh. 6	maidir le forálacha speisialta do Chuspóir Uimh. 6 faoi chuimsiú na gCistí Struchtúracha san Fhionlainn, san Iorua agus sa tSualainn
Prótacal Uimh. 7	maidir le Svalbard
Prótacal Uimh. 8	maidir le toghcháin do Pharlaimint na hEorpa i mBallstáit nua áirithe san idirthréimhse
Prótacal Uimh. 9	maidir le hiompar de bhóthar, iompar d'iarnród agus iompar comhcheangailte san Ostair
Prótacal Uimh. 10	maidir le húsáid téarmaí sonracha Ostaracha sa Ghearmáinis faoi chuimsiú an Aontais Eorpaigh

C. Téacsanna na gConarthaí seo a leanas:

— an Conradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach mar aon le téacsanna na gConarthaí á leasú nó á bhforlíonadh, lena n-áirítear an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, an Conradh i dtaobh aontachas na Poblachta Heilléanaí le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Conradh i dtaobh aontachas Ríocht na Spainne agus Phoblacht na Portaingéile le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,

— an Conradh ar an Aontas Eorpach,

san Fhionlainnis, san Ioruais, agus sa tSualainnis.

Ina theannta sin, ghlac na Lánchumhachtaigh na dearbhuithe atá liostaithe anseo thíos atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo,

1. Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála

2. Dearbhú Comhpháirteach maidir le hAirteagal 157(4) den Ionstraim Aontachais

3. Dearbhú Comhpháirteach maidir le Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach

4. Dearbhú Comhpháirteach maidir le Conradh CEFA a chur i bhfeidhm

5. Dearbhú Comhpháirteach maidir le háiteanna cónaithe tánaisteacha

6. Dearbhú Comhpháirteach maidir le caighdeáin chun an comhshaol, sláinte agus sábháilteacht táirgí a chosaint

7. Dearbhú Comhpháirteach maidir le hAirteagail 32, 69, 84 agus 112 den Ionstraim Aontachais

8. Dearbhú Comhpháirteach maidir le nósanna imeachta institiúideacha den Ionstraim Aontachais

9. Dearbhú Comhpháirteach maidir le hAirteagal 172 den Ionstraim Aontachais

Hecho en Corfú, el veinticuatro de junio de mil novecientos noventa y cuatro.

Udfærdiget i Korfu den fireogtyvende juni nitten hundrede og fireoghalvfems.

Geschehen zu Korfu am vierundzwanzigsten Juni neunzehnhundertvierundneunzig.

Έγινε στην Κέρκυρα, στις είκοσι τέσσερις Ιουνίου χίλια εννιακόσια ενενήντα τέσσερα.

Done at Corfu on the twenty-fourth day of June in the year one thousand nine hundred and ninety-four.

Fait à Corfou, le vingt-quatre juin mil neuf cent quatre-vingt-quatorze.

Arna dhéanamh in Corfú ar an ceathrú lá is fiche de Mheitheamh sa bhliain míle naoi gcéad nócha ceathair.

Fatto a Corfù, addì ventiquattro giugno millenovecentonovantaquattro.

Gedaan te Korfoe, de vierentwintigste juni negentienhonderd vierennegentig.

Utferdiget på Korfu den tjuefjerde juni nittenhundreognittifire.

Feito em Corfu, em vinte e quatro de Junho de mil novecentos e noventa e quatro.

Tehty Korfulla kahdentenakymmenentenäneljäntenä päivänä kesäkuuta vuonna tuhat yhdeksänsataayhdeksänkymmentäneljä.

Upprättat på Korfu den tjugofjärde juni år nittonhundranittiofyra.

Pour Sa Majesté le Roi des Belges
Voor Zijne Majesteit de Koning der Belgen
Für Seine Majestät der König der Belgier



For Hendes Majestæt Danmarks Dronning



Für den Präsidenten der Bundesrepublik Deutschland



Για τον Πρόεδρο της Ελληνικής Δημοκρατίας



Por Su Majestad el Rey de España



Pour le Président de la République française



Thar ceann Uachtarán na hÉireann
For the President of Ireland



Per il Presidente della Repubblica italiana



Pour Son Altesse Royale le Grand-Duc de Luxembourg



Voor Hare Majesteit de Koningin der Nederlanden



For Hans Majestet Konget av Norge



Für den Bundespräsidenten der Republik Österreich



Pelo Presidente da República Portuguesa



Suomen Tasavallan Presidentin puolesta
För Republiken Finlands President



För Hans Majestät Konungen av Sverige



For Her Majesty the Queen of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland



II. DEARBHUITHE ARNA NGLACADH AG NA LÁNCHUMHACHTAIGH

1. Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála

1. Tugann an tAontas dá aire deimhniú na hIorua, na hOstaire, na Fionlainne agus na Sualainne glacadh go hiomlán leis na cearta agus oibleagáidí a ghabhann leis an Aontas agus lena chreat institiúideach dá ngairtear an "acquis communutaire" mar atá sé infheidhme ar na Ballstáit láithreacha. Tá ar áireamh ann ach go háirithe inneachar, prionsabail agus cuspóirí polaitiúla na gConarthaí, lena n-áirítear inneachar, prionsabail agus cuspóirí polaitiúla an Conradh ar an Aontas Eorpach.

   Comhaontaíonn an tAontas agus Ríocht na hIorua, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne:

   — gur cóir go neartódh aontachas leis an Aontas comhchuibheas inmheánach an Aontais agus a chumas gníomhú go héifeachtach sa bheartas eachtrach agus slándála;

   — go mbeidh na Ballstáit nua amhail óna n-aontachas réidh agus ábalta bheith rannpháirteach go hiomlán agus go gníomhach sa Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála mar atá sé sainithe sa Chonradh ar an Aontas Eorpach;

   — go ngabhfaidh na Ballstáit nua orthu féin amhail ón aontachas cuspóirí uile an Chonartha, forálacha Theideal V de agus na dearbhuithe ábhartha a ghabhann leis ina n-iomláine agus gan forchoimeádas:

   — go mbeidh na Ballstáit nua réidh agus ábalta tacú le beartais shonracha an Aontais a bheidh i bhfeidhm tráth a n-aontachais.

2. Maidir le hoibleagáidí Ballstát a chineann ón gConradh ar an Aontas Eorpach i dtaobh Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais a chur chun feidhme, tá sé intuigthe go mbeidh creat dlíthiúil na dtíortha aontacha lá an aontachais ag luí leis an "acquis".

---

2. Dearbhú Comhpháirteach maidir le hAirteagal 157(4) den Ionstraim Aontachais

Glacfaidh na Ballstáit nua páirt i gcóras lena ngabhfaidh uainíocht triúr Abhcóidí Ginearálta san ord aibítreach atá infheidhme faoi láthair, ar an tuiscint nach nglacfaidh an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe páirt sa chóras sin toisc go mbeidh buanAbhcóide Ginearálta ag gach ceann acu. Is é seo a leanas mar sin an t-ord aibítreach:

Belgique (1988-1994), Danmark (1991-1997), Ellas (1994-2000), Éire, Luxembourg, Nederland, Norge, Österreich, Portugal, Suomi, Sverige.

Leanann sé uaidh sin go gceapfar amhail ón aontachas Abhcóide Ginearálta amháin de naisiúntacht Spáinneach agus Abhcóide Ginearálta amháin de naisiúntacht Éireannach. Rachaidh téarma oifige an Abhcóide Ghinearálta Spáinnigh in éag ar an 6 Deireadh Fómhair 1997 agus téarma oifige an Abhcóide Ghinearálta Éireannaigh in éag ar an 6 Deireadh Fómhair 2000.

---

3. Dearbhú Comhpháirteach maidir le Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach

Ba chóir don Chomhairle pé bearta breise is gá de thoradh aontachas na mBallstát nua a ghlacadh agus féadfaidh an Chomhairle, arna iarraidh sin don Chúirt, líon na nAbhcóidí Ginearálta a mhéadú go naonúr agus na coigeartuithe is gá a dhéanamh de bhun fhorálacha an tríú mír d'Airteagal 32a de Chonradh CEGC, an tríú mír d'Airteagal 166 de Chonradh CE agus an tríú mír d'Airteagal 138 de Chonradh CEFA.

---

4. Dearbhú Comhpháirteach maidir le Conradh CEFA a chur i bhfeidhm

Admhaíonn na Páirtithe Conarthacha, ag meabhrú dóibh go bhfuil na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe infheidhme ar na Ballstáit uile ar bhonn neamhidirdhealaitheach agus gan dochar do na rialacha ag rialú an mhargaidh inmheánaigh, gurb iad na Ballstáit, mar Pháirtithe Conarthacha sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, a chinneann fuinneamh núicléach a tháirgeadh nó gan é a tháirgeadh de réir a dtreoirlínte beartais sonracha.

Maidir le foirceann deiridh thimthriall an fhuinnimh núicléigh, is é freagracht gach Ballstáit a bheartas féin a shainiú.

---

5. Dearbhú Comhpháirteach maidir le háiteanna cónaithe tánaisteacha

Ní choiscfidh aon rud san "acquis communautaire" Ballstáit leithleacha ar bhearta náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla maidir le háiteanna cónaithe tánaisteacha a ghlacadh, ar chuntar go bhfuil gá leo le haghaidh phleanáil úsáid na talún agus chosaint an chomhshaoil agus go bhfuil siad infheidhme gan idirdhealú díreach ná indíreach idir náisiúnaigh na mBallstát ar cothrom leis an "acquis".

---

6. Dearbhú Comhpháirteach maidir le caighdeáin chun an comhshaol, sláinte agus sábháilteacht táirgí a chosaint

Leagann na Páirtithe Conarthacha béim ar a mhórtháibhachtaí atá sé ardleibhéal cosanta sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil a chur ar aghaidh mar chuid de ghníomhaíocht an Chomhphobail, ar cothrom leis na cuspóirí agus i gcomhréir leis na critéir atá leagtha síos sa Chonradh ar an Aontas Eorpach. Sa chomhthéacs sin, tagraíonn siad freisin do Rún an 1 Feabhra 1993 maidir le clár Comhphobail um beartas agus gníomhaíocht i ndáil leis an gcomhshaol agus le forás inbhuanaithe.

Ós feasach dóibh gur mór ag na Ballstáit nua caomhnú na gcaighdeán atá curtha chun feidhme acu i réimsí áirithe, go háirithe de bharr a ndálaí speisialta geografacha agus aeráide, tá na Páirtithe Conarthacha tar éis comhaontú, go heisceachtúil agus le haghaidh cásanna sonracha, ar nós imeachta chun an "acquis communautaire" atá ann a scrúdú, le lánrannpháirtíocht na mBallstát nua, faoi na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha síos sa Chonradh Aontachais.

Gan dochar do thoradh an nós imeachta scrúdaithe arna chomhaontú, gabhann na Páirtithe Conarthacha orthu féin gach dícheall a dhéanamh an nós imeachta sin a thabhairt i gcrích roimh an idirthréimhse atá leagtha síos a dhul in éag. Ag deireadh na hidirthréimhse, beidh an "acquis communautaire" ina iomláine infheidhme sna Ballstáit nua faoi na coinníollacha céanna atá infheidhme i mBallstáit láithreacha an Aontais.

---

7. **Dearbhú Comhpháirteach maidir le hAirteagail 32, 69, 84 agus 112 den Ionstraim Aontachais**

Meabhraíonn na Páirtithe Conarthacha gur thug na Comhdhálacha dá n-aire sa chruinniú aireachta ar an 21 Nollaig 1993:

— gurb é is aidhm don réiteach arna chomhaontú cinntí a ghlacadh roimh dheireadh na hidirthréimhse;

— nach ndéanfaidh an "acquis communautaire" a athbhreithniú dochar don toradh;

— agus an t-athbhreithniú á ghabháil ar láimh aige go dtabharfaidh an tAontas aird freisin ar na critéir atá leagtha síos in Airteagal 130r(3) de Chonradh CE.

---

8. **Dearbhú Comhpháirteach maidir le nósanna imeachta institiúideacha den Conradh Aontachais**

Comhaontaíonn na Ballstáit agus na tíortha iarrthacha, agus forálacha institiúideacha an Conradh Aontachais á nglacadh acu, go ndéanfaidh an Chomhdháil Idir-rialtasach atá le comóradh i 1996, mar aon le ról reachtaíochta Pharlaimint na hEorpa agus na hábhair eile atá beartaithe sa Chonradh ar an Aontas Eorpach a scrúdú, na ceisteanna a bhaineann le líon chomhaltaí an Choimisiúin agus ualú vótaí na mBallstát sa Chomhairle a bhreithniú. Breithneoidh sé freisin aon bhearta a mheastar is gá chun obair na nInstitiúidí a éascú agus a n-oibríocht éifeachtach a ráthú.

---

9. **Dearbhú Comhpháirteach maidir le hAirteagal 172 den Ionstraim Aontachais**

Tugann na Páirtithe Conarthacha dá n-aire gur gá toiliú na bpáirtithe conarthacha i dtrácht chun aon leasú ar Chomhaontú LEE agus ar an gComhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a bhunú.

Thug na Lánchumhachtaigh dá n-aire freisin an malartú litreacha maidir leis an socrú atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo, maidir leis an nós imeachta chun cinntí áirithe agus bearta eile a ghlacadh le linn na tréimhse roimh an aontachas a bhfuiltear tar éis teacht air sa Chomhdháil idir an tAontas Eorpach agus na Stáit atá tar éis iarratas a dhéanamh ar aontachas leis an Aontas sin.

Mar chríoch, rinneadh na Dearbhuithe seo a leanas agus cuireadh i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo iad:

A. *Dearbhuithe Comhpháirteacha: Na Ballstáit láithreacha / Ríocht na hIorua*

10. Dearbhú Comhpháirteach maidir le hacmhainní iascaireachta a bhainisteoireacht in uiscí lastuaidh de 62°U

11. Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an teorainn 12 míle

12. Dearbhú Comhpháirteach maidir le húinéireacht bháid iascaireachta

13. Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an soláthar amhábhair don tionscal próiseáil éisc i dtuaisceart na hIorua

14. Dearbhú i dtaobh Airteagal 147 maidir leis an tionscal Ioruach próiseáil bhia

15. Dearbhú Comhpháirteach maidir le Svalbard

B. *Dearbhuithe Comhpháirteacha: Na Ballstáit láithreacha / Poblacht na hOstaire*

16. Dearbhú Comhpháirteach maidir le saorghluaiseacht oibrithe

17. Dearbhú Comhpháirteach maidir le bearta coimirce faoi na comhaontuithe le tíortha Lár agus Iarthar na hEorpa

18. Dearbhú Comhpháirteach maidir le ceisteanna teicniúla neamhfhuascailte a réiteach sa réimse iompair

19. Dearbhú Comhpháirteach maidir le meáchain agus toisí d'fheithiclí iompair bhóthair

20. Dearbhú Comhpháirteach maidir le bonntollán Brenner

21. Dearbhú Comhpháirteach maidir le hAirteagail 6 agus 76 den Ionstraim Aontachais

C. *Dearbhuithe Comhpháirteacha: Na Ballstáit láithreacha / Poblacht na Fionlainne*

22. Dearbhú Comhpháirteach maidir le naisc iompair na Fionlainne a choimirciú

23. Dearbhú Comhpháirteach maidir le dramhaíl radaighníomhach a loingsiú

24. Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gConradh um Neamhleathadh

D. *Dearbhuithe Comhpháirteacha: Na Ballstáit láithreacha / Ríocht na Sualainne*

25. Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gConradh um Neamhleathadh

26. Dearbhú Comhpháirteach maidir le hAirteagal 127 den Ionstraim Aontachais

E. *Dearbhuithe comhpháirteacha: Na Ballstáit láithreacha / Ballstáit éagsúla nua*

27. Dearbhú Comhpháirteach: an Iorua, an Ostair, an tSualainn: maidir le PCB/PCT

28. Dearbhú Comhpháirteach maidir le Comhar Nordach

29. Dearbhú Comhpháirteach maidir le líon na n-ainmhithe atá cáilithe don phréimh do bha diúil san Iorua agus an Fhionlainn

30. Dearbhú Comhpháirteach: an Fhionlainn, an tSualainn: maidir le háraigh iascaireachta i Muir Bhailt

31. Dearbhú maidir leis an tionscal próiseála san Ostair agus san Fhionlainn

F. *Dearbhuithe ó na Ballstáit Láithreacha*

32. Dearbhú maidir le hOileáin Åland

33. Dearbhú maidir le cobhsaíocht choibhneasta

34. Dearbhú maidir le fadhbanna comhshaoil a réiteach arb é trácht tromfheithiclí earraí is cúis leo

35. Dearbhú maidir le comhlíonadh na ngealltanas i gcúrsaí talmhaíochta faoi ionstraimí nach bhfuil áirithe san Ionstraim Aontachais

36. Dearbhú maidir le bearta agrachomhshaoil

37. Dearbhú maidir le réigiúin sléibhe agus limistéir mhídheisiúla (LMD)

G. *Dearbhuithe ó Ríocht na hIorua*

38. Dearbhú ó Ríocht na hIorua maidir leis an Ioruais

39. Dearbhú ó Ríocht na hIorua maidir le cúrsaí Sami

40. Dearbhú ó Ríocht na hIorua maidir le trédhearcacht

H. *Dearbhuithe ó Phoblacht na hOstaire*

41. Dearbhú ó Phoblacht na hOstaire maidir le hAirteagal 109g de Chonradh CE

42. Dearbhú ó Phoblacht na hOstaire maidir le craolachán teilifíse

43. Dearbhú ó Phoblacht na hOstaire maidir le hiompar comhcheagailte ar bhealach Brenner a phraghsáil

44. Dearbhú ó Phoblacht na hOstaire maidir le hAirteagal 14 de Phrótacal Uimh. 9 maidir le hiompar de bhóthar, iompar d'iarnród agus iompar comhcheangailte san Ostair

I. *Dearbhuithe ó Phoblacht na Fionlainne*

45. Dearbhú ó Phoblacht na Fionlainne maidir le trédhearcacht

J. *Dearbhuithe ó Ríocht na Sualainne*

46. Dearbhú ó Ríocht na Sualainne maidir le beartas sóisialta

47. Dearbhú ó Ríocht na Sualainne maidir le rialtas oscailte agus Dearbhú ón Aontas mar fhreagra air

K. *Dearbhuithe ó Bhallstáit éagsúla nua*

48. Dearbhú Comhpháirteach ó Ríocht na hIorua agus Ríocht na Sualainne maidir le hiascach

49. Dearbhú ón Iorua, an Ostair, an Fhionlainn agus an tSualainn maidir le hAirteagail 3 agus 4 den Ionstraim Aontachais

50. Dearbhú ó Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne maidir le monaplachtaí alcóil

---

III. DEARBHUITHE EILE

A. *Dearbhuithe Comhpháirteacha: Na Ballstáit láithreacha / Ríocht na hIorua*

10. Dearbhú Comhpháirteach maidir le acmhainní iascaireachta a bhainisteoireacht in uiscí lastuaidh de 62 °U

Tugann na Páirtithe Conarthacha dá n-aire éiceachóras éislinneach agus íogair Mhuir Barents agus uiscí tuaisceartacha agus aithníonn siad a bhunriachtanaí atá sé bainistíocht fhónta a chothabháil arna bunú ar chaomhnú inbhuanaithe agus earraíocht bharrmhaith na stoc uile sna huiscí sin.

Comhaontaíonn siad, ar na huiscí sin a lánpháirtiú sa chomhbheartas iascaigh (CBI), go mbunófar an lánpháirtíocht sin ar an gcóras bainistíochta atá ann d'fhonn leanúint de na caighdeáin theicniúla, rialaithe agus forghníomhaithe reatha agus iad a fheabhsú.

Comhaontaíonn siad gur chóir do na hinstitiúidí taighde mhuirí réigiúnacha bunaithe agus do na hinstitiúidí eolaíocha réigiúnacha bunaithe atá láimh leis na huiscí ábhartha leanúint de rannchuidiú go mór sa phróiseas cinnteoireachta chun foráil do chinntí tapa agus riachtanacha bainstíochta faoi chuimsiú an CBI.

Comhaontaíonn siad gur chóir an chaibidlíocht leis an Rúis arna seoladh faoi chuimsiú an CBI a bheith fréamhaithe sna prionsabail agus cleachtais arna bhforbairt sa Choimisiún Comhpháirteach Iascaigh Ioruach-Rúiseach.

Comhaontaíonn siad gur chóir an córas láithreach, trína gcuirtear comhairliúchán i gcrích le heagraíochtaí iascaireachta leasmhara sula dtéitear i mbun caibidlíochta leis an Rúis, a choimeád ar bun.

Fairis sin, comhaontaíonn siad go n-áirítear ar na cuspóirí agus bearta bainistíochta:

— go dtugtar aird chuí ar an idirghaolmhaireacht idir stoic i bpeirspictíocht ilspeicis bainistíochta,

— gur chóir aird a thabhairt i mbainistíocht stoc peiligeach gur foinse thábhachtach bia é speiceas den sórt sin do speicis eile,

— gur chóir asghabháil bharrmhaith agus chobhsaí stoc a áirithiú san fhadtéarma,

— gur chóir, agus an GII do stoc á socrú, aird chuí a thabhairt ar an stoc sceite a chaomhnú chun earcú leordhóthanach a áirithiú,

— gur chóir gabhálacha stoic ghrinnill a mheastar a bheith laistigh de theorainneacha bitheolaíocha sábháilte a choinneáil laistigh d'ábaltacht shíolraithe an stoic agus aird chuí a thabhairt ar na dálaí speisialta is ábhartha do gach stoc leithleach,

— gur chóir bearta a ghlacadh i gcás stoic ghrinnilll lasmuigh de theorainneacha sábháilte bitheolaíocha chun an stoc a atógáil go leibhéal inbhuanaithe, ag cur san áireamh freisin íoscheanglais an tionscail iascaireachta,

— go leanfaidh brí shuntasach de ghabháil le comhairle an Choiste Chomhairligh um Bainistíocht Iascach (CCBI).

Aithníonn na Páirtithe Conarthacha nach mór leasanna speisialta na hIorua mar an stát cósta in uiscí lastuaidh de 62 °U agus na bpáirtithe uile i dtrácht a chur san áireamh i mbainstíocht thodhchaí na n-uiscí seo de réir rialacha an chomhbheartais iascaigh.

Ina theannta sin, agus de mhaolú sealadach ar na rialacha chun lánpháirtíocht na hIorua a chothú de réir a chéile sa CBI, tá na Páirtithe Conarthacha tar éis comhaontú go ndéantar ó dháta an aontachais:

1. a údarú don Iorua leibhéil GIIanna a bhunú agus a comhaontú iascaigh leis an Rúis a choimeád ar bun go ceann idirthréimhse go dtí an 1 Iúil 1998 ar a dhéanaí; le linn na hidirthréimhse sin, déanfaidh an Iorua bunú na leibhéal GIIanna agus bainistíocht an chomhaontaithe seo a áirithiú i ndlúthchomhlachas leis an gCoimisiún;

2. Féadfaidh an Iorua a chóras reatha:

— de rialacháin theicniúla go ceann idirthréimhse 1 bliain,

— de thoirmeasc séanacháin go ceann idirthréimhse 3 bliain,

— de bhearta rialaithe, agus go háirithe limistéir íogaire a dhúnadh agus a oscailt go ceann idirthréimhse 3 bliain,

a choimeád ar bun sna huiscí sin ar bhonn neamhidirdhealaitheach. Le linn na n-idirthréimhsí sin, scrúdóidh an tAontas an dóigh is fearr chun na meicníochtaí rialúcháin sin a lánpháirtiú sa chomhbheartas iascaigh.

---

11. Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an teorainn 12 míle

Aithníonn na Páirtithe Conarthacha a mhórtábhachtaí atá sé don Iorua comhphobail inmharthana iascaireachta i réigiúin chósta a chothabháil. Agus na socruithe láithreacha maidir le rochtain ar uiscí laistigh den teorainn 12 míle á n-athbhreithniú acu d'fhonn socruithe todhchaí a chinneadh, tabharfaidh institiúidí an Aontais aird speisialta ar leasanna comhphobal den sórt sin sna Ballstáit.

---

12. Dearbhú Comhpháirteach maidir le húinéireacht bháid iascaireachta

Tugann na Páirtithe Conarthacha dá n-aire rialuithe Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach agus aithníonn siad, i gcomhthéacs an chomhbheartais iascaigh, gurb é ceann d'aidhmeanna chóras na gcuótaí náisiúnta, a ndéantar a gcionroinnt ar Bhallstáit de réir phrionsabal na cobhsaíochta coibhneasta, riachtanais faoi leith réigiún ina bhfuil an pobal áitiúil spleách go speisialta ar iascaigh agus tionscail ghaolmhara.

Féadfar dul i muinín na haidhme sin chun coinníollacha a chosaint atá ceaptha chun a áirithiú go bhfuil nasc fírinneach eacnamaíoch idir báid ag iascaireacht i gcoinne cuótaí Ballstáit agus an Ballstát sin, más é is cuspóir do choinníollacha den sórt sin gur chóir do na pobail atá spleách ar iascaigh agus tionscail ghaolmhara tairbhiú de na cuótaí.

---

13. Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an soláthar amhábhair don tionscal próiseáil éisc i dtuaisceart na hIorua

Tugann na Páirtithe Conarthacha dá n-aire iarraidh Ríocht na hIorua maidir leis an soláthar amhábhair don tionscal próiseáil éisc i dtuaisceart na hIorua agus aithníonn siad gur gá, i bhfianaise chor speisialta an tionscail sin, comhardú sásúil soláthairtí a áirithiú. Tabharfar aird chuí ar an méid sin nuair a bhunóidh an tAontas taraifchuótaí uathrialacha le haghaidh éisc don tionscal próiseála tar éis aontachas na hIorua.

---

14. Dearbhú Comhpháirteach i dtaobh Airteagal 147 maidir leis an tionscal Ioruach próiseáil bhia

Thug na Páirtithe Conarthacha dá n-aire an dearbhú seo a leanas ón gCoimisiún:

Agus iarraidh ionchasach ón Iorua go nglacfaí bearta i gcás suaitheadh tromchúiseach ar an margadh á scrúdú aige, tabharfaidh an Coimisiún aird ar an bhfadhb athstruchtúraithe faoi leith atá ag tionscal próiseáil bhia na hIorua agus áiritheoidh sé go nglactar aon bheart is gá pras go leor chun dochar fadtéarmach a chosc.

Féadfar a áireamh ar na bearta a ghlacfaidh an Coimisiún, le linn tréimhse 3 bliain, córas faireacháin agus uasteorainneacha táscacha a áirithíonn nach mbeidh oscailt an mhargaidh ina siocair le suaití a d'fhéadfadh stró a chur ar an athstruchtúrú is gá ar an earnáil phróiseáil bhia san Iorua do na táirgí seo a leanas a tháirgtear ó bhunábhair dhúchasacha phríomhúla thalmhaíochta: táirgí feola, plúr, ábhair bheatha cumaisc, piseanna agus cáiréid phróiseáilte agus táirgí déiríochta amach ó im, púdar bainne bhearrtha agus cáis bhog.

---

15. Dearbhú Comhpháirteach maidir le Svalbard

Comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha go bhfanfaidh rochtain loingis Bhallstáit AE ar acmhainní iascaigh sna huiscí go feadh 200 míle timpeall Svalbard chun na cuótaí iascaigh arna gcinneadh ag an Aontas a ghabháil gan athrú i gcomhréir le staid láithreach an iascaigh.

Ina theannta sin, comhaontaíonn na Páirtithe nach mór na hacmhainní beo sna huiscí sin a bhainisteoireacht d'fhonn gabháil bhuan agus inbhuanaithe a fhoráil ar mhaithe le Ballstáit AE mar léiriú beacht ar a gcearta iascaireachta sna huiscí sin. Ní dhochróidh bainisteoireacht den sórt sin ach go háirithe árach loingis Bhallstáit AE a gcuid cuótaí iomlána a ghabháil agus urramóidh sí go hiomlán gnáthoibríochtaí iascaireachta.

B. *Dearbhuithe Comhpháirteacha: Na Ballstáit Láithreacha / Poblacht na hOstaire*

16. Dearbhú Comhpháirteach maidir le saorghluaiseacht oibrithe

De thoradh aontachas na hOstaire, dá dtiocfadh deacrachtaí chun cinn a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe, féadfar an t-ábhar a thabhairt os comhair institiúidí an Aontais chun réiteach na faidhbe a fháil. Beidh an réiteach sin i gcomhréir go dian le forálacha na gConarthaí (lena n-áirítear an Conradh ar an Aontas Eorpach) agus leis na forálacha arna nglacadh ina gcur i bhfeidhm, go háirithe na forálacha a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe.

---

17. Dearbhú Comhpháirteach maidir le bearta coimirce faoi na comhaontuithe le tíortha Lár agus Iarthar na hEorpa

1. Tá ar áireamh sna comhaontuithe Eorpacha idir na Comhphobail agus a gcuid Ballstát agus tíortha Lár agus Oirthear na hEorpa forálacha le haghaidh na Comhphobail do ghlacadh bearta iomchuí coimirce, faoi choinníollacha áirithe atá leagtha síos sna Comhaontuithe sin.

2. Féadfaidh na Comhphobail, agus iad i mbun bearta a scrúdú agus a ghlacadh faoi fhorálacha den sórt sin, cor táirgeoirí, nó réigiún, i gceann amháin nó níos mó dá gcuid Ballstát a agairt.

3. Áirithíonn rialacha an Chomhphobail maidir le bearta coimirce a chur chun feidhme, lena n-áirítear cuótaí Comhphobail a bhainisteoireacht, go dtugtar lánaird ar leasanna na mBallstát i gcomhréir leis na nósanna imeachta iomchuí.

---

18. Dearbhú Comhpháirteach maidir le ceisteanna teicniúla neamhfhuascailte a réiteach sa réimse iompair

Dearbhaíonn Poblacht na hOstaire agus an Comhphobal a bhfonnmhaireacht ceisteanna teicniúla neamhfhuascailte a réiteach ar bhonn comhthola i gcomhthéacs Choiste Idirthurais CE-Ostaire roimh aontachas na hOstaire, go háirithe:

(a) *Saincheisteanna a bhaineann leis an gcóras éiceaphointí*

— innill mhótarfheithiclí a cláraíodh roimh an 1 Deireadh Fómhair 1990 a athrú;

— aonaid tarracóra a athrú;

— comhghléasanna ilnáisiúnta cúpláilte feithiclí;

— idirdhealú i bhfabhar feithiclí Ostaracha ar idirthuras idir dhá thríú tír.

(b) *Saincheisteanna eile*

— réiteach, i gcreat Comhphobail, do Chomhaontú "Lofer" an 29 Meitheamh 1993 idir an Ostair agus an Ghearmáin;

— liosta cinn aistir a thig faoi Airteagal 2(5) den Chomhaontú Riarthach (Iompair "Fürnitz");

— iompair throma agus thoirtiúla ("lóid eisceachtúla").

---

19. Dearbhú Comhpháirteach maidir le meáchain agus toisí d'fheithiclí iompair bhóthair

Tugann na Páirtí Conarthacha dá n-aire go gcomhlíonfaidh an Ostair an "acquis communautaire" i réimse meáchain agus toisí uasta údaraithe do thromfheithiclí earraí trí 38 tona móide lamháltas 5 % a cheadú gan phionós.

---

20. Dearbhú Comhpháirteach maidir le bonntollán Brenner

Tá an Ostair, an Ghearmáin, an Iodáil agus an Comhphobal ag obair go gníomhach d'fhonn na staidéir ullmhúcháin maidir le bonntollán Brenner atá le tíolacadh i Meitheamh 1994 a chríochnú. Gabhann an Ostair, an Ghearmáin agus an Iodáil orthu féin teacht ar cinneadh faoin 31 Deireadh Fómhair 1994 maidir le tógáil an tolláin. Dearbhaíonn an Comhphobal go bhfuil sé réidh, má bhíonn cinneadh dearfach ó na trí Stát i dtrácht, tacú leis an tógáil ar bhonn a bhfuil ar fáil d'ionstraimí airgeadais Comhphobail.

---

21. Dearbhú Comhpháirteach maidir le hAirteagail 6 agus 76 den Ionstraim Aontachais

Deimhníonn Poblacht na hOstaire agus an Comhphobal a n-intinn chun a áirithiú, trí chaibidlíocht iomchuí, nach dtairbheoidh tarlóirí ó thríú tíortha, go háirithe ón tSlóivéin agus an Eilvéis, ó dháta an aontachais, de chóir níos fabhraí ná tarlóirí AE maidir le hidirthuras tromfheithiclí earraí trí chríoch na hOstaire.

C. *Dearbhuithe Comhpháirteacha: Na Ballstáit Láithreacha / Poblacht na Fionlainne*

22. Dearbhú Comhpháirteach maidir le naisc iompair na Fionlainne a choimirciú

Comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha, á aithint dóibh go bhfuil tábhacht speisialta ag baint le muirbhealaí don Fhionlainn mar gheall ar a suíomh geografach agus go bhfuil sé deacair iad a áirithiú mar gheall ar na tosca aeráide, go dtabharfar aird chuí ar naisc mhuirí na Fionlainne leis an gcuid eile den Aontas a chothabháil agus a fhorbairt i dtionscnaimh ábhartha Aontais, inter alia i ndáil le forbairt na ngréasán traseorpach i dtuaisceart na hEorpa.

---

23. Dearbhú Comhpháirteach maidir le dramhaíl radaighníomhach a loingsiú

Deimhníonn na Páirtithe Conarthacha nach gcuireann reachtaíocht CE de cheangal ar Bhallstát glacadh le lastas sonrach dramhaíola radaighníomhaí ó Bhallstát eile.

---

24. Dearbhú comhpháirteach maidir leis an gConradh um Neamhleathadh

Cuireann na Páirtithe Conarthacha béim ar a thábhachtaí atá sé gan airm ollscriosta a leathadh agus ar a dtacaíocht leanúnach don Chonradh um Neamhleathadh Arm Núicléach (CNL).

Deimhníonn siad gur freagracht náisiúnta fós é comhall na n-oibleagáidí faoi CNL gan dochar

do fhreagrachtaí GIFA agus do fhreagrachtaí an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach i ndáil le hAirteagal III(1) agus (4) de CNL a chur chun feidhme.

Meabhraíonn siad go bhfuil siad faoi cheangal na forálacha atá leagtha amach i dtreoirlínte Ghrúpa na Solathróirí Núicléacha a chur chun feidhme agus a áirithiú mar choinníoll soláthair go gcuirtear coimircí lánraonúla GIFA chun feidhme sna stáit sin gan airm núicléacha a n-onnmhairítear chucu ábhar agus trealamh núicléach atá deartha nó ullmhaithe go speisialta chun ábhar núicléach a phróiseáil, a úsáid nó a tháirgeadh.

Gan dochar dá hoibleagáid de bhun Chonradh CEFA, daingníonn Poblacht na Fionlainne, agus a cuid oibleagáidí CNL á bhfreastal aici, go gcomhoibreoidh sí go dlúth le GIFA mar Bhallstát GIFA agus faoi chuimsiú INFCIRC/193.

D. *Dearbhuithe Comhpháirteacha: Na Ballstáit láithreacha / Ríocht na Sualainne*

25. Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gConradh um Neamhleathadh

Cuireann na Páirtithe Conarthacha béim ar a thábhachtaí atá sé gan airm ollscriosta a leathadh agus ar a dtacaíocht leanúnach don Chonradh um Neamhleathadh Arm Núicléach (CNL).

Deimhníonn siad gur freagracht náisiúnta fós é comhall na n-oibleagáidí faoi CNL gan dochar do fhreagrachtaí GIFA agus do fhreagrachtaí an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach i ndáil le hAirteagal III(1) agus (4) de CNL a chur chun feidhme.

Meabhraíonn siad go bhfuil siad faoi cheangal na forálacha atá leagtha amach i dtreoirlínte Ghrúpa na Solathróirí Núicléacha a chur chun feidhme agus a áirithiú mar choinníoll soláthair go gcuirtear coimircí lánraonúla GIFA chun feidhme sna stáit sin gan airm núicléacha a n-onnmhairítear chucu ábhar agus trealamh núicléach atá deartha nó ullmhaithe go speisialta chun ábhar núicléach a phróiseáil, a úsáid nó a tháirgeadh.

Gan dochar dá hoibleagáid de bhun Chonradh CEFA, daingníonn Ríocht na tSualainne, agus a cuid oibleagáidí CNL á bhfreastal aici, go gcomhoibreoidh sí go dlúth le GIFA mar Bhallstát GIFA agus faoi chuimsiú INFCIRC/193.

---

26. Dearbhú Comhpháirteach maidir le hAirteagal 127 den Ionstraim Aontachais

Na treoracha caibidlíochta atá i dteannta leis an gCinneadh ón gComhairle ag údarú don Choimisiún na prótacail a ghabhann leis na comhaontuithe agus comhshocraíochtaí déthaobhacha dá dtagraítear in Airteagal 127 a chaibidliú, beidh siad ar cothrom leis na conclúidí ar thángthas orthu leis an tSualainn sa Chomhdháil.

E. *Dearbhuithe Comhpháirteacha: Na Ballstáit láithreacha / Ballstáit éagsúla nua*

27. **Dearbhú Comhpháirteach: an Iorua, an Ostair, an tSualainn: maidir le PCB/PCT**

Tugann na Páirtithe Conarthacha dá n-aire go bhfuil toirmeasc ar a gcríocha ar PCB agus PCT a tháirgeadh agus nach ndéantar na taírgí sin a athchúrsáil a thuilleadh. Go dtí go nglacfar reachtaíocht CE ag toirmeasc freisin PCB agus PCT a athchúrsáil, níl aon ní ag na Páirtithe Conarthacha i gcoinne toirmeasc den sórt sin a choimeád ar bun i reachtaíocht náisiúnta.

---

28. **Dearbhú Comhpháirteach maidir le Comhar Nordach**

Taifeadann na hArdpháirtithe Conarthacha go bhfuil sé ar intinn ag an tSualainn, an Fhionlainn agus an Iorua, mar chomhaltaí den Aontas Eorpach, agus dlí an Chomhphobail agus forálacha eile an Conradh ar an Aontas Eorpach á gcomhlíonadh go hiomlán acu, an Comhar Nordach a leanúint eatarthu féin agus le tíortha agus críocha eile.

---

29. **Dearbhú Comhpháirteach maidir le líon na n-ainmhithe atá cáilithe don phréimh do bha diúil san Iorua agus san Fhionlainn**

Más amhlaidh go dtiocfaidh, de thoradh an aontachais, laghdú díréireach ar mhéideanna táirgeachta príomhbhunábhar eile, déanfar líon na n-ainmhithe atá cáilithe don phréimh do bha diúil san Iorua agus an Fhionlainn a athscrúdú.

---

30. **Dearbhú Comhpháirteach: an Fhionlainn, an tSualainn: maidir le háraigh iascaireachta i Muir Bhailt**

Tugann na Páirtithe Conarthacha dá n-aire go ndearnadh cionroinnt acmhainní iascaireachta in uiscí Comhphobail sa Mhuir Bhailt a ríomh ar bhonn áraigh iascaireachta, arna n-aistriú chuig an APSS a bhí agus don Pholainn sa tréimhse tagartha, a athchionroinnt ar na Páirtithe. Dá dheasca sin, comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha nach dtabharfar aird i gcionroinnt thodhchaí áraigh iascaireachta arna bhfáil faoi chuimsiú comhaontuithe iascaigh leis an Rúis, leis na trí Stát Bhaltacha agus leis an bPolainn ar mhalartuithe áraigh iascaireachta a tharla roimh an méadú.

---

31. **Dearbhú maidir leis an tionscal próiseála san Ostair agus san Fhionlainn**

Comhaontaíonn na Páirtithe Conarthacha ar an méid a leanas:

(i) earraíocht iomlán a bhaint as bearta Chuspóir 5a) chun éifeachtaí an aontachais a phlúchadh,

(ii) solúbthacht maidir le scéimeanna náisiúnta idirthréimhseacha cabhrach atá ceaptha chun an t-athstruchtúrú a éascú.

F. *Dearbhuithe ó na Ballstáit Láithreacha*

32. **Dearbhú maidir le hOileáin Åland**

Fad a bhaineann leis an gceart chun vótála agus chun bheith ina iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha in Oileáin Åland, meabhraíonn an tAontas go gceadaíonn Airteagal 8b(1) de Chonradh CE iarrataí ó Phoblacht na Fionlainne a chomhall. Má thugann Poblacht na Fionlainne fógra de bhun Airteagal 28 ag modhnú Airteagal 227(5) de Chonradh CE go mbeidh Conradh CE infheidhme ar Oileáin Åland, déanfaidh an Chomhairle laistigh de thréimhse sé mhí, ag gníomhú di i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 8b(1) de Chonradh CE, na coinníollacha a chinneadh, más gá, chun an tAirteagal sin a chur i bhfeidhm ar chor speisialta Oileáin Åland.

---

33. **Dearbhú maidir le cobhsaíocht choibhneasta**

Aithníonn an tAontas a mhórtháibhachtaí atá sé don Iorua agus do na Ballstáit prionsabal na cobhsaíochta coibhneasta a choimeád ar bun mar an bhunsraith chun aidhm buanchóras dáileacháin árach iascaireachta a ghnóthú sa todhchaí.

---

34. **Dearbhú maidir le fadhbanna comhshaoil a réiteach arb é trácht tromfheithiclí earraí is cúis leo**

Cuireann an tAontas an Ostair ar an eolas go bhfuil an Chomhairle tar éis a iarraidh ar an gCoimisiún togra a dhéanamh faoi chreatlach lena glacadh ar mhaithe le fadhbanna comhshaoil a réiteach arb é trácht tromfheithiclí earraí is cúis leo. Áireofar sa chreatlach sin bearta iomchuí maidir le muirir ar úsáid bhóthair, bonneagar iarnróid, saoráidí iompair chomhcheangailte agus caighdeáin theicniúla d'fheithiclí.

---

35. **Dearbhú maidir le comhlíonadh na ngealltanas i gcúrsaí talmhaíochta faoi ionstraimí nach bhfuil áirithe san Ionstraim Aontachais**

Dearbhaíonn an tAontas Eorpach go ndéanfar na hionstraimí uile is gá chun toradh na caibidlíochta aontachais ar chúrsaí talmhaíochta a chomhlíonadh nach bhfuil áirithe san Ionstraim Aontachais (ionstraimí nua ón gComhairle le cur i bhfeidhm i ndiaidh an aontachais agus ionstraimí ón gCoimisiún) a ghlacadh i dtráth cuí i gcomhréir leis na nósanna imeachta ábhartha atá leagtha síos san Ionstraim Aontachais féin nó san "acquis communautaire".

Glacfar formhór na n-ionstraimí sin le linn na hidirthréimhse, i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos san Ionstraim Aontachais.

Cuirfear chun feidhme ar dhóigh bhrostaitheach thráthúil na ceangaltais eile maidir le cúrsaí talmhaíochta a leanann ón gcaibidlíocht.

---

36. **Dearbhú maidir le bearta agrachomhshaoil**

Glacfaidh an tAontas na bearta is gá chun a cheadú do na Ballstáit nua na cláir agrachomhshaoil ar mhaithe lena bhfeirmeoirí a chur chun feidhme go tapa ar cothrom le Rialachán (CEE) Uimh. 2078/92 agus chun cómhaoiniú na gclár sin a áirithiú laistigh de theorainneacha a bhfuil ar fáil sa bhuiséad.

Tugann an tAontas dá aire gur féidir bheith ag súil leis an méid seo a leanas ó gach ceann de na Ballstáit nua:

— an Iorua ECU 55 milliún

— an Ostair ECU 175 milliún

— an Fhionlainn ECU 135 milliún

— an tSualainn ECU 165 milliún

---

37. **Dearbhú maidir le réigiúin sléibhe agus limistéir mhídheisiúla (LMD)**

Glacann an tAontas leis go measann na Ballstáit nua go bhfuil cion suntasach dá gcríocha faoi bhuanchiseanna nádúrtha agus gur chóir teorannú na limistéar sléibhe nó mídheisiúil áirithe de réir Threoir 75/268/CEE ón gComhairle a chur i gcrích gan mhoill.

Deimhníonn an tAontas go bhfuil sé ar intinn aige criosanna den sórt sin a theorannú mar a leanas de réir an "acquis":

— i gcás na hOstaire, ós tír alpach í, bunófar cinneadh na réigiún ar na critéir arna n-úsáid i gcás limistéar comhchosúil sa Ghearmáin, an Iodáil agus an Fhrainc;

— i gcás na Sualainne, ag glacadh leis an domhanleithead thuaidh mar chritéar ábhartha chun críocha Airteagal 3(3) de Threoir 75/268/CEE, ceadófar amhlaidh ceithre cinn de na cúig "limistéar tacaíochta talmhaíochta i dTuaisceart na Sualainne" a fholú;

— i gcás na hIorua, ag glacadh leis an domhanleithead thuaidh mar chritéar ábhartha chun críocha Airteagal 3(3) de Threoir 75/268/CEE mar aon le cur i bhfeidhm mhíreanna 4 agus 5 den Airteagal céanna, ceadófar amhlaidh go feadh 85 % den achar talmhaíochta arna úsáid a fholú;

— i gcás na Fionlainne, ag glacadh leis an domhanleithead thuaidh mar chritéar ábhartha chun críocha Airteagal 3(3) mar aon leis an leasú ar Airteagal 19 de Rialachán (CEE) Uimh. 2328/91 ón gComhairle, ceadófar amhlaidh go feadh 85 % den achar talmhaíochta arna úsáid a fholú de réir bhrí Airteagal 3(3) de Threoir 75/268/CEE ón gComhairle;

G. *Dearbhuithe ó Ríocht na hIorua*

38. **Dearbhú ó Ríocht na hIorua maidir leis an Ioruais**

Dearbhaíonn Ríocht na hIorua nach mór stádas comhionann a thabhairt do Bokmål agus Nynorsk in úsáid scríofa na hIoruaise mar theanga oifigiúil d'institiúidí na gComhphobal, ar an tuiscint go ndéanfar doiciméid a bhfuil feidhm ghinearálta acu, comhfhreagras agus ábhar faisnéise ginearálta a dhréachtadh i gceachtar den dá leagan den Ioruais.

---

39. **Dearbhú ó Ríocht na hIorua maidir le cúrsaí Sami**

Ag féachaint d'Airteagal 110A de Bhunreacht na hIorua agus Ionstraim na hIorua an 12 Meitheamh 1987, Uimh. 56,

Ag féachaint do na hoibleagáidí agus ceangaltais atá leagtha amach i gCúnant Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Sibhialta agus Polaitiúla den bhliain 1966 agus go háirithe Aiteagal 27 de, agus Coinbhinsiún EIS Uimh. 169 maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha i dTíortha Neamhspleácha den bhliain 1989,

Tá an Iorua tar éis an fhreagracht a ghlacadh ar láimh dálaí a chruthú chun gur féidir leis an bpobal Sami a ngléas beo, a dteanga, a gcultúr agus a nós maireachtála a chaomhnú agus a fhorbairt.

Tá na comhbhpobail Sami i limistéir thraidisiúnta lonnaíocht Sami spleách ar roinnt gníomhaíochtaí eacnamaíocha traidisiúnta. Is cuid dhílis de chultúr Sami na gníomaíochtaí sin iontu féin agus is bunús riachtanach iad chun an nós maireachtála Sami a fhorbairt a thuilleadh.

Agus aird á tabhairt aici ar an bPrótacal maidir leis an bpobal Sami, dearbhaíonn Rialtas na hIorua go leanfaidh sé ar an mbonn sin dá chuid oibleagáidí agus ceangaltas don phobal Sami a chomhall.

---

40. **Dearbhú ó Ríocht na hIorua maidir le trédhearcacht**

Cuireann Ríocht na hIorua fáilte roimh an bhforás atá á chur i gcrích anois san Aontas ionsar níos mó oscailteachta agus trédhearcachta.

San Iorua, is prionsabal é an rialtas oscailte, lena n-áirítear rochtain an phobail ar thaifid oifigiúla, a bhfuil buntábhacht dhlíthiúil agus pholaitiúil leis. Leanfaidh Ríocht na hIorua den phrionsabal sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir lena cuid ceart agus oibleagáidi mar bhall den Aontas.

H. *Dearbhuithe ó Phoblacht na hOstaire*

41. **Dearbhú ó Phoblacht na hOstaire maidir le hAirteagal 109g de Chonradh CE**

Tugann Poblacht na hOstaire dá haire go bhfanann comhdhéanamh bhascaed airgeadra an ECU gan athrú agus, iar rannpháirtíocht na hOstaire sa tríú céim, go socrófar luach an Schilling *vis-à-vis* an ECU go neamhinchúlghairthe.

Leanfaidh Poblacht na hOstaire de chobhsaíocht an Schilling a chothabháil agus ar an gcuma sin rannchuideoidh sí leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a ghnóthú. Tacaíonn Poblacht na hOstaire leis an trasdul i gcéimeanna chuig airgeadra Eorpach aonair toisc go bhfuil cáilíocht an airgeadra Eorpaigh phleanáilte á coimirciú ag na réamhchoinníollacha i dtéarmaí beartais chobhsaíochta atá i gConradh CE.

---

42. **Dearbhú ó Phoblacht na hOstaire maidir le craolachán teilifíse**

Ag tagairt do Threoir 89/552/CEE ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 1989 maidir le comhordú forálacha áirithe reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin i mBallstáit a bhaineann le gníomhaíochtaí craolacháin teilifíse a shaothrú, dearbhaíonn Poblacht na hOstaire go mbeidh caoi aici, i gcomhréir le reachtaíocht láithreach CE, mar atá arna léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach, bearta iomchuí a ghlacadh i gcás dílogánú d'fhonn a reachtaíocht inmheánach a imchéimniú.

---

43. **Dearbhú ó Phoblacht na hOstaire maidir le hiompar comhcheangailte ar bhealach Brenner a phraghsáil**

Dearbhaíonn Poblacht na hOstaire a fonnmhaireacht úsáid iompar comhcheangailte síobchairr ar bhealach Brenner a chur ar aghaidh, ar cothrom le rialacha Comhphobail, trí phraghas iomchuí a lorg ar an roinn Ostarach d'iompar den sórt sin atá iomaíoch le praghsanna d'iompar de bhóthar. Tugann Poblacht na hOstaire dá haire go nglacfar an beart sin ar an tuiscint nach laghdófar éifeacht mhargaidh cabhracha arna ndeonú ag Poblacht na hOstaire trí bhearta arna nglacadh ar ranna eile den nasc síobchairr thuasluaite.

---

44. **Dearbhú ó Phoblacht na hOstaire maidir le hAirteagal 14 de Phrótacal Uimh. 9 maidir le hiompar de bhóthar, iompar d'iarnród agus iompar comhcheangailte san Ostair**

Dearbhaíonn Poblacht na hOstaire gur cóir go ndéanfaí, amhail ón 1 Eanáir 1997, riarachán an chórais éiceaphointí a ríomhairiú agus gur cóir go gcuirfí an rialú i gcrích trí mhodhanna leictreonacha amhail ón 1 Eanáir 1997 chun freastal do cheanglais Airteagal 14(1) de Phrótacal Uimh. 9.

I. *Dearbhuithe ó Phoblacht na Fionlainne*

45. Dearbhú ó Phoblacht na Fionlainne maidir le trédhearcacht

Cuireann Poblacht na Fionlainne fáilte roimh an bhforás atá á chur i gcrích anois san Aontas ionsar níos mó oscailteachta agus trédhearcachta.

San Fhionlainn, is prionsabal é an rialtas oscailte, lena n-áirítear rochtain an phobail ar thaifid oifigiúla, a bhfuil buntábhacht dhlíthiúil agus pholaitiúil leis. Leanfaidh Poblacht na Fionlainne den phrionsabal sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir lena cuid ceart agus oibleagáidi mar bhall den Aontas Eorpach.

J. *Dearbhuithe ó Ríocht na Sualainne*

46. Dearbhú ó Ríocht na Sualainne maidir le beartas sóisialta

I malartú litreacha idir Ríocht na Sualainne agus an Coimisiún, atá i gceangal le hAthchoimre na gConclúidí den 5ú cruinniú den Chomhdháil ar leibhéal aireachta (CONF-S 81/93), fuair Ríocht na Sualainne forchinntithe maidir leis an gcleachtas Sualannach i gcúrsaí mhargadh an tsaothair agus go háirithe an córas chun dálaí oibre a chinneadh i gcomhaontuithe comhchoiteanna idir na comhpháirtithe sóisialta.

---

47. Dearbhú ó Ríocht na Sualainne maidir le rialtas oscailte agus Dearbhú ón Aontas mar fhreagra air

1. Dearbhú ón tSualainn

Deimhníonn an tSualainn an ráiteas réamhráiteach dá chuid an 1 Feabhra 1993 (CONF-S 3/93).

Cuireann an tSualainn fáilte roimh an bhforás atá á chur i gcrích anois san Aontas Eorpach ionsar níos mó oscailteachta agus trédhearcachta.

Is bunphrionsabail iad an rialtas oscailte agus go háirithe rochtain an phobail ar thaifid oifigiúla mar aon leis an gcosaint bhunreachtúil dóibh sin a thugann faisnéis do na meáin, agus fanfaidh siad ina mbunphrionsabail, atá ina gcuid dhílis d'oidhreacht bhunreachtúil, pholaitiúil agus chultúrtha na Sualainne.

2. Dearbhú ó na Ballstáit láithreacha mar fhreagra air

Tugann na Ballstáit láithreacha dá n-aire an Dearbhú aontaobhach ón tSualainn maidir le hoscailteacht agus trédhearcacht.

Glacann siad ina áirithe go gcomhlíonfaidh an tSualainn, mar bhall den Aontas Eorpach, dlí an Chomhphobail go hiomlán ina thaobh seo.

K. *Dearbhuithe ó Bhallstáit éagsúla nua*

48. **Dearbhú Comhpháirteach ó Ríocht na hIorua agus Ríocht na Sualainne maidir le hiascach**

I malartú litreacha idir Ríocht na hIorua agus Ríocht na Sualainne, táthar tar éis comhaontú go gcoimeádfaidh an Iorua ar bun cearta Sualannacha is comhionann leis na cearta i gComhaontú Iascaigh déthaobhach 1977. Aistreofar cainníochtaí agus speicis, i gcomhréir le cleachtas an Chomhaontaithe dhéthaobhaigh, ar bhonn bliantúil i ndiaidh comhairliúcháin dhéthaobhacha agus i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92 ón gComhairle.

---

49. **Dearbhú ón Iorua, an Ostair, an Fhionlainn agus an tSualainn maidir le hAirteagail 3 agus 4 den Ionstraim Aontachais**

Maidir leis na coinbhinsiúin nó ionstraimí a bhaineann le Ceartas agus Gnóthaí Baile dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 4(2) den Ionstraim Aontachais atá fós faoi chaibidil, glacann an Iorua, an Ostair, an Fhionlainn agus an tSualainn leis na pointí a bhfuil na Ballstáit láithreacha nó an Chomhairle tar éis comhaontú orthu ar dháta an aontachais agus ní bheidh siad rannpháirteach dá réir sin i gcaibidlíocht iardain a bhaineann leis na coinbhinsiúin agus ionstraimí sin ach amháin maidir leis na pointí sin atá fós le réiteach.

---

50. **Dearbhú ó Phoblacht na Fionlainne agus ó Ríocht na Sualainne maidir le monaplachtaí alcóil**

Ag an 5ú cruinniú dá cuid ar an 21 Nollaig 1993, cuireadh an Chomhdháil ar leibhéal aireachta ar an eolas faoin malartú litreacha idir an Coimisiún agus an Fhionlainn agus idir an Coimisiún agus an tSualainn maidir le monaplachtaí alcóil faoi Chaibidil 6: Beartas iomaíochta, atá taifeadta i ndoiciméid CONF-SF 78/93 agus CONF-S 82/93.

IV. MALARTÚ

litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne maidir le nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin chun cinntí áirithe agus bearta eile a ghlacadh le linn na tréimhse roimh an aontachas

Litir Uimh. 1

A Chara ,

Tá sé d'onóir agam tagairt don cheist maidir le nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin chun cinntí áirithe agus bearta eile a ghlacadh le linn na tréimhse roimh aontachas do thíre leis an Aontas Eorpach a tógadh faoi chuimsiú chaibidlíocht an aontachais.

Deimhním leis seo go dtig leis an Aontas Eorpach nós imeachta den sórt sin a chomhaontú, sna téarmaí atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an litir seo, a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm amhail ón dáta a ndearbhaíonn an Chomhdháil chaibidlíochta go bhfuil caibidlíocht an mhéadaithe tugtha i gcrích faoi dheireadh.

Bheinn faoi chomaoin agat ach a dheimhniú go bhfuil do Rialtas i gcomhaontú le hinneachar na litreach seo.

Is mise le mórmheas,

Litir Uimh. 2

A Chara ,

Is mian liom a chur in iúl duit go bhfuarthas do litir mar a leanas:

> "Tá sé d'onóir agam tagairt don cheist maidir le nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin chun cinntí áirithe agus bearta eile a ghlacadh le linn na tréimhse roimh aontachas do thíre leis an Aontas Eorpach a tógadh faoi chuimsiú chaibidlíocht an aontachais.
>
> Deimhním leis seo go dtig leis an Aontas Eorpach nós imeachta den sórt sin a chomhaontú, sna téarmaí atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an litir seo, a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm amhail ón dáta a ndearbhaíonn an Chomhdháil chaibidlíochta go bhfuil caibidlíocht an fhairsingithe tugtha i gcrích faoi dheireadh.
>
> Bheinn faoi chomaoin agat ach a dheimhniú go bhfuil do Rialtas i gcomhaontú le hinneachar na litreach seo".

Tá sé d'onóir agam a dheimhniú go bhfuil mo Rialtas i gcomhaontú le hinneachar na litreach sin.

Is mise le mórmheas,

IarscríBhinn

Nós imeachta faisnéise agus comhairliúcháin chun cinntí áirithe agus bearta eile a ghlacadh le linn na tréimhse roimh an aontachas

I.

1. D'fhonn a áirithiú go mbeidh faisnéis leormhaith ar fáil ag Ríocht na hIorua, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne, dá ngairtear na "Stáit aontacha" anseo feasta, cuirfear na Stáit aontacha ar an eolas faoi aon togra nó scéala ó Choimisiún na gComhphobal Eorpach, a bhféadfadh cinntí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh a theacht as, tar éis é a sheoladh chuig an gComhairle.

2. Cuirfear an comhairliúchán ar siúl de bhun iarratas réasúnaithe ó Stát aontach ina leagfar amach go sainráite a leasanna mar chomhalta todhchaí den Aontas agus ina gcuirfidh sé a bharúlacha in iúl.

3. De ghnáth, ní bheidh cinntí riarthacha ina siocair le comhairliúchán.

4. Cuirfear an comhairliúchán ar siúl i gCoiste Idirthréimhseach ar a mbeidh ionadaithe ón Aontas agus ó na Stáit aontacha.

5. Ar thaobh an Aontais, is iad a bheidh ina gcomhaltaí den Choiste Eatramhach, comhaltaí de Choiste na mBuanionadaithe nó daoine a bheidh ainmnithe acu chuige sin. Iarrfar ar an gCoimisiún a bheith ionadaithe san obair sin.

6. Beidh rúnaíocht de chúnamh ag an gCoiste Eatramhach, arb éard é rúnaíocht na Comhdhála, arna coimeád ar bun chuige sin.

7. Cuirfear an comhairliúchán ar siúl de ghnáth a luaithe a bheidh an réamhobair arna seoladh ar leibhéal an Aontais d'fhonn go nglacfadh an Chomhairle cinntí tar éis treoirlínte comhchoiteanna a sholáthar chun gur féidir an comhairliúchán sin a shocrú go fóinteach.

8. Má tá deacrachtaí tromchúiseacha ann fós i ndiaidh an chomhairliúcháin, féadfar an cheist a thógáil ar leibhéal aireachta arna iarraidh sin do Stát aontach.

9. Beidh na forálacha sin thuas infheidhme, *mutatis mutandis,* ar chinntí Bhord Gobharnóirí an Banc Eorpach Infheistíochta.

10. Beidh an nós imeachta atá leagtha síos sna míreanna thuas infheidhme freisin ar aon chinneadh a ghlacfaidh na Stáit Aontacha agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na ceangaltais a leanann óna stádas mar chomhaltaí todhchaí den Aontas.

II.

1. Beidh an nós imeachta dá bhforáiltear faoi I infheidhme *mutatis mutandis* ar dhréachtchinntí ón gComhairle ag sainiú comhsheasamh de réir bhrí Airteagal J.2 den CAE nó ag glacadh comhghníomhaíochtaí de réir bhrí Airteagal J.3, faoi réir na bhforálacha seo a leanas.

2. Is ar an Uachtaránacht atá an cúram aird na Stát aontach a tharraingt ar na dréachtaí sin nuair a dhéanann Ballstát an togra nó scéala a eisiúint.

3. Amach ó agóid réasúnaithe ó Stát aontach, féadfar an comhairliúchán a chur ar siúl i bhfoirm teachtaireachtaí teileafacs a mhalartú.

4. Má chuirtear an comhairliúchán ar siúl sa Choiste Eatramhach, féadfaidh Comhaltaí an Choiste sin arb ionadaithe den Aontas iad bheith ina gComhaltaí den Choiste Polaitiúil, más iomchuí.

III.

1. Beidh an nós imeachta dá bhforáiltear faoi I infheidhme *mutatis mutandis* ar dhréachtchinntí ón gComhairle ag sainiú comhsheasamh nó ag glacadh comhghníomhaíochtaí de réir bhrí Airteagal K.3 de CAE agus freisin ag tarraingt suas coinbhinsiún dá bhforáiltear faoin Airteagal sin, faoi réir na bhforálacha seo a leanas.

2. Is ar an Uachtaránacht atá an cúram aird na Stát aontach a tharraingt ar na dréachtaí sin nuair a dhéanann Ballstát an togra nó scéala a eisiúint.

3. Má chuirtear an comhairliúchán ar siúl sa Choiste Eatramhach, féadfaidh Comhaltaí an Choiste sin arb ionadaithe den Aontas iad bheith ina gComhaltaí den Choiste dá dtagraítear in Airteagal K.4 de CAE, más iomchuí.

IV.

Glacfaidh Ríocht na hIorua, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhtharlaíonn a mhéad is féidir a n-aontachas leis na comhaontuithe agus coinbhinsiúin dá dtagraítear in Airteagail 4(2) agus 5(2) den Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí, agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Ionstraim sin, le teacht i bhfeidhm an Conradh Aontachais.

A mhéad nach bhfuil sna comhaontuithe nó coinbhinsiúin dá dtagraítear in Airteagal 3, sa dara habairt d'Airteagal 4(1) agus in Airteagal 4(2) ach dréachtaí, nach bhfuil siad sínithe fós agus gur dócha nach féidir iad a shíniú níos mó sa tréimhse roimh an aontachas, iarrfar ar na Stáit aontacha, i ndiaidh an Conradh Aontachais a shíniú agus i gcomhréir le nósanna imeachta iomchuí, a bheith comhlachaithe in ullmhú na ndréachtaí sin de mheon dearfach agus ar dhóigh a éascóidh a dtabhairt i gcrích.

V.

Maidir le Prótacail idirthréimhse agus oiriúnaithe a chaibidliú leis na tíortha comhchonarthacha dá dtagraítear in Airteagal 59, 76, 102 agus 128 den Ionstraim i dtaobh na gcoinníollacha aontachais, beidh ionadaithe na Stát aontach comhlachaithe san obair mar bhreathnadóirí in éineacht le hionadaithe na mBallstát láithreach.

Féadfaidh comhaontuithe áirithe neamhfhabhair arna dtabhairt i gcrích ag an gComhphobal, a fhanfaidh i bhfeidhm i ndiaidh an 1 Eanáir 1995, bheith ina n—ábhair oiriúnuithe nó coigeartuithe chun aird a thabhairt ar mhéadú an Aontais. Déanfaidh an Comhphobal na hoiriúnuithe nó coigeartuithe sin a chaibidliú i gcomhlachas le hionadaithe na mBallstát aontach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear sa mhír sin roimhe seo.

VI.

Tarraingeoidh na hinstitiúidí suas i dtráth cuí na téacsanna dá dtagraítear in Airteagal 170 den Ionstraim i dtaobh na gcoinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí.

MINUTES OF THE SIGNING

of the Treaty between the Kingdom of Belgium, the Kingdom of Denmark, the Federal Republic of Germany, the Hellenic Republic, the Kingdom of Spain, the French Republic, Ireland, the Italian Republic, the Grand-Duchy of Luxembourg, the Kingdom of the Netherlands, the Portuguese Republic, the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland (Member States of the European Union) and the Kingdom of Norway, the Republic of Austria, the Republic of Finland and the Kingdom of Sweden concerning the Accession of the Kingdom of Norway, the Republic of Austria, the Republic of Finland and the Kingdom of Sweden to the European Union

The Plenipotentiaries of the Kingdom of Belgium, the Kingdom of Denmark, the Federal Republic of Germany, the Hellenic Republic, the Kingdom of Spain, the French Republic, Ireland, the Italian Republic, the Grand-Duchy of Luxembourg, the Kingdom of the Netherlands, the Portuguese Republic and the United Kingdom of Great Britain and Nothern Ireland, Member States of the European Union, and the Plenipotentiaries of the Kingdom of Norway, the Republic of Austria, the Republic of Finland and the Kingdom of Sweden signed the Treaty concerning the Accession of the Kingdom of Norway, the Republic of Austria, the Republic of Finland and the Kingdom of Sweden to the European Union in Corfu on 24 June 1994.

On that occassion the Kingdom of Belgium made the following declaration:

'By signing this Treaty on behalf of the Kingdom of Belgium, both the Belgian federal authorities and the French-speaking Community, Flemish Community and German-speaking Community of Belgium, the Wallonian Region, the Flemish Region and the Brussels Region have entered into an undertaking at international level.'

The other States signatory to the Treaty of Accession made the following declaration:

'The other States signatory to the Treaty of Accession understand that the unilateral declaration by Belgium is an explanation of Belgian constitutional law, which cannot prejudice the fact that the Kingdom of Belgium alone is a Contracting Party to this Treaty and therefore alone responsible vis-à-vis *the other signatory States for fulfilling the obligations which it has assumed in this Treaty as a Member State of the European Union.'*

The Kingdom of Belgium confirmed that this was indeed the case.

These minutes will be published in the *Official Journal of the European Communities.*

Hecho en Bruselas, el veintiséis de julio de mil novecientos noventa y cuatro.

Udfærdiget i Bruxelles den seksogtyvende juli nitten hundrede og fireoghalvfems.

Geschehen zu Brüssel am sechsundzwanzigsten Juli neunzehnhundertvierundneunzig.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις είκοσι έξι Ιουλίου χίλια εννιακόσια ενενήντα τέσσερα.

Done at Brussels on the twenty-sixth day of July in the year one thousand nine hundred and ninety-four.

Fait à Bruxelles, le vingt-six juillet mil neuf cent quatre-vingt-quatorze.

Fatto a Bruxelles, addì ventisei luglio millenovecentonovantaquattro.

Gedaan te Brussel, de zesentwintigste juli negentienhonderd vierennegentig.

Feito em Bruxelas, em vinte e seis de Julho de mil novecentos e noventa e quatro.

En nombre de los Presidentes de las Conferencias sobre la adhesión de Noruega, Austria, Finlandia y Suecia a la Unión Europea

På vegne at formændene for konferencerne om Norges, Østrigs, Finlands og Sveriges tiltrædelse af Den Europæiske Union

Im Namen der Präsidenten der Konferenzen über den Beitritt Norwegens, Österreichs, Finnlands und Schwedens zur Europäischen Union

Εξ ονόματος των Προέδρων της Διάσκεψης Προσχώρησης της Νορβηγίας, της Αυστρίας, της Φινλανδίας και της Σουηδίας στην Ευρωπαϊκή Ένωση

On behalf of the Chairmen of the Conferences on the Accession of Norway, Austria, Finland and Sweden to the European Union

Au nom des présidents des conférences sur l'adhésion de la Norvège, de l'Autriche, de la Finlande et de la Suède à l'Union européenne

A nome dei presidenti delle Conferenze sull'adesione della Norvegia, dell'Austria, della Finlandia e della Svezia all'Unione europea

Namens de Voorzitters van de Conferenties over de toetreding van Noorwegen, Oostenrijk, Finland en Zweden tot de Europese Unie

Em nome dos Presidentes das Conferências sobre a Adesão da Noruega, da Áustria, da Finlândia e da Suécia à União Europeia



El Secretario General del Consejo de la Unión Europea

Generalsekretæren for Rådet for Den Europæiske Union

Der Generalsekretär des Rates der Europäischen Union

Ο Γενικός Γραμματέας του Συμβουλίου της Ευρωπαϊκής Ένωσης

The Secretary-General of the Council of the European Union

Le secrétaire général du Conseil de l'Union européenne

Il Segretario generale del Consiglio dell'Unione europea

De Secretaris-Generaal van de Raad van de Europese Unie

O Secretário-Geral do Conselho da União Europeia